

**Bua stairiúil ag McDowell** L. 32



**Is maith an t-anlann an t-ocras** L. 16



**John Allen** L. 30

**An Cat Crainn** L. 20





**Corn an Domhain** L. 29

ISSN 2009-3055

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

25.06.2010

€1.65 (£1.50)
Uimh. 14

## Ní féidir brath ar an mbáisteach

Le Treasa Bhreathnach

Tá srianta ar úsáid uisce i bhfeidhm in Inis Oírr agus in Inis Mór le seachtain anuas óna 8i.n. go dtí an 8r.n. ar maidin agus ón 2i.n. go dtí an 4i.n. ar Inis Oírr agus an 6i.n. ar Inis Mór.

*Ar lean ar leathanach 21*

# An Taisce ina dheachtóireacht?

Le Treasa Bhreathnach

D'FHÓGAIR an tAire Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil John Gormley an tseachtain seo go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar 6 cinn d'údaráis áitiúla na tíre. Is iad sin Gaillimh, Corcaigh, an Mhí, Ceatharlach agus dhá údarás áitiúla cathrach i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Roghnaíodh na sé údarás seo mar gurb iad na húdaráis leis an méid is mó fadhbanna iad dar leis an Roinn, agus mar go nglacann siad nach mbeadh siad in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an 34 údarás áitiúil atá sa tír. Tá an t-athbhreithniú seo le déanamh i gcomhthéacs an bhille pleanála úir de chuid an

*Ar lean ar leathanach 2*

## Lean den Cheol

GRIANGHRAF: LEON FARRELL, PHOTOCALL IRELAND.



Aoise O' Dwyer, múinteoir ceoil, le Rebecca O' Farrell (9), Kayleigh Maguire (8),Paul Heffernan(10), Chinguun Khongar (10), Paula Lontras (11), agus Anna Donnelly Jackson (12) á tionlacan. Bhí siad ag tarraingt airde ar an gclár Samhraidh i mBarra an Teampall, an 'Cultural Club for Kids'. Tá ballraíocht saor in aisce agus tarlaíonn sé gach Déardaoin le linn mhí Iúil & Lúnasa. Breis eolais ag (01) 6772255.

**IDIRNÁISIÚNTA**

### Timpiste thraenach sa Chatalóin

MARAÍODH dáréag oíche Dé Céadaoin i dtimpiste thraenach in Barcelona. Bhuail an traein iad gar do Castelldefels Playa. Daoine óga a bhí i bhformhór díobh siúd a maraíodh. Gortaíodh ceathrar déag eile. Tharla an timpiste thart ar a 11.00i.n., le linn cheiliúradh San Juan, go gairid i ndiaidh do 30 duine teacht de thraein áitiúil agus siúl trasna an iarnróid i dtreo na trá.

### Póilíní na Síne i ndiaidh deichniúr a ghabháil

TÁ póilíní sa tSín i ndiaidh os cionn deichniúir a ghabháil a bhí ag pleanáil ionsaithe in Xinjiang anuraidh dar leo. Cuireadh ina leith go rabhadar ag ullmhú le hionsaithe a dhéanamh le linn easaontais idir Uighurs agus Sínigh Han, agus gur 'breacairí' a bhí iontu. Deir Wu Heping, urlabhraí thar ceann Aireacht Slándála Poiblí na Síne, go raibh naisc ag na daoine seo le heagraíocht sceimhlitheoireachta a bhfuil cosc curtha uirthi, Gluaiseacht Ioslamach Oirthear Thurcastáin.

| | |
|---|---|
| RÉIGIÚNACH | 8 |
| TUAIRIMÍ | 12 |
| CÚRSAI SAOIL | 16 |
| GNÓ | 18 |
| COMHSHAOL | 20 |
| BEATHA | 22 |
| OIDEACHAS | 26 |
| MIONFHÓGRAÍ | 28 |
| SPÓRT | 29 |

# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

## An bhfuil éinne ag déanamh scrúdú ar An Taisce?

*ar lean ó leathanach a haon*

Chomhaontais Ghlais, atáthar ag siúl a bheidh achtaithe roimh dheireadh an tsamhraidh. Dúirt an tAire Gormley an tseachtain seo go bhfuair a Roinn 80,000 gearán, iarratas agus léiriú maidir le ceisteanna éagsúla pleanála ó phobal na tíre, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus An Taisce anuraidh.

I bhfiosrúcháin de chuid an Curadh Connachtach (Connacht Tribune) a foilsíodh inné, cuireadh an cheist faoin bhfáth a bhfuil an oiread cumhachta ag eagraíocht charthanach cosúil le An Taisce, nach bhfuil faoi chúram an Stáit. Tá ar rialtais áitiúla atreorú do An Taisce i gcásanna áirithe d'iarratais phleanála agus tá ionadaí ó An Taisce ar an gcoiste a roghnaíonn cathaoirleach An Bord Pleanála.

Is eagraíocht iad atá glan i gcoinne tithíocht 'aonarach'.

Déanann An Taisce iarratas i leith timpeall 3,000 iarratas pleanála gach bliain agus astu seo déanann siad 300 a achomharc chuig an mBord Pleanála.

Tá sé curtha i leith An Taisce leis na blianta go bhfuil rúndacht ag baint le baill na heagraíochta agus nach bhfuil siad fabhrach do chineálacha áirithe daoine a bheith mar bhaill.

San fhiosrúchán de chuid an Curadh Connachtach tá sé faighte amach acu go bhfuil formhór bhaill na Comhdhála Náisiúnta lonnaithe timpeall ar cheantar Laighean agus Bhaile Átha Cliath.

Ní raibh maoiniú Stáit ar fáil do An Taisce le linn thréimhse Aireacht Timpeallachta Dick Roche agus dúirt sé ag an am go raibh cosúlacht "deachtóireachta" ar an eagraíocht.

Is é aidhm an athbhreithnithe seo ná díriú ar an chaoi a bhfuil reachtaíocht pleanála, polasaithe an Rialtas agus treoirlínte curtha i bhfeidhm agus a fháil amach an bhfuil na huirlisí ag na húdaráis áitiúla chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

Beidh siad ag breathnú ar chriosú, scála agus airde roinnt foirgneamh, agus beidh sé i gceist go bhfreagróidh na rialtais áitiúla gearáin agus líomhaintí áirithe.

Tá ceithre seachtaine ag na húdaráis áitiúla chun eolas a chur ar fáil faoina gcóras pleanála. Síleann urlabhraí timpeallachta Pháirtí an Lucht Oibre Joanna Tuffy "níl an t-athbhreithniú follasach go leor," agus níl a fhios aici cén aidhm atá le hathbhreithniú den chineál seo.

**Gaelscéal**

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Meadhbh Ní Eadhra**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

## Cuas an Ghainimh na Gréine

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND



**Cliona Fair (15 mí) as Cnoc Lí, ag baint sult as an aimsir bhreá ag Cuas an Ghainimh i mBaile Átha Cliath i rith na seachtaine.**

## Fás eacnamaíochta tuartha

BEIDH Éire chun tosaigh ó thaobh fás eacnamaíochta de an bhliain seo chugainn de réir Réamhaisnéis Eurozone ráithiúil a d'fhoilsigh Ernst & Young inné.

Dar leis an tuairisc beidh an ráta téarnaimh is fearr ag Éirinn i measc bhaill an Eurozone i 2011. Éireoidh le hÉirinn an dara háit a fháil ag 2.8% in ionad an 15ú háit atá againn faoi láthair i dtéarmaí na hOlltáirgeachte Intíre (OTI), de réir na réamhaisnéise.

Laghdaíodh rátaí boilscithe de 1.7% in 2009 agus beifear ag súil le laghdaithe breis agus 1% i mbliana.

Ó thaobh dífhostaíochta áfach, ní bheidh feabhas ag teacht ar na rátaí fostaíochta, atá ag 12.6% faoi láthair, go dtí 2014.

Tugtar rabhadh d'Éirinn nach mbeidh poist bhreise le fáil mar thoradh ar aon téarnamh geilleagrach.

## Ní bheidh Buiséad Éigeandála ann

TÁ sé fógartha ag an Aire Airgeadais Brian Lenihan nach mbeidh Buiséad Éigeandála breise ann i mbliana. Dúirt an tAire é seo mar fhreagairt ar cheisteanna ó pháirtithe an fhreasúra sa Dáil inné.

Níl dáta ar leith socraithe go fóill do Bhuiséad 2011 ach beidh sé ar siúl am éigin go luath i mí na Nollag. Dúirt an tAire Lenihan freisin nach bhfuil cinneadh déanta ag an rialtas go fóill cathain a mbeidh an Dáil ag atosú arís i ndiaidh bhriseadh an tsamhraidh, a bheidh ag tosú go luath i mí Iúil agus ag leanúint ar aghaidh go mí Mheán Fómhair ar a laghad.

## An saol sóisialta i gceantair iargúlta i mbaol?

**Le Sophie Gahan**

LAGHDAÍODH an teorainn maidir le hól agus tiomáint ó 80mg go 50mg i ndiaidh vóta sa Dáil oíche Dé Céadaoin. Go bunúsach, pionta amháin nó gloine fíona amháin atá i gceist leis sin.

Má fhaightear greim ar dhuine a bhfuil idir 50 mg agus 80 mg ina cholainn aige, ní cosc ar thiomáint a bheidh mar thoradh ar bhriseadh an dlí seo ach gheobhfar 3 phointe pionóis ar an cheadúnas tiomána ar feadh tréimhse trí bliana. Gearrfar fíneál €200 ort chomh maith.

20 mg an teorainn a bheidh leagtha ar thiománaithe proifisiúnta is foghlaimeoirí.

Má fhaightear thar 80mg thú, gearrfar cosc tiomána ort ar feadh bliana mar phionós.

Tá Cónaidhm na bhFíoncheannaithe go hiomlán i gcoinne an phíosa reachtaíochta seo áfach, ag rá go bhfuil an rialtas ag "scriosadh gnó tithe tábhairne timpeall na tíre." De réir Gerry Mellet, uachtarán Chónaidhm na bhFíoncheannaithe "tá breis is 1,500 tigh tábhairne tar éis dúnadh le cúig bliana anuas. Mar thoradh ar an phíosa reachtaíochta seo táimid ag coinne le dúnadh 1,500 tigh tábhairne eile is 10,000 post a bheith caillte dá bharr."

"Is trua go bhfuil an bóthar sin glactha ag an rialtas" arsa Fergus Ó Flathbheartaigh, bainisteoir Thigh Uí Fhlaithbheartaigh, Sráid an Droichid sa Daingean. "Bhí an 80 mg a bhí ann cheana ró-íseal fiú. Daoine faoin tuath beidh orthu fanacht sa bhaile, ní bheidh aon rogha eile acu". De réir Fergus bhí feachtas ar bun dhá bhliain ó shin chun busanna poiblí a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an fhadhb seo ach "níor éirigh leo iad a chur ar bun sa Daingean." "D'aontaigh na tábhairneoirí uilig sna bailte faoin tuath le Cónaidhm na bhFíoncheannaithe" arsa Fergus.

De réir Sharon Nee, bainisteoir Óstán Zetland ar an gCaiseal, Conamara "bíonn foirne an óstáin ag tabhairt síob abhaile do chustaiméirí an tí tábhairne agus bíonn ar ghaolta leo teacht isteach chun iad a bhailiú toisc nach bhfuil córas tacsaithe ceart sa cheantar." Aontaíonn Sharon ar an iomlán go mbeidh laghdú gnó sa cheantar de bharr an dlí: "mar is eol dúinn ní féidir le daoine Éireannacha dul amach agus deoch amháin bheith acu. Tá 80 mg go huafásach fiú, tá leath den cheantar seo imithe ar imirce de bharr easpa gnó sa cheantar le blianta beaga anuas".

Dar le Val Hanley, Iar-Uachtarán an VFI, "cuireann an Bille nua seo isteach orainn ar fad mar fhíoncheannaithe go háirithe iad siúd atá i gceantracha Gaeltachta nó tuaithe. Níl áiseanna taistil ná bonneagar sna ceantair sin faoi mar atá i mBaile Átha Cliath nó i gCorcaigh nó i Luimneach."

De réir Tommy Broughan, urlabhraí iompair do pháirtí an Lucht Oibre, "Cailleadh breis is 20,000 duine ar bhóithre na hÉireann ó 1960. Is de bharr a bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil a tharla 40% de na básanna sin."

# Banríon Shasana ar cuairt go hÉirinn

**Le Treasa Bhreathnach**

DÚIRT an Taoiseach Brian Cowan an tseachtain seo go bhfuil gach seans ann go dtabharfaidh an Bhanríon Elizabeth II, Banríon Shasana, cuairt ar Éirinn roimh dheireadh na bliana seo chugainn. Agus é ag caint tar éis cruinniú le Príomh-Aire Shasana David Cameron dúirt sé go bhfuil an próiseas eagraithe don chuairt tosaithe cheana féin. Is le linn thréimhse Uachtaránachta Mháire Mhic Giolla Íosa a bheadh sé i gceist an chuairt seo a shocrú agus deir an tUachtarán féin go bhfuil sí ag súil le cuairt na Banríona. Má thugann sí cuairt orainn is é seo an chéad uair a bheidh Rí nó Banríon na Ríochta Aontaithe ag tabhairt cuairte ar Éirinn ó 1921.

Dar le Caoimhín Ó Caoláin, ceannaire Shinn Féin sa Dáil, áfach, "tá sé go hiomlán míghlactha go bhfuil an Taoiseach ag cur fáilte roimh Bhanríon Shasana go hÉirinn, Ardcheannasaí Arm na Breataine, ar láimh amháin agus ar an láimh eile é ag diúltú brú a chur ar Phríomh-Aire na Breataine agus ar Rialtas na Breataine maidir le ceist na claonpháirtíochta."

## Bás Dermot Earley i ndiaidh tinnis fada

PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.



Bhí an-bhrón ar dhaoine ar fud na hÉireann nuair a fógraíodh go bhfuair Dermot Earley bás Dé Céadaoin. Bhí Dermot Earley ar dhuine de na himreoirí peile is fearr sa tír nuair a d'imir sé do Ros Comain ó 1965 - 85 agus bhí sé ina bhainisteoir ar fhoireann peile Ros Comáin níos déanaí freisin. Saighdiúir a bhí ann a bhí ar dhualgas leis an arm ó 1965 go dtí an bhliain seo caite. Sa bhliain 2004 ceaopadh ina Cheann Foirne ar Arm na hÉireann é. Ní raibh Dermot ach 62 bliain d'aois.

# 'Cá bhfuil ár scoil?' Deireadh le pleananna tógála Scoil na Fuiseoige

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

TUIGTEAR d'fhoireann agus do thuismitheoirí Scoil na Fuiseoige, Gaelscoil ar imeall Bhéal Feirste, nach mbeidh foirgneamh nua á thógáil don scoil, in ainneoin go bhfuil siad ar Chlár Tógála na Roinne Oideachais le trí bliana déag anuas. Beidh agóid ar siúl ag lucht na scoile Dé Luain ag a 11.00r.n. lasmuigh de Stormont. Táthar ag iarraidh ar gach éinne tacú leo agus iad ag lorg an scoil nua a geallad dóibh. Sa bhliain 2005, dúradh le foireann na scoile go raibh siad ar an liosta de scoileanna a bheadh ag fáil foirgneamh nua, agus mar sin thosaigh siad ag pleanáil agus ag ullmhú don scoil nua. Faoi láthair, tá foirgneamh na scoile ag lobhadh agus tá fadhbanna leis an díon agus leis na hurláir.

Dar Éilís Uí Néill, Príomhoide na scoile, go rabhadar ag fanacht go foighneach leis an athbhreithniú ar scéim thógála na Roinne Oideachais agus go rabhadar ag súil go mbeadh Scoil na Fuiseoige ar bharr an liosta.

"Dúradh linn go neamhoifigiúil Dé Máirt nach mbeidh muid ar an liosta," ar sí. "Bhí Caitríona Ruane le ráiteas a thabhairt an mhaidin sin maidir leis an athbhreithniú ar scéimeanna tógála, ach bhí sí déanach ag dul go Stormont agus mar sin beidh sí ag tabhairt an ráitis Dé Máirt seo chugainn. Táimid ag iarraidh a bheith dóchasach go mbeidh muid ar an liosta a fhógrófar Dé Máirt, ach ní dóigh linn go mbeidh muid. Tá díomá an domhain orainn."

Deir sí go bhfuil bealaí eile le maoiniú a fháil seachas ón gClár Tógála a bhfuil siad féin páirteach ann, ach nár ghlac siad páirt i scéimeanna eile ar nós Scéim LUAS, mar go rabhadar den bharúil go n-éireodh leo maoiniú tógála a fháil ón gClár.

Tá an-chuid den locht maidir leis seo ar an Roinn Oideachais, dar le Uí Néill.

"Ní dhearna an Roinn a dóthain chun a chinntiú go mbeadh an scoil seo agus scoileanna eile tógtha," ar sí. "Is iad an Roinn Oideachais a chuir ar an liosta muid don scéim seo. Bhí moill i ndiaidh moille ann, bac i ndiaidh baic, athbhreithniú i ndiaidh athbhreithnithe. Tá sé ráite linn anois gur de bharr easpa airgid nach mbeidh ár scoil tógtha."

Deir an tAire Oideachais ó thuaidh, Caitríona Ruane, gur scoil iontach í Scoil na Fuiseoige atá ag feidhmiú i gceantar faoi mhíbhuntáiste.

"Tá ag éirí go hiontach leis an scoil," ar sí. "Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall lena chinntiú go mbeidh foirgneamh ceart ag an scoil seo agus scoileanna eile sa Tuaisceart. Tá maoiniú tuillte ag gach scoil ar mo liosta ach táim ag plé le stair fhada d'fhailí agus tá sé deacair cothrom na Féinne a thabhairt dóibh go léir."

Mar sin, is léir go bhfuil cúrsaí airgeadais ag cur baic ar thógáil scoileanna ó thuaidh agus beidh le feiceáil céard a tharlóidh i ndiaidh ráiteas an Aire Oideachais Dé Máirt.

**NUACHT IDIRNÁISIÚNTA**

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Iosrael ag sárú dlíthe idirnáisiúnta: NA

DEIR Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go bhfuil pleananna Iosrael chun tithe Palaistíneacha in Silwan in Iarúsailéim a scriosadh, 'in aghaidh dlíthe idirnáisiúnta'. Tá Iosrael ag iarraidh ionad turasóireachta a thógáil in áit na dtithe. Al-Bustan an t-ainm atá ar an suíomh ina bhfuil na tithe lonnaithe, agus tá sé mar chuid de phobal níos leithne ina bhfuil 50,000 Palaistíneach ina gcónaí. Cháin Roinn Stáit na Stát Aontaithe cinneadh Iosrael freisin, ag rá go gcuireann sé bac ar chainteanna síochána idir Iosrael agus an Phalaistín. (MNíE)

# Amach le McChrystal agus isteach le Petraeus

IS é an Ginearál David Petraeus an ceannaire nua ar fhórsaí na Stát Aontaithe agus NATO san Afganastáin. Roghnaigh Uachtarán Mheiriceá Barack Obama an Ginearál David Petraeus chun áit Stanley McChrystal a ghlacadh mar cheannasaí Dé Céadaoin. Tá dúshláin mhóra os comhair Petraeus maidir leis an gcoimhlint san Afganastáin ach creideann rialtas Mheiriceá go mbeidh an taithí atá ag Petraeus ón gCogadh san Iaráic úsáideach agus é ag tabhairt faoin cheannaireacht nua. Bhí ról tábhachtach aige sa pholasaí frith-cheannairceach a d'úsáid McChrystal le linn a réime. Tá caidreamh maith oibre cothaithe ag Petraeus le hUachtarán na hAf-



ganastáine le dhá bhliain anuas agus é ag obair leis an Ordú Lárnach (Central Command). Tá caidreamh láidir aige freisin leis an Teach Bán agus bhí sé páirteach in athbhreithnithe ar pholasaithe faoin Afganastáin, faoin Iaráic agus faoin Iaráin. Tuigtear go bhfuil aithne aige ar Uachtarán Mheiriceá agus go bhfuil caidreamh maith acu lena chéile, rud nach raibh ag McChrystal leis. (MNíE)

# Sléacht Bhaile Uí Mhurchú

Tá gaolta an 11 duine a maraíodh trí lá i Mí Lúnasa 1971 in eastát Bhaile Uí Mhurchú i mBéal Feirste ag iarraidh leithscéil ó rialtas na Breataine, mar a fuair gaolta na ndaoine a maraíodh Domhnach na Fola.

**le hAnton Mac Cába**

BA é Reisimint na bParatrúpaí a scaoil sa dá chás. Tharla Sléacht Bhaile Uí Mhurchú cúig mhí roimh Dhomhnach na Fola. I measc na marbh bhí sagart Caitliceach, an tAthair Hugh Mullan. Bhí seisean ar dhuine den bheirt sagart a maraíodh le linn na dTrioblóidí ar fad.

Maraíodh an deichniúr eile idir an 9ú Lúnasa 1971 agus an 11ú. Ba ionann líon na marbh agus 10% d'iomlán na ndaoine a bhí maraithe sa Tuaisceart go dtí sin. Maidin an 9ú Lúnasa cuireadh an t-imtheorannú i bhfeidhm agus gabhadh 300 sibhialtach ar fud an Tuaiscirt.

Chuaigh saighdiúirí isteach i mBaile Uí Mhurchú. Rinne an dá eite den IRA (Sealadach agus Oifigiúil) agus sibhialtaigh araon ionsaí orthu. Ach níor gortaíodh nó níor maraíodh saighdiúir ar bith. De réir doiciméad comhaimseartha de chuid Arm na Breataine a fuair an *Ballymurphy Massacre Committee* bhí an t-arm le 'shock and awe' a chur ar mhuintir Bhaile Uí Mhurchú.

Bhí saighdiúirí ag scaoileadh ó árasáin in eastát Springmartin, agus ón bhunáit s'acu. Bhí Dílseoirí ag scaoileadh ó Springmartin leis.

Ba é an tAthair Mullan an chéad duine a maraíodh. Gortaíodh fear a bhí ar a theitheadh trí pháirc ar imeall an eastáit. Chuaigh an tAthair Mullan amach chun cuidiú leis an fhear gortaithe, ceirt bhán ina láimh aige. Scaoileadh é. Nuair a chroith sé an cheirt scaoileadh an dara huair é. Ansin, scaoileadh arís é agus é ar an talamh.

Chuaigh Frank Quinn, fear pósta 19 bliain d'aois, amach chun cuidiú leis an sagart agus leis an fhear eile. Scaoileadh eisean chomh maith. Chaith an triúr seal fada ina luí sa pháirc, an sagart agus Quinn ag saothrú an bháis. Mhair an fear a bhí gortaithe.

Ní hionann agus na daoine a maraíodh Domhnach na Fola, is daoine meánaosta ba mhó a maraíodh. Ní raibh ach triúr den duine dhéag faoi 25. Fágadh 46 páiste gan tuismitheoir.

Bhí Joan Connolly, go raibh ochtar clainne uirthi, 50 bliain d'aois. Bhí sí ar an duine ba shine agus ar an aon bhean a maraíodh. Bhí iníon léi pósta ar shaighdiúir in Arm na Breataine.

Tá gaolta na marbh anois ar lorg na fírinne. Dúirt Carmel Quinn nach bhfuil a fhios ag an teaghlach s'aici cén dóigh ná cá háit ar maraíodh John Laverty, an deartháir s'aici. Fuarthas an corp ag barr Bhóthar na Carraige Báine. Ar feadh 27 bliain bhí an teaghlach den bharúil gur urchar sa droim a mharaigh ar an toirt é. Ansin, i 1998, thosaigh siad ag fiosrú an scéil. In Oifig na dTaifead Poiblí (*Public Records Office*) tháinig siad ar thuarascáil an scrúdú iarbháis. "Fuair muid amach gur scaoileadh sa droim é, ansin sa chois," ar sise. "Bhí sé ag cur fola go dtí go bhfuair sé bás."

Dúirt sí go bhfuil na gaolta ag éileamh go ndéanfar fiosrúchán idirnáisiúnta ar an rud a tharla, chomh maith le leithscéal ón rialtas. "Níl Saville eile de dhíth orainn," ar sise. "Rinne rialtas na Breataine a dhícheall le cosc a chur le sceitheadh eolais ar bith."

Creideann sí go raibh Sléacht Bhaile Uí Mhurchú agus Domhnach na Fola mar chuid den straitéis chéanna. "Tharla sé seo thar thrí lá i mBaile Uí Mhurchú," ar sise. "Caithfidh gur tugadh orduithe. Thiocfadh dó nach dtarlódh Domhnach na Fola dá mbeadh fiosrúchán ceart déanta ar na básanna."

Tá an *Ballymurphy Massacre Committee* i ndiaidh bualadh le polaiteoirí de gach saghas, agus leis an Stát-Rúnaí. Tá Carmel Quinn iontach sásta le rialtas na hÉireann, agus leis an Eaglais.

Níl gach páirtí báúil áfach. Dar le Terry Williams ón TUV (Guth Traidisiúnta Aontachtach) gur cleas é éileamh an Choiste le bonn cirt a chur faoi fheachtas an IRA.




**Gaolta na ndaoine a scaoileadh chun bás i mBaile Uí Mhurchú i mí Lúnasa, 1971 faoi mhúrpictiúir ag éileamh na fírinne.** PIC. LE JONATHAN PORTER/PRESSEYE.COM.

# Impleachtaí don Tuaisceart i gcáinaisnéis éigeandála na Breataine

**le hAnton Mac Cába**

TÁ impleachtaí polaitiúla don Tuaisceart sa cháinaisnéis éigeandála a d'fhógair George Osborne, Stát-Chisteoir na Breataine, Dé Máirt.

Tá ciorruithe 25% le déanamh ar chaiteachas rannóga rialtais faoi 2014-5. Beidh calcadh pá trí bliana sa tseirbhís phoiblí do dhaoine atá ag fáil thar £21,000 (€25,516). Don mhuintir faoin leibhéal sin, beidh ardú pá £250 (€303.74) gach bliain.

Ó thaobh leasa shóisialaigh de, beidh athbhreithniú ar an dóigh le haois an phinsin a ardú go 66. Ní tharlóidh calcadh roimh 2016 i gcás fear agus roimh 2020 i gcás ban. Beidh calcadh trí bliana ar shochar linbh. Beidh uas-teorainn £100 (€121.59) sa tseachtain ar shochar cóiríochta. Chomh maith, d'fhógair Osborne méadú ó 17.5% go 20% ar an cháin bhreisluacha.

Tá ciorruithe sa tseirbhís phoiblí tábhachtach ach go háirithe don Tuaisceart, mar a bhfuil 32% d'iomlán na ndaoine atá ag obair fostaithe san earnáil phoiblí, sin 220,000 duine. Is ionann an earnáil phoiblí agus 77.6% d'olltáirgeacht náisiúnta an Tuaiscirt.

Cuireann an cháinaisnéis táillí uisce ar ais ar an chlár polaitiúil. Fógraíodh in 2003 go raibh siad seo le tabhairt isteach, ach cuireadh ar ceal ó shin iad. Bhí feachtas ina n-éadan, agus dhiúltaigh na páirtithe polaitiúla dóibh. Má thugtar isteach iad, is é rannóg Conor Murphy (Aire Forbartha Réigiúnda) a bheidh freagrach.

Is aire de chuid Shinn Féin é Murphy, agus táthar den bharúil gurb é a bheas ina cheannaire ar an pháirtí nuair a imeoidh Gerry Adams. Dá rachadh sé ar aghaidh lena leithéid de cháin, an ndéanfadh sin dochar dó agus dá pháirtí? Nó an gcloífidh Sinn Féin le polasaí s'acu, diúltú do cháin uisce? Tá sé mar pholasaí ag na ceithre pháirtí eile sa bhFeidhmeannas diúltú don cháin chéanna.

**Dá rachadh sé ar aghaidh lena leithéid de cháin, an ndéanfadh sin dochar dó agus dá pháirtí? Nó an gcloífidh Sinn Féin le polasaí s'acu, diúltú do cháin uisce?**

Ní fios na ciorruithe go díreach ó thuaidh go dtí mí Dheireadh Fómhair nuair a fhoilseofar an tAthbhreithniú Cuimsitheach um Chaiteachas (Comprehensive Spending Review) don Tuaisceart. Agus é ag labhairt i Westminster, rinne Sammy Wilson, Aire Airgeadais an Tuaiscirt, gearán: "Dúradh linn go mbeidh ciorrú 25% ar theorainneacha caiteachais rannóga thar na ceithre bliana atá amach romhainn, ach nach gcuirfear i bhfeidhm go cothrom é, agus go mbuailfear roinnt rannóga agus earnálacha de chaiteachas an Rialtais níos troime ná cinn eile."

Is cinnte go bhfuil seasamh Wilson taobh istigh den bhFeidhmeannas neartaithe ag na ciorruithe seo, agus é ag déileáil le hairí eile, go háirithe le hairí ó rannóga mar a bhfuil buiséad mór.

Beart eile atá ar aimhleas an Tuaiscirt ná gur fógraíodh athbhreithniú ar shochar míchumais (disability living allowance) faoi 2013. Fógraíodh tástálacha níos déine fána choinne. Is ó thuaidh atá an ráta is airde daoine atá i muinín an tsochair seo sa Ríocht Aontaithe.

I mí Eanáir tá cáin bhreisluacha le hardú ó 17.5% go 20%. Fágfaidh sin an ráta beagnach chomh hard leis an ráta 21% ó dheas.

Beidh sin ina bhuille do bhailte cois teorann, atá go mór i muinín tomhaltóirí ón Deisceart; agus ina chuidiú do bhailte ar an taobh ó dheas. Dúirt Gordon Fleming, gur leis ollmhargadh ar Bhaile Mhuineacháin, gur nuacht mhaith é: "Cuideoidh sé leis an ghnó. Ní hamháin go mbeidh daoine ag teacht aduaidh, ach beidh daoine anseo ag fanacht sa bhaile le siopadóireacht a dhéanamh. Nílimid ag troid in éadan an chórais chánach níos mó."

# Aighneas idir an Ungáir agus an tSlóvaic

De réir dlí nua, beidh cead ag Ungáirigh ón iasacht saoránacht a iarraidh ar Bhúdaipeist. Cén dearcadh atá ag na comharsana ar an scéal?

Le Diarmuid Johnson

TÁ aighneas idir an Ungáir agus an tSlóvaic arís. Is iad lucht labhartha na hUngáirise san iasacht is cúis leis. I dtús na míosa seo, shínigh rialtas FIDESZ (Comhlathas na nDaonlathach Óg) faoi cheannas Viktor Orbán dlí i mBúdaipeist a thabharfas cead do bhunadh na hUngáire i dtíortha eile cur isteach ar shaoránacht a dtíre dúchais. Vótáil 344 teachtaí ar son an bhille. Ní raibh ina aghaidh ach triúr.

Ó 2011 ar aghaidh más ea beidh fáilte roimh iarratas ar shaoránacht ó lucht labhartha na hUngáirise ón Rómáin (1.5 milliún), ón tSlóvaic (0.6 milliún), ón tSeirbia (286,000), ón Úcráin (156,000), ón gCróit (12,000), agus ón Ostair (40,000). Mar seo a leanas na coinníollacha: na hiarrthóirí a bheith glan ó choir, an Ungáiris a bheith ar a dtoil acu, cruthúnas a bheith acu gur de bhunadh na hUngáire iad. Ar an taobh eile den scéal, ní bheidh cead vótála ag na saoránaigh nua san Ungáir mura mbeidh áit chónaithe i stát na hUngáire acu. Ní bheidh siad i dteideal liúntais leasa shóisialaigh ach an oiread.

Cé mar a tharla suas le 3.5 milliún de lucht labhartha na hUngáirise san iasacht? Tá préamh an scéil go domhain i stair na fichiú haoise. Roimh an gcéad chogadh domhanda, bhí an Ungáir ar cheann de thíortha cumhachtacha na hEorpa. Ach ar 4ú Meitheamh 1920, faoi chonradh Triannon, baineadh 70% dá cuid críocha di. Tá olc ar rialtas na Slóvaice de dheasca an dlí nua. Rith rialtas Robert Fico frith-dhlí láithreach bonn. Dá réir seo, bainfear saoránacht na Slóvaice d'Ungáireach ar bith a iarrfas pas ar Bhúdaipeist. Má iarrann siad saoránacht na hUngáire, ní ligfear dóibh obair i státchóras na Slóvaice. Má tá siad ag obair sa státchóras cheana féin, brisfear as a gcuid postanna iad. Má chuireann siad isteach ar shaoránacht na hUngáire gan é sin a chur in iúl don tSlóvaic an lá a dhéantar an t-iarrtas, gearrfar fíneáil €3,319 orthu.

Cén fáth ar chuir an Ungáir an dlí nua seo i bhfeidhm i mbliana? Is dócha go bhfuil cúpla cúis leis. Is i mbliana a comóradh 90 bliain ó síniodh chonradh Triannon. Seo é an chéad chomóradh mór ar an lá míchinniúnach sin i stair na hUngáire ó glacadh léi in 2004 san Aontas Eorapach. Roimhe sin, nuair nár bhaill den Aontas an tSlóvaic ná an Rómáin ach oiread, is dúshlán mór d'fhlaithiúnas na gcomharsana a bheadh i ndlí dá leithéid. Ach ó tharla tíortha an réigiúin ina mbaill den Aontas feasta, tá cead taistil ó thír go tír ann ar aon nós, agus cead oibre sna baillstáit ar fad ag saoránaigh an Aontais.

**Ó 2011 más ea beidh fáilte roimh iarratas ar shaoránacht ó lucht labhartha na hUngáirise ón Rómáin (1.5 milliún), ón tSlóvaic (0.6 milliún), ón tSeirbia (286,000), ón Úcráin (156,000), ón Chróit (12,000), agus ón Ostair (40,000).**

Tharlódh cúis eile a bheith leis. Tá forás ar an eite is faide ar dheis i bpolaitíocht na hUngáire. Jobbik is ainm don pháirtí fornáisiúnach. Tá 15% de vóta na tíre ag Jobbik faoi láthair. Ceann de na bunchuspóirí atá acu ná athaontú na Sean-Ungáire. Séanann siad Conradh Triannon. Agus tá gliondar orthu faoin dlí conspóideach atá tugtha isteach ag rialtas Orbán. "Ó rinneadh ball den Aontas Eorpach dínn in 2004, is dona mar atá ag éirí linn ó thaobh na heacnamaíochta de, ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh na déimeagrafaíochta de," arsa Zsolt Varkonyi, ceannasaí toghchánaíochta Jobbit. "Is i seilbh stráinséirí atá cuid mhór d'eacnamaíocht na tíre agus den chóras baincéireachta chomh maith," arsa sé ag labhairt dó leis na meáin le deireanas.

Ní faoiseamh do sheantíortha an Aontais caint dá leithéid. D'éirigh leis an bhFrainc agus leis an nGearmáin deireadh a chur leis an sean-naimhdeas a bhí eatarthu ar mhaithe le síocháin agus le seasmhacht, ach is cosúil go bhfuil créachta an dá chogadh gan leigheas go fóill i mBúdaipeist agus sa Bhratasláiv.

Ní dóigh leis an saineolaí polaitíochta Zoltan Bécsi áfach go rachaidh an fhadhb in ainseal sa réigiún. "Is í an tSlóvaic an t-aon tír a bhfuil fearg uirthi mar gheall ar an dlí nua seo," arsa sé ag labhairt dó leis an Tribune de Genève i ndeireadh Bealtaine. "Tá sé ráite go soiléir ag an Rómáin nach ngoilleann an dlí nua seo orthu beag ná mór," arsa sé.

Maidir le lucht labhartha na hUngáirise sa Rómáin, tá pobal láidir i gcathair Oradea ar an teorainn. Tá pobail eile i mBúcairist ó dheas agus in oirthuaisceart na tíre i dtreo na Moldáive. Ach is sa Transalváin is líonmhaire dóibh. Sa dá chontae Covasna agus Harghita, cuir i gcás, is de lucht labhartha na hUngáire tromlach an daonra. Tá oideachas trí mheán na hUngáirise acu, mar aon le páirtí polaitiúil an UDMR (Aontas Daonlathach Phobal Magyar na Romáine) a bhfuil teachtaí dá chuid sa pharlaimint i mBúcairist ó dheireadh ré na gCumannach i leith.

Is buntáistí iad sin nach bhfuil ag Ungáirigh na Slóvaice. Agus an dá lá a mbeidh Robert Fico agus páirtí an SMER (Na Sóisialaigh Dhaonlathacha) i gceannas na tíre sin, ní móide gur athmhuintearas idir thuaidh agus theas a bheas ann.



• Julia Gillard atá anois ina príomh-aire úr ar an Astráil, is í an chéad bhean riamh í chun an chéim sin a bhaint amach. Bhí sí ina leascheannaire ar Pháirtí an Lucht Oibre sa tír sin go dtí seo ach thug sí dúshlán iar-cheannaire an pháirtí is an iar-Phríomh-Aire Kevin Rudd Dé Céadaoin na seachtaine seo agus shocraigh seisean éirí as.

## "Who's that? Bite me"

Le Treasa Bhreathnach

IS é sin a d'fhreagair an Ginearál Stanley McChrystal nuair a cuireadh ceist air fá Leas-Uachtarán Mheiriceá Joe Biden in agallamh a rinne sé le Rolling Stone an tseachtain seo.

Is é an ráiteas seo agus roinnt eile leis, inar chaith seisean agus a gcuiditheoirí anuas ar oifigí riaracháin an chogaidh san Afganastáin, a bhí mar chúis ag Uachtarán Mheiriceá Obama glacadh lena litir éirí as.

Tá an cogadh san Afganastáin ar siúl anois ar feadh 9 mbliana agus tá éadóchas ar mhuintir Mheiriceá agus ar lucht an Airm leis an gcogadh ag an bpointe seo. Tar éis don alt a bheith foilsithe san iris Rolling Stone, bhí sé ráite go raibh fearg an domhain ar Obama leis an nGin. McChrystal, agus d'iarr sé cruinniú leis.

Is é an Ginearál David Petraeus a ainmníodh ina áit; ba é Petraeus a bhí i gceannas ar chogadh na hIaráice in 2007.

## Níl aon leigheas ar an ngrá ach an pósadh

Le Treasa Bhreathnach

TÁ prionsa Mhonacó geallta chun pósadh ar deireadh. Bhí Prionsa Albert aitheanta mar bhaitsiléir an pháláis ríoga, an oiread is gur athraigh an Pharlaimint an bunreacht in 2002 chun cead a thabhairt do dhuine dá nianna an suíochán ríoga a ghlacadh mura mbeadh páistí 'dlisteanacha' aige. Tá sé anois 52 bliain d'aois agus is í an snámhaí Oilimpeach ón Afraic Theas Charlene Wittstock, atá 32 bliain d'aois, a dúirt 'oui' leis an bprionsa.

De bharr prótacal ríoga caithfidh an lánúin fanacht 6 mhí idir fógra a ngeallta agus lá an phósta. Is í bainis a mháthar, banphrionsa Grace Mhonacó nó Grace Kelly mar ba sheanaithne uirthi, lena athair, an bhainis ríoga dheireanach a bhí sa tír. Bhí ráflaí ann go raibh Charlene ag súil cheana féin, ach níl aon cheo cinntithe ag an phálás ríoga go fóill. Tá beirt pháistí, taobh amuigh den phósadh, ag an phrionsa Albert cheana féin, ach mar gheall gur rugadh iad taobh amuigh den phósadh ní bheidh ceachtar acu in ann an suíochán ríoga a ghlacadh.

# Leasú ar bhille Údarás na Gaeltachta

**Le Treasa Bhreathnach**

BHÍ sé ag druidim i dtreo am tae agus timpeall deichniúr le feiceáil ar theilifís an Oireachtais ar an Mháirt, agus ochtar acu siúd sásta labhairt ar 'An Bille um Údarás na Gaeltachta (Leasú)'.

Tar éis do bheirt agus dhá scór vóta a chaitheamh sa Seanad ar an Mháirt seo caite ar leasú ar an mBille, chaith 24 duine a vóta i bhfabhar an leasaithe agus 18 duine a chaith vóta ina choinne. Is éard a chiallaíonn an leasú seo ná go mbeidh Alt 28(1) den Acht um Údarás na Gaeltachta ó 1979 leasaithe chun go mbeidh 7 mbliana agus sé mhí ag comhaltaí bhord an Údaráis in áit 5 bliana agus sé mhí mar a bhí roimhe seo. Is é an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta Pádraig Ó Ciardha a thug an cheist seo chomh fada leis an Seanad agus tá sé anois ag súil go n-achtófar é sula rachaidh an Dáil ar shaoire an tsamhraidh.

Agus é ag cur leasú an bhille seo os comhair na Dála, shíl an tAire Ó Ciardha go raibh sé tábhachtach go dtabharfadh an leasú seo breis ama dóibh chun díriú ar an Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge in áit a bheith ag ullmhú toghcháin. Tá sé i gceist ag an gComhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta plé a dhéanamh ar an Straitéis 20 bliain amach anseo.

Labhair ochtar mar gheall ar leasú an bhille seo. Dúirt an Seanadóir Johnny Byrne (F.G.) "níl aon ghá leis an bhille seo, ach is gá go mbeidh toghchán ann chun cur le struchtúr an bhoird agus chun ceannaireacht a thabhairt don bhord." Shíl sé gurbh é an teachtaireacht ba láidre a bhí le cloisteáil ón Rialtas agus iad ag iarraidh breis ama don toghchán ná "tá faitíos ar an Rialtas toghchán ar bith a ghlaoch." Bhí níos mó ná an Seanadóir Byrne i láthair a shíl gurbh é sin teachtaireacht an Rialtais. Shíl Alex White (L.O.), Jerry Buttimer (F.G.), agus Pearse Doherty (S.F.) an rud céanna. Dúirt Pearse Doherty "níor mhaith liom go dtarlóidh an rud céanna leis an toghchán seo agus a tharla le toghchán Bhord Iascaigh Mhara atá anois curtha siar 5 bliana."

Is i mí Aibreáin 2005 a reáchtáladh an toghchán deireanach agus de réir an bhille nua seo, beidh an rogha ag an Aire an toghchán a ghlaoch lá ar bith suas go dtí Deireadh Fómhair 2012.

## Fear an Mhisnigh

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND



**Alan Lawson as Droimeanach, ag baint taitnimh an tseachtain seo as an aimsir bhreá ag Cuas an Ghainimh i mBaile Átha Cliath.**

## Pleanáil Teanga ó thuaidh

DE réir Pobal, scátheagras na Gaeilge ó thuaidh, cásanna ar leith atá sna Gaeltachtaí i dTuaisceart na hÉireann ó thaobh na pleanála teanga de. Reáchtáil Pobal ócáid ar leith Dé Céadaoin in Óstán Stormont i mBéal Feirste, agus rinneadh plé ar fhorbairt beartais chuimsithigh agus creat straitéiseach don Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann.

Deir Janet Muller, Príomhfheidhmeannach Pobal, go gcaithfear tosca sainiúla na Gaeilge ó thuaidh a chur san áireamh i bpleanáil teanga. Bhí saineolaithe idirnáisiúnta, chomh maith le saineolaithe ó thuaisceart agus deisceart na hÉireann, i láthair ag an ócáid Dé Céadaoin. Bhí Pobal ag obair le hionadaithe ó Ollscoil na Ríona (An tOllamh Dónall Ó Baoill agus an Dr Micheál Ó Mainnín), ó Ollscoil Uladh (An tOllamh Séamus Mac Mathúna agus an Dr. Fionntan de Brún), ó Choláiste na hOllscoile Naomh Muire (an Dr. Gabrielle Nig Uidhir ), le hÁine Walsh ó Chiste Craoltóireachta na Gaeilge agus le daoine eile nach iad, chun plé ceart a dhéanamh ar an gceist seo.

## 17 trá, 2 lá

TÁ 15 snámhaí chun snámh ar thrá amháin ó gach contae le trá in Éirinn thar thréimhse dhá lá chun airgead a chruinniú do Naíscoil Dhún Pádraig. Tosóidh na snámhaithe i bPort Rois, Co. Aontroma maidin Dé Sathairn seo chugainn, an 3ú Iúil. Tar éis dul trí Dhún na nGall agus thar an gcósta thiar críochnóidh an rud ar fad i mBaile na Mianadóirí, Co. an Dúin oíche Dé Domhnaigh. Beidh ar gach snámhaí breis is cúig nóiméad a chaitheamh ag snámh ar gach trá, arsa Marcas Mac Ruairí, eagraí na hócáide agus oifigeach forbartha le Glór na nGael, Dún Pádraig. Tá breis is £300 le bailiú ó gach iontrálaí.

## Gaeltacht shealadach i Londain

**Le Seán Ó Curraighín**

TÁ scoil samhraidh 'Gaeltacht Londan' á reáchtáil an tseachtain seo chugainn ag Aonad Ghaeil Londan fá choinne na n-imirceach Éireannach atá ag cur fúthu i Sasana. Is é an chéad uair go mbeidh a leithéid d'imeacht á reáchtáil i bpríomhchathair na Breataine. Deir an Dr Séamus Ó Díolúin, atá á reáchtáil, gurb é sprioc na scoile samhraidh ná, "blaiseadh taitneamhach d'oidhreacht na nGael a léiriú."

Bunaíodh Aonad Ghaeil Londan i gcearnóg Camden i Londain sna 1950í chun freastal ar riachtanais imircigh Éireannacha a thug cúl ar theach agus ar threibh chun dul ag obair i bpríomhchathair Shasana. Tá an tAonad ag leanúint an treo chéanna go fóill.

Deir Gary Dunne, Oifigeach Cultúrtha an Aonaid, go bhfuil an scoil samhraidh á reáchtáil mar chuid d'iarracht leanúnach atá ar siúl acu chun an teanga agus an cultúr dúchasach a chur chun cinn sa chathair. "Freastalaíonn breis is céad duine ar ár ranganna Gaeilge, ina measc foghlaimeoirí ón Rúis, ón Iodáil agus ón Eilvéis.

Tá Gaeil ag freastal ar ranganna atá níos mó ná deich mbliana agus trí scór d'aois," arsa Gary.

Conradh na Gaeilge

**Cúntóir an tSiopa Leabhar**

**PRÍOMHDHUALGAIS:**
- Soláthar agus seirbhís díol leabhar srl. den scoth a chur ar fáil
- Plé le custaiméirí agus fiosrúcháin ar an nguthán
- Gnó ar an idirlíon a fhorbairt
- Dualgais ghinearálta chuntóra

**RIACHTANAIS:**
- Ardchaighdeán Gaeilge scríofa agus labhartha
- Scileanna ríomhaireachta
- A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go maith le daoine

Tá sainchuntas poist le fáil ar iarratas r-phoist chuig siopa@cnag.ie nó trí ghlaoch ar +353 (0)1 4783814.

Seoltar iarratais, maraon le curriculum vitae chuig **Bainisteoir an tSiopa Leabhar** ag siopa@cnag.ie nó ag **An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2**.

Dáta deiridh iontrála: **Dé hAoine, 16 Iúil 2010 ag 12.00 i.n.**

*Is fostóir comhionannais deise é Conradh na Gaeilge.*

Foras na Gaeilge

Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh teo.
cflt.ie | cflt.eu

**Coláiste Gaeilge an Leith-Triúigh**
**19ú – 23ú Iúil 2010**

Pacáiste saoire lár-seachtaine do dhaoine fásta agus teaghlaigh i nGaeltacht an Leithtriuigh. Tá an cúrsa seo thar a bheith oiriúnach do theaghlaigh ar mhian leo a gclann a thógáil le Gaeilge, do dhaoine go bhfuil dualgaisí ortha plé a bheith acu le Gaeilgeoirí sa láthair oibre, do dhaltaí bunscoile, meánscoile agus daltaí na h-Ardteistiméireachta.
Áirithe sa phacáiste tá lóistín, lón, gníomhaíochta eagruithe maraon le ranganna Gaeilge gach maidin.

Tuilleadh eolais ó www.cflt.ie nó glaoigh ar Máirín Uí Chonchubhair Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh ag 0667138137.

# Pobail na Gaeilge i gCúige Laighean

## Tá pobal láidir Gaeilge i mBaile Átha Cliath i gCúige Laighean, ach seachas sin, cad atá ag tarlú i dtaobh na Gaeilge de thart fán Chúige?

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

IS bean í Anita Nic Amhlaoibh atá thar a bheith gníomhach ag cur na Gaeilge chun cinn i g**Contae Chill Dara** . Tá sí mar phríomhoide ar **Ghaelscoil Nás na Ríogh**, ceantar atá i ndiaidh forbairt go hollmhór i dtaca leis an nGaeilge de le blianta beaga anuas. Creideann Nic Amhlaoibh go bhfuil borradh tagtha faoin nGaeilge i gCill Dara agus go bhfuil ceantair áirithe ina bhfuil pobail Ghaeilge an-láidir ar fad.

"Tá go leor Gaeilge in úsáid in áiteanna mar Mhaigh Nuad, An Droichead Nua, agus anois Nás na Ríogh, an áit is láidre. Tá grúpaí éagsúla ar nós Comhluadar, Ógras agus Conradh na Gaeilge ag cothú na Gaeilge ar fud an chontae, chomh maith le naíonraí agus Gaelscoileanna."

Deir Nic Amhlaoibh go raibh Cill Dara an-ghallda, go stairiúil, ach go bhfuil 'athrú ollmhór' tagtha air sin anois.

"Tá cuid de na Gaelscoileanna is mó sa tír lonnaithe anseo anois," ar sí. "Tá Gaelscoileanna ann le dhá shruth, agus tá daoine ar fud an phobail atá an-tugtha don Ghaeilge."

"Nuair a eagraíodh Rith 2010, bhí an-chuid daoine ó Chill Dara páirteach ann agus iad mar chuid lárnach den imeacht. Faoi láthair táimid ag pleanáil d'Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge a bheidh ar siúl i 2011. Tá campaí samhraidh á reáchtáil thart ar an gcontae freisin, le cúrsa Gaeltachta 3 seachtaine ar siúl sa scoil ó 9-6 gach lá."

Tá pleanáil ar siúl faoi láthair ag Conradh na Gaeilge chun straitéis Ghaeilge do Chontae Chill Dara a chur le chéile. Is plean píolótach é seo agus roghnaíodh Cill Dara le bheith páirteach ann. Beidh oifigeach forbartha á cheapadh agus tá cruinnithe ag tarlú faoi láthair maidir leis seo. Tá mapáil á dhéanamh ar an nGaeilge thart ar an gcontae ar fad. Is é Cill Dara an chéad chontae le páirt a ghlacadh sa straitéis seo.

"Tá sé go hiontach, táimid go léir ag obair go dian faoi láthair."

"Bhí Nás na Ríogh athraithe go hiomlán sa daonáireamh deireanach. Tá i bhfad níos mó Gaeilge á labhairt anseo ná mar a bhíodh."

Ach cén cúis atá leis an mborradh tobann atá tagtha ar phobal na Gaeilge i Nás na Ríogh?

"Is dóigh liom go bhfuil dhá phríomhchúis leis. An chéad rud ná go bhfuil go leor daoine ó Bhaile Átha Cliath ag bogadh anseo. D'fhreastail a lán acu ar Ghaelscoileanna i mBÁC agus lorgaíonn siad an rud céanna i gCill Dara. Tá siad ag iarraidh go mbeidh pobal na Gaeilge mórthimpeall orthu agus tá antionchar acu ar an mbrú i dtreo na Gaeilge atá ag tarlú sa cheantar," a deir Nic Amhlaoibh. "Chomh maith leis sin, tá go leor teaghlaigh nua ag lonnú i Nás na Ríogh agus i gceantair eile i gCill Dara. Tá na daoine nua seo ag lorg rud nua ina saol agus líonann an Ghaeilge an bhearna sin."

"Tá meascán mór daoine sna Gaelscoileanna anseo," a deir Nic Amhlaoibh. "Tá páistí ón Laitvia, ó na hOileáin Fhilipíneacha, ón Afraic Theas agus go leor áiteanna eile ar fud an domhain ag freastal ar ár nGaelscoil. Níl deighilt ann idir daltaí na scoile nó idir theaghlaigh na scoile. Tá muintir Nás na Ríogh an-fháilteach agus tá an Ghaeilge ag éirí níos láidre anseo mar go bhfuil gach duine sásta a bheith ag foghlaim le chéile."

I gCeatharlach, tá an scéal céanna amhlaidh. Sa bhliain 2008, ceapadh Emma Whitmore mar Oifigeach na Gaeilge ar an eagraíocht **Glór Cheatharlach**. Oibríonn Glór Cheatharlach go crua ar son na Gaeilge ar fud an chontae. Deir Emma go bhfuil clár gnóthach d'imeachtaí Samhraidh ar siúl acu faoi láthair i gCeatharlach.

"Is am an-ghnóthach é an samhradh, go háirithe mí Iúil. Beidh Coláiste Samhraidh 2010 ag tosú ar an gcéad lá de mhí Iúil. Is deis iontach é an Clár Samhraidh chun an teanga a chur chun cinn le spraoi agus spórt i measc daoine óga agus bíonn aiseolas an-dearfach ó na páistí agus na daltaí i gcónaí," ar sí.

Dar le hEmma, tá meon andearfach ag daoine óga i gCeatharlach i leith na Gaeilge.

"Tá líon mór páistí (breis is 500) ag freastal ar an nGaelscoil anois agus breis is 300 dalta sa Ghaelcholáiste. Mar sin tá na daoine seo an-dearfach faoin teanga agus tá siad bródúil as an Ghaeilge a labhairt. Tá na sluaite daoine fásta ag freastal ar ranganna Gaeilge (ag 5 leibhéal ó thosaitheoirí go cruinneas) agus ag baint taitneamh as an teanga a labhairt agus a chloisteáil."



Páistí a d'fhreastail ar cheann de na Campaí Samhraidh a reáchtáil Glór Cheatharlach anuraidh.

Seachas na Coláistí Samhraidh agus na scoileanna, an bhfuil aon áiteanna eile i gCeatharlach ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt? Deir Emma go bhfuil neart acu ann.

"Bíonn deis ag cainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge í a úsáid ag ócáidí sóisialta gach mí. Samplaí díobh seo ná Gaeilge le Chéile (Ciorcal Comhrá atá bunaithe le roinnt mhaith blianta anois) agus oíche SULT (Oíche sóisialta trí Ghaeilge do dhaoine sna 20í & 30í)."

Cosúil le Cill Dara, tá an-tábhacht ag baint leis an nGaeloideachas i gcur chun cinn na Gaeilge i gCeatharlach.

"Nuair a bunaíodh na Naíonraí, an Ghaelscoil agus an Gaelcholáiste, cuireadh tús le athnuachan na Gaeilge i gCeatharlach," ar sí. Tá suirbhé ar bun ag Glór Cheatharlach faoi láthair chun meon mhuintir Cheatharlach i leith na Gaeilge a mheas. Rinneadh suirbhé 25 bliana ó shin faoin nGaeilge i gCeatharlach.

"Beidh sé an-suimiúil comparáid a dhéanamh idir torthaí an tsuirbhé sin agus an ceann nua. Tá an suirbhé á dhéanamh ar 300 teach i mbaile Cheatharlach agus beidh na torthaí á bhfoilsiú againn i rith Fhéile an Fhómhair go luath i mí Dheireadh Fómhair. Táim cinnte go léireoidh torthaí an suirbhé go bhfuil pobal na Gaeilge i gCeatharlach ag neartú i gcónaí," ar sí.

I measc na dtograí eile atá beartaithe ag Glór Cheatharlach tá Club na nDéagóirí a bhunú. Tá sé ar intinn acu freisin nasc a chruthú leis an dá Choláiste tríú leibhéal sa chontae trí chlubanna Gaeilge a bhunú iontu.

"Táimid chun Cumann Aisteoirí Cheatharlach a bhunú san Amharclann nua George Bernard Shaw san Ionad VISUAL i gCeatharlach agus tús a chur le drámaíocht as Gaeilge i gCeatharlach freisin," a deir Emma. Tá coiste á bhunú faoi láthair don Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh i gCeatharlach um Cháisc 2012 & 2013.

Is é Pádraic Mac Donncha atá mar Chathaoirleach ar Choiste **Chontae na Mí** le sé bliana anuas agus deir sé go bhfuil rudaí ag dul go maith i **Ráth Cairn**.

Dar leis an Uasal Mac Donncha, tá os cionn 600 Gaeilgeoir i Ráth Chairn faoi láthair agus seachtó teach ina labhraítear an Ghaeilge go laethúil. Lasmuigh de Ráth Chairn, tá an Ghaeilge le cloisteáil san **Uaimh**, áit a mbíonn go leor ranganna Gaeilge ar siúl i gCraobh Chonradh na Gaeilge. Tá go leor clubanna ag Coláiste na bhFiann thart ar Chontae na Mí freisin agus spreagann sé seo daoine óga leis an teanga a labhairt.

Bunaíodh coiste speisialta i **Ráth Tó** i gContae na Mí i Lúnasa 2008 chun Gaelscoil a bhunú sa cheantar. In ainneoin nach bhfuair siad aitheantas deimhnithe ón Roinn Oideachais, tá cinneadh déanta ag na tuismitheoirí agus ag an gCoiste Bunaithe seo leanúint ar aghaidh le hoscailt Ghaelscoil Ráth Tó i Meán Fómhair na bliana seo ach ar ndóigh tá siad ag bailiú airgid i rith an ama.

Is sampla é an Coiste seo den díograis agus den fhuinneamh atá le brath thart ar Chúige Laighean don Ghaeilge le blianta beaga anuas agus níl aon amhras ach go dtiocfaidh feabhas i gcónaí ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i leith na Gaeilge ar fud an Chúige.

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

**BCL (Dlí agus Gaeilge)**

ar fáil i nDámh an Dlí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

**Uimhir CAO: CK304**

Céim 4 Bhliain le bliain amháin taithí oibre sa 3ú Bhliain.

Deis staidéar a dhéanamh ar na hábhair dlí traidisiúnta (i mBéarla agus i nGaeilge) agus ar na hábhair a bhaineann leis an teanga

Deiseanna do chéimithe sa bhaile agus san Eoraip

**Céimithe ag obair mar:**
-Dlíodóirí
-Teangeolaí San Eoraip
-Léachtóirí
-Abhcóidí
-Múinteoirí
-Oifigeach le NGOs

Agus a lán slí bheatha eile

**Eolas breise:**
Seán Ó Conaill
Léachtóir (Dlí agus Gaeilge)
Dámh an Dlí
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
+353 (0)21-4903811
s.oconaill@ucc.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 25 Meitheamh, 2010

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH



Ryan Tubridy ag oscailt clós spraoi na CeathrúnRua le Arianna & Julia McDonagh agus Ryan O'Neill as Ros a' Mhíl

## Abair Paidir - Mo Leabhairín Beag Paidreoireachta

**Le Treasa Bhreathnach**

IS níos mó ná na scrúduithe a bhí idir lámha ag an rang Ardteistiméireachta, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, an Cheathrú Rua i mbliana. Tá an leabhar "Abair Paidir - Mo Leabhairín Beag Paidreoireachta" seolta acu le tamall anuas ina bhfuil paidreacha traidisiúnta ónar sinsir den chuid is mó. Bailíodh na paidreacha ó mhuintir Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua agus cuireadh machnaimh nuachumtha sa leabhair chomh maith. Thug an tArdeaspag Mícheál Ó Néaraí ardmholadh don rang as ucht a gcuid oibre. Bronnadh cóip den leabhairín ar dhaltaí Ardteistiméireachta 2010 agus ar mhuintir Áras Mhic Dara. Má tá suim agat féin leabhairín a cheannach beidh sé le díol fud fad Chonamara go luath, mar sin coinnígí súil amach dó i do shiopa áitiúil.

## Deireadh ré teagaisc in Kylemore Abbey

**Le Piaras Ó Raghallaigh**

Tá deireadh leis an múinteoireacht i meánscoil na gcailíní ag Kylemore Abbey tar éis 90 bliain teagaisc sa cheantar. Chríochnaigh deich scólaire a gcuid scrúduithe an tseachtain seo sa scoil agus is iad an dream deireanach iad a bheas ag fáil teagaisc san fhoirgneamh stairiúil seo.

Tógadh Kylemore sa bhliain 1860 agus tá stair iontach ag baint léi ó shin i leith. D'oscail na mná rialta scoil ann den chéad uair i 1922 do chailíní cónaithe amháin ach sa bhliain 1928 tugadh cead do chailíní ón gceantar freastal ar an scoil freisin.

Sa bhliain 2006 fógraíodh nach raibh an dara rogha acu ach an scoil a dhúnadh de dheasca uimhreacha na mban rialta ag laghdú sa Mhainistir. D'fhág na scoláirí cónaithe an scoil dhá bhliain ó shin ach bhí oideachas á chur ar fáil do mhic léinn áitiúil go dtí an ardteistiméireacht an tseachtain seo.


Is í Mary Dempsey príomh-oide na scoile agus is í an chéad duine í a ceapadh mar phríomhoide nach bean rialta í in 2001.

Dúirt sí go raibh laghdú ar uimhreacha na ndaltaí le cúpla bliain anuas ach gur bhain sí an-taitneamh go deo as na blianta a chaith sí ag múineadh ann.

Tháinig na scoláirí cónaithe ó chomh fada ó bhaile le Meicsiceo, an Spáinn, an Áise, Meiriceá agus an Astráil. Cheannaigh na mná rialta Beinidicteacha Kylemore Abbey sa bhliain 1920 ar chostas £45,000 agus tá 10,000 acra timpeall ar an mainistir.

"Bhí atmaisféar cairdiúil ag baint leis an áit riamh agus thug na mná rialta an-chabhair go deo do na mic léinn agus na múinteoirí araon thar na blianta," a deir Dempsey.

**CONNACHT NUACHT**



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Méaraí nua ag Cathair na Gaillimhe agus Sligeach

**Le Treasa Bhreathnach**

IS é Comhairleoir Fhianna Fáil Michael John Crowe méara nua na Gaillimhe. Is de thoradh ar aontas vótála idir a pháirtí féin, Fine Gael, agus Neamhspleáigh (iarbhaill den Pháirtí Daonlathach) an vóta a thug oifig an mhéara dó. Bhuaigh sé an vóta le 9 vóta le 6 vóta ina choinne. Is é seo an chéad uair gur toghadh méara ón Bhóthar Mór. Dúirt sé go mbeadh sé féin ag díriú ar chruthú post le linn a thréimhse oifige, agus dúirt sé chomh maith go n-oibreoidh sé le scoileanna áitiúla chun iad a spreagadh le Sínis a thabhairt isteach mar ábhar scoile. Toghadh Comhairleoir Fhine Gael Matt Lyons don tríú huair mar mhéara Shligigh. Tá sé i gceist aige díriú ar fhiontar agus ar infreastruchtúr iompair le linn a thréimhse oifige. Mairfidh tréimhse na méaraí seo ar feadh bliana.

## Seoladh Theálta Uí Fhlannabhra i dTearmann Éanna

**Le Treasa Bhreathnach**

MAR chomhartha ómóis don Athair Micheál Ó Flannabhra, atá chun éirí as a phost ar an 16ú Iúil, tá Tearmann Éanna Teo. chun seoladh a dhéanamh ar theálta in onóir dhó inniu. Is ag a trí a chlog a chuirfear tús le himeachtaí an lae nuair a bheidh greim le n-ithe, ceol, amhráin, comhrá agus craic ar fáil do gach aon duine a thugann cuairt ar Thearmann Éanna.

Tá fáilte roimh chách chuig an lá speisialta úd. Is ag 5.30 a bheidh an bronnadh, an beannú agus an seoladh ag tarlú. Is é an tAire Éamon Ó Cuív a bheidh i láthair ag 5.30 chun Teálta Uí Fhlannabhra a sheoladh.



Láithreoir an Late Late Show, Ryan Tubridy imeasc na bpáistí nuair a d'oscail sé Páirc Nua Spraoi ar an gCeathrú Rua ag an deireadh seachtaine. Grianghraf: Seán Lydon

# LAIGHIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Imeachtaí sa Pháil

Le Kate Fennell

### Na Cnocadóirí

DÓIBH siúd nach bhfuil mórán cleachtaidh acu ar a bheith ag siúl sna sléibhte agus gur mhaith leo tús réasúnta éasca bheith acu leis na Cnocadóirí, beidh siúlóid fheiliúnach ar siúl an Domhnach seo, 27 Meitheamh, ar Shliabh Fhán an Iarainn agus Cruachán Mhaigh Rath. Mairfidh an tsiúlóid thart ar chúig huaire an chloig. Má tá síob ag teastáil uait bí ag Oifigí an BSL ar Shráid Mhic Liam ag 10.30r.n. nó is féidir bualadh leis an ngrúpa ag tús na siúlóide ag 11.45r.n. ag an gcarrchlós trasna an bhóthair ó Lóiste Ghleann Molúra. Má chailleann tú an deis seo agus má tá tú ag dul ó thuaidh le freastal ar Thionól na Gaeltachta i nGaoth Dobhair 2 - 4 Iúil, beidh seans agat páirt a ghlacadh sna siúlóidí atá na Cnocadóirí ag eagrú don fhéile sin. Gach eolas ó www.cnocadoiri.com agus www.tionol.com.

### Ranganna Gaeilge i Loch Garman

THÍOS i Loch Garman an Luan seo chugainn, cuirfear tús le cúrsa nua Gaeilge d'fhoghlaimeoirí ar mian leo freastal ar ranganna gach coicís seachas gach seachtain. Reáchtáltar na ranganna san FDYS ar 7.30 i.n. agus beidh an cúrsa dírithe ar fhoghlaimeoirí ag leibéal A2 den chúrsa TEG. Más spéis leat clárú don chúrsa nó tuilleadh eolais a fháil seol ríomhphost chuig richie@lochgarman.ie nó glaoigh ar 087 9135271

### Seisiúin cheoil agus damhsa ón mBriotáin

BHÍ an eagraíocht chultúrtha Bhriotánach / Éireannach, BreizhEire, gnóthach i rith na bliana ag eagrú seisiún damhsa agus ceoil ón mBriotáin i nGaillimh, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Beidh an chéad seisiún eile i mBÁC ar siúl an Aoine seo chugainn, 2 Iúil, i gClub an Chonartha, 6 Sráid Fhearchair ar 9i.n. Beidh na seisiúin seo ag leanacht ar aghaidh i rith an tsamhraidh i mBÁC.

Is féidir páirt a ghlacadh sna seisiúin nó díreach sult a bhaint astu i gcomhluadar taitneamhach, spraíúil i measc ár gcol ceathracha Ceilteacha. Gach eolas ón suíomh úrnua atá acu: www.breizheire.com

### Imeachtaí i gClub an Chonartha

CHOMH maith leis an damhsa agus leis an gceol Briotánach gach mí i gClub an Chonartha i mBÁC bíonn ceol Gaelach beo ann gach Satharn ar 9.30i.n., cead isteach saor in aisce. Reáchtáltar ciorcal comhrá Ghaeilge na hAlban freisin gach dara Dé Céadaoin ar 8i.n. agus tá fáilte roimh chách. An Domhnach seo agus an Domhnach deireanach i ngach mí is féidir páirt a ghlacadh i gcluiche Beiriste trí Ghaeilge.

Dóibh siúd gur suim leo an sacar, táthar ag taispeáint na gcluichí sa Chorn Domhanda ar 7.30i.n. ar an scáileán mór. Gach eolas ó www.anclub.ie. Bainigí sult as na himeachtaí go léir!

## An Rothaíocht Aniar go Ráth Chairn

Le Sophie Gahan

MAR chuid de cheiliúradh 75 bliain Ráth Chairn beidh An Rothaíocht Aniar ó Leitir Móir go Ráth Chairn ar siúl amárach. Beifear ag imeacht as Leitir Móir ag 7.00 r.n agus táthar ag súil Ráth Chairn a shroicheadh idir 6.00 agus 7.00 i.n. Beidh bus ag dul siar go Leitir Móir ag 3 i.n inniu.

Tá ar gach duine a bheidh ag taisteal bheith cláraithe roimh ré. "Ceiliúradh atá ann ar an dream a tháinig aniar ó Chonamara i 1934 agus breis talún á lorg acu," arsa Pádraig Mac Craith, rúnaí Chomharchumann Ráth Chairn. "Tá thart ar 40 cláraithe leis an Turas Aniar seo, 12 ó Chonamara agus 30 ó cheantar na Mí."

Beidh ceol i gclub oíche Ráth Chairn san oíche amárach agus sólaistí le fáil ann.

# MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Béal Tuinne agus Féile Tine i nGuagán Barra

le Seán Ó Loingsigh

BEIDH féile lár an tsamhraidh á ceiliúradh go bríomhar i nGuagán Barra an deireadh seachtaine seo le ceolchoirmeacha agus Féile Tine cois locha. Tá cáil dhomhanda ar cheantar álainn Ghuagán Barra, ar an aireagal ar an oileán agus ar an óstán mar a mbíonn imeachtaí amharclainne i rith an tsamhraidh.

Is é an grúpa Béal Tuinne ó Chorca Dhuibhne a bheidh ar stáitse oíche Dé Sathairn (8.30) in ollphobal le hais Óstán Ghuagán Barra, mar a mbeidh an cumadóir Shaun Davey i dteannta na gceoltóirí agus na n-amhránaithe Rita Connolly, Éilis Ní Chinnéide, Lawrence Courtney, Séamus Ó Beaglaoich, Eoin Ó Beaglaoich agus Gerry O'Beirne.

Is iad na Corcaígh a bheidh le feiscint oíche Dé Domhnaigh (8.30) ná na ceoltóirí Conal Ó Gráda, Geraldine O'Callaghan, Risteárd Ó Luasa, Gearóid Ó Duinnín, chomh maith leis an amhránaí iomráiteach Nell Ní Chróinín. Deir úinéir Óstán Ghuagán Barra, Neil Ó Luasa, go mbeidh slogairí tine le feiscint i gcaitheamh tráthnóna Dé Domhnaigh agus go mbeidh tinte cnámh ar lasadh i ndeireadh na hoíche mar cheiliúradh ar sheanfhéile na gCeilteach i lár an tsamhraidh.

Beidh cúrsaí bun os cionn beagáinín in Óstán Ghuagán Barra an mhí seo chugainn mar go mbeidh lucht amharclainne ón Astráil ag cur seó beo Fawlty Towers i láthair do chuairteoirí go mbeidh Basil, Sybil agus Manuel ag freastal orthu. Tá dhá dhinnéar i gceist leis an dtaispeántas so atá lán le 120 duine an ceann ag suí chun boird ar an 25 Iúil.

Ní raibh a leithéid d'fhreastal áiféiseach John Cleese agus a chairde i bhfeidhm in Óstán Ghuagán Barra i rith na seachtaine seo nuair a tháinig lánúin ón Róimh chun pósadh in aireagal an Ghuagáin agus bainis a bheith acu lena gclanna san óstán lámh leis. A mhalairt a bhíonn i gceist de ghnáth le lánúineacha ón dtír seo ag imeacht chun na Róimhe, ach níl áit níos áille ar domhan ná Guagán Barra i rith an tsamhraidh mar a fuair an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa agus a fear céile, Máirtín, amach le linn a gcuairte ar Mhúscraí le déanaí.

## Féile Brian Boru

Le Sophie Gahan

BEIDH Féile Brian Boru, Cill Dalua ag tosú ar an Mháirt seo chugainn, an 29ú Meitheamh go dtí an Domhnach an 4ú Iúil. Ócáid bhliantúil don chlann atá i gceist agus is é seo an 18ú bliain den fhéile. Tosóidh an fhéile ar an Mháirt le Seisiún Chomhaltas an Chláir Thoir san Óstán Lakeside ag a 8 i.n. Imeachtaí do pháistí a bheidh i gceist den chuid is mó.

Beidh seoladh oifigiúil an Loirg Ealaíne ar siúl ar an Chéadaoin ag a 7 i.n. sa Bistro Wood Brothers. Is iad Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh na laethanta is eachtrúla. Beidh seó draíochta ar siúl le hainmhithe, margadh ceirde, seó madraí, léimneach bhuinsí agus tinte ealaíne ar an tSionainn. Beidh imeachtaí ann do dhaoine fásta chomh maith, na High Kings a bheidh ag cur clabhsúir ar an bhféile ar an Domhnach. Deireadh seachtaine oideachasúil a bheidh ann le stair agus béaloideas na háite le foghlaim. Tá breis sonraí le fáil ar www.feilebrianboru.killaloe.ie.

## Club na Gaeltachta ar son Chiarraí i gComórtas Peile na nÓg

BEIDH foireann na mbuachaillí fé 14 ó Chlub na Gaeltachta, an Daingean, ag imirt ag Féile Peile na nÓg ar son Chiarraí i mbliana tar éis dóibh comórtas an chontae a bhuachan. Féile náisiúnta peile do bhuachaillí agus do chailíní fé 14 is ea Féile Peile na nÓg. Gach bliain glacann thart ar 30,000 buachaill agus cailín páirt sa chomórtas ina mbíonn foirne ón 32 contae agus roinnt foirne ó Shasana, ón Eoraip agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá san áireamh. I mbliana, beidh an comórtas á rith i nDoire ó 2 - 4 Iúil 2010. Tá feachtas mór bailiúchán airgid ar siúl chun an

*ar lean ar chéad leathanach eile.*



An Mons. Pádraig Ó Fiannachta in éineacht le Sam Óg Mag Uidhir ar ócáid cheiliúrtha ar a 57 bliain mar shagart, i dTigh Bhaile an tSagairt, An Daingean.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 25 Meitheamh, 2010

**MUMHAIN**
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

deireadh seachtaine a thabhairt chun críche. Go dtí seo, d'éirigh thar barr le maidin caifé, oíche fhaisin, tarraingt téide agus pacáil málaí. Ar 25 Meitheamh 2010, beidh ceolchoirm i Scoil a' Chuasa, Feothanach. Beidh oíche iontach ann le haíonna speisialta.

# Macallaí na Cásca le 1916 Cois Laoi

le Seán Ó Loingsigh

SHEOL Uachtarán Chonradh na Gaeilge Pádraig Mac Fhearghusa leabhar dar teideal *1916 Cois Laoi* leis an údar Frainc Ó Murchadha i gcathair Chorcaí an tseachtain seo caite.

Is é seo an seachtú leabhar sa tsraith *Macallaí na Cásca*, foilsithe ag Coiscéim, a thosnaigh mar chomóradh 90 bliain ar Éirí Amach 1916 agus atá anois ag druidim i dtreo an 100.

Cuireadh síolta an chuntais seo le Ó Murchadha in 1966 nuair a bhí comóradh 50 bliain Éirí Amach na Cásca ar bun, tráth a d'iarr iaroifigeach faisnéise in Óglaigh na hÉireann, Florence O'Donoghue, ar lucht Mhúsaem Poiblí Chorcaí mionléarscáil a chur ar fáil do shraith leachtaí a bhí ar intinn aige maidir leis na háiteanna inar chruinnigh complachtaí éagsúla i gContae Chorcaí ar Dhomhnach Cásca 1916.

Múinteoir bunscoile sa Ghlaisín ab ea Frainc Ó Murchadha (as Co. Luimnigh ó dhúchas), agus ba air a thit an cúram an léarscáil a tharrach don laoch faisnéise O'Donoghue mar go raibh an t-iarmhac léinn (sna 1940í) ó Choláiste Ullmhúcháin Íosagáin i mBaile Bhúirne ag obair i Músaem Chorcaí i rith an tsamhraidh.

Aidiúnach i mBriogáid Uimhir a hAon Chorcaí ab ea Florence (Florrie) O'Donoghue (Ciarraíoch ó dhúchas) i rith Chogadh na Saoirse, agus mar oifigeach faisnéise i rith an chogaidh sin d'earcaigh sé bean a phós sé níos déanaí, Josephine Marchmont Brown, iníon le hardchonstábla de chuid an RIC i gCorcaigh agus luathscríobhaí fostaithe le hArm na Breataine.

Nuair a bhuail Ó Murchadha le Florrie O'Donoghue le haghaidh léarscáil 1916 a leagan amach in 1966, bhí Frainc réidh lena leabhar nótaí chun fíorachaí inlíochtaí na gcomplachtaí i gCorcaigh a bhreacadh síos – "tá sé go léir i mo leabhar," a dúirt an t-iaroifigeach faisnéise leis, ag tagairt don eolas céanna a bhí tugtha ag an staraí míleata sa bheathaisnéis a scríobh sé ar Thomás Mac Curtáin, an ceannfort a bhí i gceannas ar Bhriogáid Chorcaí in 1916.


"Bhíos ag ceapadh gur sórt saighdiúir a bheadh ann (O'Donoghue), ach fear ana-chiún, séimh a bhí ann, dea-labhartha agus dea-bhéasach," a dúirt Frainc Ó Murchadha ag seoladh a leabhair i Leabharlann Bhaile an Easpaig.

Tá mionchuntas as Gaeilge sa leabhar *1916 Cois Laoi* ar bhunú na nÓglach i gCorcaigh, an scoilt a tharla mar a thit amach go náisiúnta, agus na himeachtaí i gcathair agus i gcontae Chorcaí maidir leis an Éirí Amach fhéin.

"Chuirfeadh na horduithe ar fad a tháinig ó Bhaile Átha Cliath meadhrán ar an oifigeach is fearr amuigh," a dúirt Pádraig Mac Fhearghusa agus é ag seoladh an leabhair. "Naoi gcinn d'orduithe ar fad a tháinig i gcaitheamh na tréimhse, agus samhlaigh nach fón póca ná téacsáil a bhí i gceist," a dúirt sé.

Is é seo an chéad leabhar staire atá scríte ag Frainc Ó Murchadha, ach tá úrscéalta leis i nGaeilge agus i mBéarla foilsithe ó d'éirigh sé as an mhúinteoireacht in 1988. Bhuaigh na drámaí raidió Cinniúint agus Ainglíocht duaiseanna i gComórtas Liteartha an Oireachtais le blianta beaga anuas agus bhain sé Gradam Cuimhneacháin Eilís Dillon lena úrscéal *Lockie and Dadge* in 1996.

"Tá seoladh leabhair cosúil le baisteadh linbh, bheadh an baol ann nach mbeadh an leabhar riamh i measc na bhfíréan mura seolfaí é," a dúirt Frainc Ó Murchadha ag seoladh *1916 Cois Laoi*.




**Uachtarán Chonradh na Gaeilge Pádraig Mac Fhearghusa, an t-údar Frainc Ó Murchadha agus Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach Leabharlanna Cathrach Chorcaí, Seán Ó Maoláin, ag seoladh an leabhair 1916 Cois Laoi.**

# 168 tine sa bhreis i bhforaoisí an Chláir

TÁ ardú 406% tagtha ar líon na dtinte foraoise, portaigh agus aitinn i mbliana, de réir Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae an Chláir. Idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2010 bhí breis is 201 tine den sórt sin. Níor taifeadadh ach 36 ceann sa tréimhse chéanna anuraidh. Chun déileáil leis an fhadhb seo tá tanc uisce nua de thoilleadh 9,000 lítear faighte ag an tseirbhís dóiteáin sa tSionainn. Seo an dara ceann den sórt seo, ó bhí an tréimhse reoite ann aimsir an gheimhridh.

## Scéalta Chorca Dhuibhne

Le Breandán Mac Gearailt

# Laoch: An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta

AR an Luan seo caite bhí meascán den saol Gaelach, saol an léinn agus an saol diagachta ar an aon láthair sa Daingean ag comóradh gaiscí laoich aitiúil. Bhí seacht mbliana agus caoga caite ag an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta ina shagart.

Chaith an Fiannachtach, gur Ó Bhaile Móir laistiar don nDaingean dó, formhór a shaoil ag scaipeadh léinn agus ag treisiú le cás na Gaeilge. Bhí sé ina Ollamh le Gaeilge i Má Nuad ar feadh na mblianta.

Is ar an mBreatain Bheag a thug sé a aghaidh tar éis a oirnithe mar shagart ar an 21 Meitheamh 1953 mar a gcaith sé scathamh mar ghnáthshagart pobail. Scrígh sé leabhar An Comharsa Coimhthíoch ina bhfuil cur síos ar a sheal sa Bhreatain Bheag.Tá Breatnais ar a thoil aige mar aon le naoi dteangacha eile.

Tar éis dó scor ó Mhá Nuad in aois a seasca cúig, ceapadh mar Shagart Paróiste é sa Daingean.

Níl aon teora leis an líon leabhar atá scríte aige, leabhra filíochta cuid mhaith acu. Tá oscalán maith leabhar d'údair éagsúla foilsithe aige tréna chomhlacht 'An Sagart'.

Tá institiúid léinn, An Díseart, bunaithe aige sa Daingean ar an láthair mar a raibh Mná Rialta na Toirbhirte ag cur fútha uair. Tá ceangal ag An Díseart le hOllscoil an Chroí Ró-Naofa in Connecticut Mheiricea agus dá thoradh sin bíonn gasraí mac léinn as siúd coitianta ag caitheamh tréimhsí sa Díseart i mbun staidéir ar ábhair éagsúla.

Bíonn go leor cúrsaí, ag áireamh cúrsaí tríú leibhéal, teastais agus dioplómaí, á reáchtáil ann chomh maith. Fear uilethréitheach is ea an Fiannachtach dar le gach uile dhuine a tharla orm an oíche eile.

'Cuireann sé ardú croí orm an oiread san agaibh a bheith liom ar an lá seo', ar sé ina sheanmóir.

Níor chuir sé bochtán riamh ó dhoras, arsa Eibhlín Ní Bhrosnacháin/Uí Chléirigh, ó Bhaile Móir.

Dar leis an nDr. Pádraig Ó Domhnaill, chaith sé a chuid airgid ar mhaithe le leas an léinn agus an phobail, 'fear croí mhóir', ar sé.

'Duine lách gealgháireach lán d'fhuinneamh agus de spórt an Fiannachtach, arsa An Dr Muiris Ó Fiannachta, 'ach is mar fhear gnímh ar son an léinn, an phobail agus na Gaeilge a cuimhneofar ar Phádraig', dar leis. 'Is duine de mhórscolairí ár linne é an Fiannachtach', dar leis an Athair Ó Luanaigh, Sagart Paróiste An Daingin, 'óir is léiriú ann féin é ar a éirim agus a éifeacht an slacht a chuir sé ar an aistriúchán a dhein sé ar an mBíobla Naofa'.

Tar éis ceiliúradh Aifrinn in Óstlann Bhaile an tSagairt caitheadh béile na gcarad, mar a gcasadh amhráin, buaileadh ceol agus aithrisíodh iliomad dánta.

Mar chomhartha ar a éifeacht mar imreoir caide/peile agus a shuim sa spórt bhí corn Sam 'óg' Maguidhir os a chomhair ar an mbord.

# 'Cósta Glas'

TÁ an t-aitheantas 'Cósta Glas' gnóthaithe ag Trá Bhéal Bán in Iarthar Duibhneach, an chéad cheann i gCiarraí, a dúirt Oifigeach Timpeallachta na Comhairle Contae Mícheál Ó Coileáin linn an tseachtain seo. Dar le Mícheál, bhí anbhaint ag an scoil náisiúnta i mBaile an Fhirtéaraigh agus ag an bpobal aitiúil leis an iarracht a ghnóthaighan gradam. Is cailín Gearmánach Anka Zeff, atá ag cur fúithi sa cheantar le blianta fada, a chéadtionscnaigh an iarracht.Sin í an trá ar a raibh Ráiseanna [capall] Bhéal Bán le déanaí.

# Treoraí an Oileáin Thiar


DEA-SCÉAL EILE ná go bhfuil daoine a thugann turas ar an mBlascaod Mór [nó An tOileán Thiar] 'ansásta' leis an mbeartas 'treoraithe' a bheith ar fáil doibh siúd a thugann cuaird ar an oileán.

Gan amhras tá stair agus iontais as an ngnáth ag baint leis an mBlascaod Mór, dar le Máire Nic Cárthaigh, bean óg ó Chorcaigh a thug cuaird 'thaithneamhach' le seisear cairde ar an mBlascaod Mór an tseachtain seo. 'Bhíomar an-tógtha leis na treoraithe a bhí ann', ar sí.

Is é Bord na nOibreacha Poiblí a fhostaíonn na treoraithe.

**An bhfuil scéilín agat?** Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, nuacht@gaelsceal.ie, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

# ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

# 40 post úr do Ghaoth Dobhair

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ sé fógartha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionnanais agus Gaeltachta, Pádraig Ó Ciardha, go bhfuil cead tugtha ag an Rialtas d'Údarás na Gaeltachta infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa chomhlacht Arán Pita Teo. Mar thoradh ar an infheistíocht seo beidh 40 post nua á gcruthú sa chomhlacht atá lonnaithe i bPáirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Tá €600,000 d'infheistíocht i gceist i bhfoirm scaireanna tosaíochta agus an seans ann go mbeidh €350,000 sa bhreis ar fáil don chomhlacht amach anseo. Chuir an tAire Ó Ciardha "fáilte roimh an mborradh fostaíochta seo, ní hamháin toisc gur ceantar láidir Gaeltachta í an chuid seo d'Iar-Thuaisceart Dhún na nGall ach toisc gur ceantar é a chaill go leor fostaíochta thar na blianta."

## 52 Feirm Ghaoithe beartaithe do Dhún na nGall roimh 2020

**Le Judy Ní Ógáin**

TÁ athrú mór le theacht ar thírdhreach tuaithe Dhún na nGall san blianta amach romhainn, le níos mó ná 50 feirm ghaoithe le tógáil ansin de réir figiúirí nua.

Tá 117 feirm ghaoithe san iomlán tógtha cheana féin ar fud na tíre, ach tá an líon sin le hardú go 361 i gceann deich mbliana agus an Rialtas ag sroicheadh spriocanna nua an Aontais Eorpaigh a chuireann iachall orainn 40% dár riachtanais leictreachais a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite roimh an bhliain 2020.

Mar sin féin, tá Comhairleoir Contae amháin ag iarraidh go gcinnteofar go mbainfidh na pobail áitiúla amuigh ansin leas agus tairbhe iomlán as tógáil na bhfeirmeacha gaoithe.

Tháinig an ráiteas ó Chomhairleoir Shinn Féin, Pádraig Mac Lochlainn, tar éis don tuairisc nua a thaispeáint go bhfuil sé beartaithe 52 struchtúr nua a thógáil i gContae Dhún na nGall sna deich mbliana amach romhainn, chun go gcomhlíonfaidh Éire rialacha an Aontais Eorpaigh i leith fuinneamh in-athnuaite.

Dúirt an Comhairleoir Mac Lochlainn go bhfuil Dún na nGall i gceantar idéalach do thógáil feirmeacha gaoithe agus nár mhór go mbeadh na pobail páirteach sna tograí agus go mbainfeadh siad tairbhe astu.

Beidh na struchtúir chonspóideacha á leathadh amach ar fud na tíre go míchothrom, leis an gcuid is mó acu le bheith tógtha ar chóstaí an Iarthair agus an Deiscirt.

Beidh 66 feirm ghaoithe ar a laghad tógtha i gContae Chiarraí faoi dheireadh na bliana 2020, le 52 i gContae Dhún na nGall agus 46 i gContae Chorcaí. Tá feirm ghaoithe amháin le tógáil sa Chabhán, i Longfort agus san Iarmhí, cé nach bhfuil aon cheann beartaithe do Cheatharlach ná Cill Dara.

Is é an t-oibritheoir greille náisiúnta Eirgrid atá freagrach as na feirmeacha gaoithe a cheangal leis an gcóras tarchuir leictreachais.

Dúirt an comhlacht le gairid go raibh Éire ar an mbóthar ceart chun sprioc 15% maidir le fuinneamh in-athnuaite do 2010 a bhaint amach roimh dheireadh na bliana. Tá timpeall 1,379 MW de chumhacht in-athnuaite ceangailte cheana féin, dóthain chun 1.4 milliún teach a chumhachtú.

Ag glacadh leis go leanfaidh na tionscnaimh ar fad ar aghaidh mar atá beartaithe, beidh méid iomlán de 6,567MW ceangailte ag deireadh na bliana 2020.

## Gaoth Dobhair le brú chun tosaigh ag coiste úr

**Le hEoin Mac Garvey**

CUIREADH grúpa de lucht gnó agus turasóireachta ar bun i nGaoth Dobhair ag deireadh na seachtaine le hiarracht a dhéanamh an ceantar a chur chun tosaigh agus a fhorbairt níos mó.

Bhí thar dhá scór de lucht gnó an cheantair i láthair ag an chéad chruinniú, áit ar toghadh coiste agus a ndearnadh plé ar na rudaí is féidir a dhéanamh sa cheantar ó thaobh turasóireachta, fostaíochta agus cúrsaí gnó. Bhí plé chomh maith ar an cheantar a bheith coinnithe glan agus ag éirí as seo socraíodh lá mór glantacháin sa pharóiste ar an Mháirt seo chugainn.

Is é ceann de na mórphleananna ná suíomh idirlín dátheangach a chur ar bun - www.discovergweedore.ie - agus tá an obair tosaithe air seo cheana féin. Is suíomh é ar a mbeidh eolas fán cheantar, fá chúrsaí gnó agus turasóireachta, fá stair áitiúil agus fá go leor rudaí eile a bhaineann leis an cheantar. Tá sé i gceist go mbeadh sé ina áis eolais do thurasóirí agus ina áis bholscaireachta chomh maith don cheantar agus do lucht gnó.

Rinneadh plé chomh maith ar go leor rudaí eile a thiocfadh cuidiú leis an cheantar agus i measc na bpleananna atá beartaithe don bhliain seo chugainn tá oifig fáilte de chuid Fáilte Éireann a lonnú sa pharóiste, bheith páirteach i gcomórtas náisiúnta na mbailte slachtmhara, iarracht a dhéanamh bratanna gorma a fháil do thránna an cheantair, agus féile mhór chultúrtha a reáchtáil.

Cuireadh coiste gníomhach ar bun ag an chruinniú ar a bhfuil suas le scór de lucht gnó an cheantair agus beidh siad ag dul i mbun oibre láithreach ar na moltaí uilig a tháinig os comhair an chruinnithe.

Bhí cumann tionsclaíochta agus trádála gníomhach i nGaoth Dobhair roinnt blianta ó shin agus ba ghnách leo dinnéar mór bliantúil bheith acu agus aitheantas a thabhairt do phearsa ghnó an cheantair. Is deis teacht le chéile an grúpa úr seo do lucht gnó an pharóiste uilig agus fiú ionadaithe as taobh amuigh agus tá dóchas sa cheantar go n-éireoidh go maith leis na pleananna uilig atá acu.



**Marie Therese Ní Ghallchoir, Maighréad Uí Anluain agus Gráinne Nic Geidigh i Rann na Feirste do 'Who wants to be a Thousandaire'.** (PIC: EOIN MC GARVEY)

## Toraigh chun tosaigh i leith Athchúrsála

**Le Judy Ní Ógáin**

AG comhdháil ar conas gur féidir le pobail a gcuid dramhaíola a laghdú, rinneadh sárthaispeántas de Bhainistíocht Dramhaíola agus Córas Athchúrsála Oileán Thoraigh mar gheall ar cé chomh maith is a d'éirigh leis ansin.

Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (nó an EPA) comhdháil náisiúnta a reáchtáil le gairid, ar conas cosc a chur ar dhramhaíl agus córais éifeachtacha acmhainní, atá á gcur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla mar pháirt den Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

D'oibrigh Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comharchumann Oileán Thoraigh le chéile chun feabhas a chur ar bhainistíocht dramhaíola agus chun córais um chosc ar dhramhaíl a fhorbairt ar an oileán.

De réir mar a deir Oifigeach um Chosc ar Dhramhaíl Dhún na nGall, Suzanne Tinney, d'fháiltigh muintir na n-oileán ina hiomláine roimh an tionscnamh agus tháinig feabhais dearfach ar chúrsaí timpeallachta dá bharr. Mar aitheantas ar cé chomh maith is a d'éirigh leo, bronnadh Duais Pobail Ghlais ('Green Community Award') orthu i mbliana.

Tá Toraigh suite 11 chiliméadar amach ón gcósta, le daonra de 65 teaghlach agus 8 ngnó. Go dtí an bhliain 2005, ní raibh aon seirbhísí ná aon chóras bailiúchán dramhaíola ar an oileán agus bhí dramhaíl á dumpáil ar fud an oileáin dá bharr.

Dúirt an tUasal Tinney gur thosaigh an tionscnamh gan aon bhainistíocht dramhaíola, go dtí gur thosaigh Comharchumann Thoraí Teo. ag forbairt córas baile le haghaidh athchúrsála agus coisc ar dhramhaíl. Chun a chinntiú gur tionscnamh a bheadh ann ina mbeadh pobal na n-oileán ar fad páirteach, rinneadh ceistneoir dátheangach a fhorbairt. Bhailigh an ceistneoir eolas agus dearcaí na n-oileánach ar cén bealach gur cheap siad go bhforbródh an clár agus cén chaoi go mbainfeadh gach duine tairbhe as. Tar éis an t-eolas ar fad a bheith bailithe, cumadh plean oibre, chun pobail saor ó dhramhaíl a fhorbairt, bunaithe ar mhianta na n-oileánach.

Thosaigh an Comharchumann agus an Chomhairle Chontae ar chóras bailiúchán dramhaíola baile ar bhonn trialach ag an tús. Bhí fáil ag na hoileánaigh ar fad ar an tseirbhís bhailiúcháin seo agus bhain formhór na n-oileánach úsáid aisti. Rinneadh an dramhaíl a iompar go dtí an mhórthír faoi dhó sa tseachtain sa samhradh agus uair amháin sa tseachtain sa gheimhreadh.

Sa bhliain 2008, tugadh isteach bancanna 'fág anseo' chuig an oileán, chun an méid dramhaíola a bhí ag dul chuig líonadh talún a laghdú. Tá na hoileánagh anois ag athchúrsáil a gcuid gloiní agus buidéil bhaile chomh maith le dramhaíl channaí. Úsáideann an teach tábhairne agus an t-óstán ar an oileán brúiteoir gloine chun a bheith ábalta a chuid gloiní a athchúrsáil. Ansin, úsáidtear an ghloine bhriste mar thathagú ar thionscnaimh thógála áitiúla.

I measc tionscnaimh eile athchúrsála a bunaíodh in 2009, bhí Bailiúchán Buan do Dhramhaíl Leictreach agus Trealamh Leictreonach (nó WEEE), is iad sin: cadhnraí, fóin shoghluaiste, feadáin fhluaraiseacha agus cartúis phriondála. Tugtar chuig an mhórthír iad chun iad a athchúrsáil.

Tháinig laghdú ar mheán an méid dramhaíola a bailíodh go seachtainiúil i dToraigh, ó 18.31 cileagram in 2007 síos go 9.8 cileagram in 2009. Ba í an dramhaíl ghloine an chuid ba mhó den dramhaíl tráchtála in 2007 ag 81.5% ach tá laghdú ollmhór tagtha air sin anois - síos go 1.71%. Tharla seo de bharr go n-úsáidtear an brúiteoir gloine don earnáil tráchtála agus as sin, an úsáid a bhaintear as an ghloine bhriste sna tionscnaimh thógála ar an oileán.

Dúirt an tUasal Tinney go bhfuil an córas iomlán bailiúchán dramhaíola agus athchúrsála atá anois ar Oileán Thoraigh chomh maith le córas ar bith in aon bhaile nó sráidbhaile eile ar an mhórthír agus go bhfuil a bhuíochas sin ag dul do phobal an oileáin a tháinig le chéile chun a chinntiú gur tionscnamh rathúil a bheadh sa tionscnamh seo.

I measc tionscnaimh eile a ndearnadh sárthaispeántas díobh ag an gcomhdháil chéanna bhí: aerfort réigiúnach, ospidéil, tógáil, feirmeacha, ollscoil, eagraíochtaí pobail, tithe tábhairne agus scoileanna.

## Ceiliúradh ar Sheán Nugent

**le hAnton Mac Cába**

BEIDH ceiliúradh ar an fhidléir mhór, Seán Nugent, ar an Eadarnaidh i bhFear Manach anocht. Beidh searmanas ag an uaigh in aice le teach an phobail ar 8.15 tráthnóna, ansin ceol sa Glendarragh Valley Inn ó 9.30 ar aghaidh. I measc na gceoltóirí, beidh na fidléirí Gerry O'Connor as Dún Dealgan agus Terry Smith as an Chabhán, chomh maith le neart ceoltóirí as Tír Eoghain agus Fear Manach.

Chaith Sean Nugent bunús a shaoil ar an Leac i bhFear Manach. Chum sé ar a laghad 35 fonn. Sheinn sé leis na blianta leis an bhanna mór céilí 'The Pride of Erin'. Aithníodh é seo mar cheann de na bannaí ab fhearr dá shórt. Ba mhac deirféar é Nugent le ceoltóir cáiliúil Thír Eoghain, Felix Kearney. Bhí Nugent ar an dream beag a choinnigh an ceol traidisiúnta beo sna 1940idí agus sna 1950idí. Rinne sé an ceol a theagasc do chuid mhór ceoltóirí óga.

Tá tuilleadh eolais faoin cheiliúradh ar fáil ach scairt a chur ar Catherine McLaughlin ar 00 44 7933 465101.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 25 Meitheamh, 2010

# 3 TUAIRIMÍ

# Péas nua, seanfhadhb



Le hEoghan Ó Néill

TÁ iarsmaí de sheicteachas an RUC le sonrú sa PSNI. Ach tá an taoide ag dul sa treo ceart sa PSNI agus ní seicteachas is cúis leis an drogall atá ar náisiúnaithe tacú leo.

Tá náisiúnaithe in amhras faoi na péas cionn is go bhfuil an PSNI ar na póilíní is mí-éifeachtaí ar domhan.

In Iarthar Bhéal Feirste, roinnt seachtainí ó shin, tháinig na péas ar scaifte déagóirí a bhí ag ól i lár an lae ghil ar shráid i Léana an Dúin: liúdramáin a bhí ag déanamh teircheantair (no-go area) den tsráid sin do phobal na háite.

Seachas an dlí a chur i bhfeidhm agus faoiseamh a thabhairt do phobal na háite, thosaigh na péas ag craoladh ceoil ó challaire ar dhíon an jíp. Ceol den saghas a bhíonn le cloisteáil ó veain díolta uachtar reoite. Dar leis an PSNI, bhí siad ag iarraidh na liúdramáin a shuaimhniú!

Trí seachtaine roimhe sin, batráladh Séamas Fox chun báis taobh amuigh de bheairic an PSNI ag Woodbourne.

Cúpla uair an chloig roimh bhás Shéamais, scairt duine ón chomharsanacht ar na péas agus rinne gearán faoi bhaicle achrannach de dhéagóirí a bhí i ndiaidh tine a lasadh faoi chóngar na beairice.

Bhreathnaigh na péas ar na stócaigh ar an CCTV ach níor cuireadh aon phóilíní amach chucu.

Dhá uair an chloig níos moille, ní raibh aon aird ag na péas ar an CCTV agus Séamas Fox á bhualadh chun báis os a gcomhair amach.

Níl ansin ach cúpla sampla den 'tseirbhís' phóilíneachta i mBéal Feirste Thiar.

Seachas a lochtanna agus a n-easnaimh a admháil, téann an PSNI ag lochtú gach duine eile as a míchumas.

Ar dtús, bhíodh siad ag maíomh nach raibh siad ag fáil tacaíocht go leor ón phobal.

Bréagnaíodh sin i gcás Harry Holland, i gcás Frank McGreevy agus in go leor cásanna eile.

Ansin thosaigh siad ag tabhairt le fios nach raibh acmhainní go leor acu chun plé leis na coirpigh.

In ainm Croim, tá breis agus 10,000 fear is bean faoi éide PSNI sa Tuaisceart!

Níl ach milliún go leith duine ina gcónaí ann.

I Nua-Eabhrac, níl ach 37,000 oifigeach ag an NYPD, fórsa a phléann, ar ghnáth-lá, le 12 milliún duine.

Ní hé easpa péas an fhadhb sa Tuaisceart. Ná easpa tacaíochta ón phobal. Is iad an PSNI féin an fhadhb. Meon an PSNI go háirithe.

Níl meas ag an PSNI ar phobal Iarthar Bhéal Feirste. Léiríonn siad an easpa measa sin ar bhonn laethúil nuair a dhiúltaíonn siad bodaigh bheorach a ghlanadh amach as Páirc Dunville i gceartlár cheantar na bhFál.

Nuair nach mbacann siad go fiú le ráitis a thógáil ó fhinnéithe súl agus iad ag láthair choire in iarthar na cathrach.

Léirigh siad é go foirfe le déanaí nuair a thug siad lucht teilifíse thart ar Pháirc na bhFál chun péas a thaifeadadh ag sciobadh buidéil bheorach ó stócaigh ólta. Ach ar imeacht na gceamaraí, ghéill siad an pháirc do na bithiúnaigh arís.

Agus fiú amháin na péas is bománta, tuigeann siad gur mórcheist in iarthar na cathrach an spraoithiomáint.

Seachas coinneáil leis an troid ina gcoinne, shocraigh an PSNI ar na mallaibh fáil réidh leis an aon aonad speisialta a bhí bunaithe acu chun díriú ar spraoithiománaithe.

Is mór idir tosaíochtaí an PSNI agus na tosaíochtaí a bhíonn ag muintir Iarthar Bhéal Feirste.

Tá siad sin ag lorg péasfhórsa a chinnteoidh go dtiocfadh leo na sráideanna a shiúl gan scriúire a bheith sáite sa chloigeann acu nó a bheith leagtha ag spraoithiománaí.

Ó bunaíodh an stát ó thuaidh, ní raibh péasfhórsa éifeachtach riamh ann.

Míliste a bhí san RUC.

Rinne sciar den phobal an chuid eile den phobal a choinneáil faoi chois.

Tá an PSNI ag iarraidh péasfhórsa a chruthú a dhéanfar a mheas de réir chritéir na póilíneachta seachas de réir a fhrith-náisiúnachais. I gceantair náisiúnacha, tá ag teip orthu go dtí seo. Agus tá ag teip ar na hinstitiúidí eile.

Feadh na dtrioblóidí, bhí an DPP (an PPS mar atá anois ann) ag cur Poblachtaithe go príosún gan fianaise gan bhuairt.

Anois nuair is gá dóibh feidhmiú de réir na gairmiúlachta agus na fianaise, tá ag cliseadh orthu.


Fágadh é ag clann Thomas Devlin cath i ndiaidh catha a chur chun go gcuirfeadh an PPS an dlí ar na marfóirí a sháigh a mac chun báis.

B'éigean do chlann Harry Holland feachtas na mblianta a chur chun go gcuirfí an dlí i gceart ar na daoine a mharaigh Harry. Agus go fiú ina dhiaidh sin ar fad, ní bhfuair siad a sásamh mar gheall ar mhí-éifeacht an DPP.

Tá obair mhaith déanta ar cheist na póilíneachta ó thuaidh. Agus é sin canta os ard.

Ach níl leathoiread cainte ar chomh tubaisteach is atá teipeanna an PSNI sna ceantair náisiúnacha agus faoin dóigh a bhfuil sé sin ag tochailt faoin dul chun cinn polaitiúil.

Tá obair mhór roimh David Ford agus an Aireacht Dlí is Cirt.




An PSNI, an bhfuil siad ag dul sa treo ceart?

## AR NA BLAGANNA



**Cín Lae Uí Reachtair**
"Tá seoid tuairimíochta i nGaelscéal na seachtaine seo....D'fhéadfaí suí síos leis an gcineál tuairimíochta seo agus lochtanna a aimsiú i mbeagnach gach líne de, go háirithe ina iarrachtaí suaracha frith-Sheimíteachas a chur in aghaidh na cabhrach daonnúil agus clú na ngníomhaíoch a mhilleadh...N'fheadar cé acu is measa? Mo dhuine as ucht a scríobh nó mo dhuine eile atá i gceannas an nuachtáin as ag ligean an bhréag a chur i gcló."
http://tadenc.blogspot.com/

**An Codú: Damhsa ag Lúnasa (agus Iúl!)**
"Beidh Emma O Sullivan ag reáchtáil dhá Campa Damhsa ar an Sean Nós do pháistí an Samhraidh seo i Áras na nGael, Gaillimh... Tosaíonn an chéad-campa ar an 6ú lá Iúil agus an dara cheann ar an 3ú lá Lunasa. Tá costas do €60.00 ar an gCampa don phaiste."
http://smaointefanacha.blogspot.com/

**Dialann Scott: An Chúis go bhFuil Gráin Agam don gCaitliceachas**
"Ní Caitliceach, Protastúnach ná aon chineál eile de Chríostaí mé. Tógadh mé mar dhuine a bheadh meas aige do thuairimí daoine eile, gan dochar a dhéanamh do dhaoine eile agus maitheas a dhéanamh. Ach tá rud amháin a bhfuil gráin agus fearg agam dó, agus is é sin ná institiúid na hEaglais Caitlicí....."
http://dialannscott.blogspot.com/

**Whitehall 1212: Roghainn na Daoine – Ball-Coise Neo Drama**
"'S ann mu dheidhinn eachdraidh sgaradh mór na h-Eaglais, an dealachadh, a bha an sgeulachd air a reic rinn ach tha na sgeulachdan pearsanta, inntinneach agus cumhachdach mar a tha iad, a' dol san rathad. Tha iomadach cuspair a seo – an Gort, dúsgadh creideimh, armailteachd... 'S mar sin chan ann airson sgeulachd na h-Eaglais bu choir dhuibh am ball-coise a sheachnadh agus ur slighe a dhéanamh gu roghainn nan daoine."
http://whitehall1212.blogspot.com

**Gaeltacht21: Gaeilge go Luath???**
"Tá suíomh facebook ag Houses of the Oireachtas (Béarla) agus baintear úsáid as an leathanach sin le preas ráitaisí a fhogairt.... Bíonn ráiteas i gcónaí i mBéarla ann ach thuas ar bharr tá cnaipe "Gaeilge"ann. Brúaim an cnaipe sin lá le dóchas ach cad a bhfaighim? "Tá an leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin an Oireachtais á réiteach agus beidh sé ar fáil go luath."
http://gaeltacht21.blogspot.com/http://igaeilge.wordpress.com/

# "Deirtear nach bhfuil fear ina fhear nó go bhfaigheann a athair bás"



Le Bernie Ní Fhlatharta

TÁ ré nua tagtha. Tá na daoine a mhúin mo ghairm domsa ag éirí as a bpoist - tá mise agus mo chomhghleacaithe anois in ainm a bheith fásta suas agus muid in ann seasamh suas ar ár gcosa féin.

Cén uair a dtagann ciall agus taithí? Cén tráth inár saol a gceapann muid go bhfuil fios againn ar gach uile shórt? Deirtear nach bhfuil fear ina fhear nó go bhfaigheann a athair bás.

D'éirigh dhá eagarthóir as a bpoist i mo linn-sa agus d'airigh mé uaim iad ar dtús ach tháinig liom. Agus chaill mé comhghleacaithe freisin tré bhás agus iad ag éirí as a bpost, daoine a raibh ómós agam dóibh, a thug misneach domsa, a thaispeáin cineáltas dom.

Nuair a chuala mé clár ar Raidió na Gaeltachta an tseachtain seo caite do Mháirtín Jamesie Ó Flatharta an craoltóir tháinig tocht i mo chroí le huaigneas. Tá mé cinnte go raibh an-uaigneas air féin nuair a thuig sé an meas a bhí air mar dhuine agus mar chraoltóir ach nuair a chuala mise daoine ag caint faoi agus é féin ag caint, chuaigh mé siar ar bhóithrín na smaointe.

Go minic, rómhinic, ní insíonn muid do dhaoine an tionchar a bhí acu orainn. Ní thugann muid moladh.

Blianta ó shin is iomaí clár ar RnaG inár thóg mé páirt ann le Máirtín Jamesie, mar láithreoir nó mar léiritheoir. I gcónaí bhí sé iontach ag obair leis, ar an aer beo nó ag réiteach mír éigin. Bhí ré iontach ann ag obair le Máirtín Jamesie agus le Máirtín Mac Donnchadha.

Bhí Jamesie chomh nádúrtha ar an aer. Rinne mise dearmad go minic, rómhinic, gur ar an aer a bhí muid agus nach ag caint eadrainn féin a bhí muid agus is iomaí uair a chuir mé mo chois ann leis an ealaín a bhíodh againn le chéile.

Ba gaol an-mhaith a bhí ann, bhuel domsa ar aon nós, mar go raibh mise ag obair le réalt.

Ach an rud faoi, ní raibh aon ghaisce ag baint le Máirtín. Bhí sé gróiúil i gcónaí, cineálta, tuiscineach agus ní bheidh a leithéid arís ann.

A Mháirtín, ó mo chroí mo mhíle buíochas as ucht an méid gáire a rinne muid le chéile ar an aer. Cá bhfuil an chraic imithe? Tá an saol imithe i bhfad ródháiríre, rófhásta suas agus níl mise ná tusa réidh fós don dáiríreacht sin.

# Na bózós seo ag tarraingt as a chéile



Le Conall Ó Móráin

TÁ fíordhrogall orm oiread is focal amháin a scríobh faoi Enda Kenny agus a chomhghleacaithe, dream a cheapann go mbeidh siad i gceannas ar an tír seo go luath, ach tríd an gcolún seo tá seans agam 'labhairt' leo agus tuairimí an lucht gnó a sheoladh ina dtreo. A chairde, tá lucht gnó, an dream a dhíolann cáin chun sibhse a choimeád i ngnó, ar mire le fearg.

Ní ghlacfaidh mé taobh idir an bheirt a bhí ag lorg ceannaireachta ar Fhine Gael mar is cuma liom. Ní colúnaí polaitíochta mé. Ach caithfidh mé a rá go gcuireann sé fíor-eagla orm, agus ar dhaoine eile i gcúrsaí gnó gur labhair mé leo faoin scéal, go mbeadh ceachtar acu in ann aon chumhacht a bheith acu mo shaol nó saol mo pháistí a threorú.

Thaispeáin an dá thaobh cé chomh mí-ábalta agus atá siad. Bruton ag cur i gcoinne Kenny ar an lá céanna go raibh vóta acu i gcoinne an Taoisigh, Cowen. Bhí sé sin amaideach go leor ach nuair a thosaigh muintir Kenny ag maíomh gur cath idir muintir na tuaithe agus muintir an bhaile mhóir a bhí i gceist d'imigh m'fhearg thar fóir. Dúirt duine de chúntóirí Kenny, ag buaicphointe an fheachtais atoghchánaíochta, gur cosúil an 'comórtas' eatarthu le babhta den chraobh uile Éireann, Maigh Eo ag imirt i gcoinne Bhaile Átha Cliath. Níl ann ach cluiche dar leo. Cluiche? A leithéid de ráiméis.

Cén aois ina gcónaíonn na daoine seo? Ní dóigh liom gur chuala mé mo chuid páistí nó a gcuid cairde atá ina gcónaí sa Phríomhchathair riamh ag caitheamh anuas ar aon dream lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Níl a leithéid de choimhlint 'shóisialta' sa tír a thuilleadh.

Is cuimhin liom gur mar sin a bhí sé nuair a bhí mise óg mar cheap muidne, mar pháistí óga, go raibh muid i bhfad níos galánta ná daoine lasmuigh de Bhaile Átha Cliath nach raibh siopaí móra, ollmhargaí nó pictiúrlanna béal lena dtithe. Ach ansin tháinig fás ar an eacnamaíocht, thóg muid bóithre cearta agus aerfoirt réigiúnacha ar fud na tíre, tá fón póca ag gach diabhal sa tír agus ar ndóigh tá an t-idirlíon ar fáil ag cách. Is féidir le col ceathracha teagmháil dhíreach a dhéanamh le chéile idir Maigh Eo agus Moscó nó Port Láirge agus Peru. Tá na Tescos agus Dunnes céanna againn. Tá staidiamaí breátha sna ceithre harda. Tá sé níos éasca agus níos tapúla taisteal ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath ná mar atá sé an Life a thrasnú sa trácht oíche fhliuch Shamhna. Tá an tír snaidhmthe le chéile go docht.

Níl mothú in aon chor sa tír, gur thug mise faoi deara ar aon nós, go bhfuil aon deighilt d'aon sórt idir cathair agus tuath, iarthar nó oirthear. An t-aon deighilt atá ann ná an deighilt idir tuiscint agus iompar na ngnáthdhaoine agus na daoine ar a dtugtar ár rialtóirí.

Tá eagla orm go bhfuil rian de theach na ngealt i dTeach Laighean mar pé rud atá san uisce ann, drugaí síocóiseacha b'fhéidir, níl mórán de cheangal idir an domhan ina maireann mise agus an ceann ina maireann daoine cosúil le Kenny agus Bruton.

Agus na bózós (teanga bheo í an Ghaeilge!) seo ag tarraingt as a chéile, tá Ivor Callely fós sa Seanad agus níl pingin dár €81,000 le feiceáil againn; tá iarcheannaire



Fhine Gael, Alan Dukes, ag bailiú €150,000 mar stiúrthóir ar bhanc atá bancbhriste agus ag tuilleamh €100,000 eile mar phinsean; níl pingin rua faighte den airgead a cuireadh amú in FÁS; níl duine de na baincéirí a chosain na mílte milliún Euro orainn ós comhair cúirte; tá an tIar-Rialtóir Airgeadais, Patrick Neary, ag bailiú pinsin bunaithe ar an €285,000 de thuarastal a bhí aige in éineacht leis an €630,000 a tugadh dó chun a phost a fhágáil agus, ar ndóigh, níl a dhóthain ansin aige, mar tugadh breis agus €150,000 eile dó le go bhfreagródh sé an fón dá mbeadh ceisteanna ag an Rialtóir nua air go ceann trí mhí; tá breis agus €2 mhilliún ar iarraidh áit éigin idir an HSE agus an ceardchumann SIPTU agus ceannasaí an cheardchumainn a rá gur comhcheilg sna meáin atá ann agus nach bhfuair siad riamh aon airgead dá shórt ar chor ar bith.

Tá an liosta rófhada agus an t-alt seo róghearr chun bheith níos cuimsithí ach is dóigh liom go dtuigimid an scéal. Agus seo ar bharr na fírice go bhfuil na polaiteoirí a bhí i gcumhacht nuair a loiteadh eacnamaíocht na tíre fós i gcumhacht. Tá an freasúra chomh bocht agus chomh neamhinniúil nach ndéanann siad ach troid ina measc féin agus gan é a bheith mar ábaltacht acu an ruaig a chur as an Dáil ar an dá pháirtí lena mbaineann an tsástacht is ísle riamh de réir na bpobalbhreitheanna.

Ba é Nero a sheinn an veidhlín agus an Róimh ar lasrach.

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## An Ghaeilge 'éigeantach'

Is í an Ghaeilge éigeantach an cheist is conspóidí dá bhfuil ann maidir leis an Ghaeilge, leoga is ceann de na ceisteanna is conspóidí i saol polaitíochta na hÉireann í. Tá sí anois ar ais i mbéal an phobail arís, a bhuíoch d'Fhine Gael is do Pháirtí an Lucht Oibre.

Cé go raibh deacrachtaí ag Fine Gael ar na mallaibh, tá gach cuma ar an scéal go ndéanfar an chéad rialtas eile sa Phoblacht as an dá pháirtí seo. Uime sin, is cosúil go gcuirfidh an chéad rialtas eile deireadh leis an Ghaeilge 'éigeantach' don Ardteistiméireacht.

Is féidir leis an Ghaeilge maireachtáil gan í a bheith éigeantach don Ardteist ach ná bíodh aon amhras faoi, ba bhuille uafásach don Ghaeilge is do chultúr dúchasach na tíre seo an gníomh sin.

B'ionann é agus deireadh a chur le hathbheochan na Gaeilge ó thaobh an Stáit de. Má dhéantar sin, beidh tionchar aige seo ar chúrsaí Gaeilge amach anseo ar gach leibhéal.

Ba chóir do náisiún ar bith a chultúr féin a chosaint ó iomaíochas. Mura bhfuil cothromas ann tríd an Ghaeilge a bheith ina hábhar éigeantach don Ardteist, beidh brú ar dhaoine óga ábhar "níos úsáidí" a dhéanamh is an Ghaeilge a chur i leataobh. Agus í éigeantach mar atá faoi láthair, tá an riail chéanna i bhfeidhm do gach duine is níl an t-iomaíochas sin ann.

Ó thuaidh, ní féidir le gach duine ar mhaith leo staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge sin a dhéanamh de bhrí go bhfuil socruithe le déanamh acu.

Sin an fíor-éigeantas.

Caithfear a chinntiú go bhfuil go leor múinteoirí ann leis an Ghaeilge a theagasc is chun a bheith ag teagasc trí Ghaeilge amach anseo; ba chóir an chinnteacht seo a dhaingniú trí reachtaíocht, ach bheadh sé sin thar a bheith deacair gan an Ghaeilge éigeantach.

Deirtear linn i gcónaí 'compulsion has failed,' ach is é lom na fírinne go bhfuil líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu ó dheas ag ardú de réir na ndaonáireamh. Is é lom na fírinne go bhfuil Gaeilge beagnach líofa ag na céadta míle in Éirinn mar gheall ar an chóras oideachais, is é an dúshlán ná iad a chur ag labhairt Gaeilge go laethúil.

Má chuirtear an gníomh seo i gcrích, déanfar dochar don nasc idir an Ghaeilge agus Éire. Tá an Ghaeilge, bíodh is nach bhfuil sí á labhairt go forleathan faraor, ina bunchloch den Stát Éireannach. Má bhaintear an bhunchloch sin ar shiúl, déanfar dochar do bhuanseasmhachas an Stáit féin.

B'fhéidir leis an Ghaeilge maireachtáil mar theanga a bhaineann le fíor-mhionlach againn agus a bheadh i seilbh fíor-bheagán againn gan Gaeilge éigeantach ach tá gach seans go mbeadh an t*Irish language* i mbaol. Tús próisis a bheadh ann, scaradh iomlán idir cultúr dúchasach na tíre seo is an Ghaeilge. Is é an Béarla a bheas mar '*Irish Language*' mar thoradh air sa deireadh.

Ba í an Ghaeilge 'teanga na hAlban' tráth dá raibh, inniu áfach is é Béarla na hAlban ina *Scots* is teanga na hAlban, tá an Ghaeilge imeallaithe ar gach bealach.

Ba chóir don Stát cultúr an Stáit a chosaint, sin an fáth ar bunaíodh é sa chéad dul síos, is mó Stát ná geilleagar, d'ainneoin rud ar bith a mhaítear.

Cibé rud atá taobh thiar de sheasamh Fhine Gael ar an Ghaeilge mar ábhar éigeantach don Ardteist, is cinnte go bhfuil siad den tuairim go bhfuil vótaí sa seasamh seo.

Ná déanaimis dearmad áfach, go leor acu siúd atá ag iarraidh deireadh a chur leis an Ghaeilge mar ábhar éigeantach don Ardteist inniu, beidh siad ag iarraidh deireadh a chur leis an Ghaeilge mar ábhar éigeantach don Teastas Sóisearach amárach is deireadh a chur léi mar ábhar sna bunscoileanna, go dtí an pointe nach bhfuil sí ar fáil mar rogha fiú. Tá na Gaelscoileanna faoi ionsaí ag na heilimintí seo cheana agus iad ag éileamh nach mbeadh Gaelscolaíocht ar fáil saor in aisce. Beidh TG4, Raidió na Gaeilge, stádas dlíthiúil is bunreachtúil na Gaeilge, cearta teanga agus eile i mbaol ina dhiaidh sin.

Tar éis sin, ár gcluichí, ár gceol, ár ndamhsaí is ár logainmneacha.

Ná smaoinímis ar feadh soicind go maolófar feachtasaíocht is colúnaíocht mhí-bheacht i gcoinne na Gaeilge as í a bheith 'roghnach' don Ardteist. A mhalairt a bheadh fíor.

Tá an ceart ar fad ag Conradh na Gaeilge is ag eagraíochtaí Gaeilge eile seasamh láidir a ghlacadh i gcoinne na seifte seo.

Ná géillimis, troidimis.

# LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

## Iontas agus díomá

A Eagarthóir, a chara,
Chuir sé iontas agus díomá orm gur mheas tú gurbh fhiú an t-alt claonta úd dar teideal 'Is beag cara atá ag muintir Iosrael na laethanta seo. 'Táim-se ina measc' a fhoilsiú in eagrán 18 Meitheamh. Ba léir go raibh sé scríofa ag Gael-Mheiriceánach atá go mór faoi thionchar shíolteagaisc chumhachtach na nIúdach i Meiriceá nach nadmhaíonn go bhfuil muintir Iosrael ar a seacht ndícheall ag iarraidh a gcearta daonna a shéanadh ar an bpobal Arabach atá ina measc agus ina dtimpeall. Tá paranáia ar mhuintir Iosrael go bhfuil mórchuid de náisiúin daonlathacha an domhain go nimhneach ina naghaidh gan cúis ar bith leis seachas gur Iúdaigh iad lucht ceannais na tíre.

Chaith mé seal le déanaí in Iosrael agus ba rí-shoiléar dom, go háirithe ó léamh an 'Jerusalem Post', go bhfuil sceoin an domhain ar mhuintir Iosrael go gcuirfidh na cumhachtaí idirnáisiúnta iachall orthu, mar a tharla san Aifric Theas, cothrom na Féinne a thabhairt don chosmhuintir Arabach, ní hamháin i limistéir Gaza ach freisin sa Bhruach Thiar agus fiú amháin laistigh de stáit Iosrael féin. Le tamall anuas tá na h-údaráis ansin ar a míle dícheall ag iarraidh a bhforlámhas a dhaingniú go mí-dhleathach ar thailte agus ar phobail Arabacha trí bhealaí nach bhfuil cóir, ceart ná daonlathach. Seo samplaí de chuid den scéimeadóireacht a chonaic mise atá ar bhun ag muintir Iosrael i láthair na h-uaire:-

1.Bailte nua Iúdacha á dtógáil go mí-dhleathach ar bharr cnoic os cionn tailte Pailistíneacha agus uisce len iad a sholáthar á ghoid as Abhainn na hIordáine agus á bhaint ón bpobal Arabach atá ag brath ar an uisce sin faoi láthair.

2.Córas iompair poiblí, cosúil le Luas s'againne, á thógáil in Iarúsalem le freastal ar na bruachbhailte mí-dhleathacha Iúdacha sa Bhruach Thiar atá in aice na cathrach, ach nach ndéanfaidh freastal ar na bruachbhailte Arabacha atá cheana féin fan na slí.

3.'Ballaí Cosanta' á dtógáil thart ar bhailte Arabacha, ar nós Bethlehem, chun cosc a chur le saorghluiseacht agus slí bheatha na ndaoine atá ina gcónaí sna bailte sin agus ar an mbealach seo iad a dhaoradh chun dífhostaíochta, díomhaointis agus sa deireadh i dtreo an bhochtanais agus an fhoiréigin.

Ní fheictear do mhuintir Iosrael gurb é an toradh cinnte a bheidh ar a bpolasaí baoth ná an pobal mór Arabach atá ina dtimpeall a thiomáint chun ceannairce agus réabhlóide. Nuair a tharlaíonn sé sin, beidh bá agus tacaíocht idirnáisiúnta i bhfad níos láidre ag an mhuintir Arabach ó thíortha daonlathacha an domhain ná mar a bheidh ag muintir Iosrael. Agus a chonách sin orthu!

Beir beannacht,
Brian Mac Aongusa,
Cnoc na Rós,
An Charraig Dhubh
Co Átha Cliath

## An bhfuil fís 1916 cóirúil anois?

A Eagarthóir,
Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh d'alt Pháidí Uí Lionáird in eagrán na seachtaine seo. Cuireann sé síos ar cúlra Éamonn Gilmore agus an "baint le heagras poblachtánach" a bhí aige agus a "ról" ann. Cuir síos diúltach atá ann agus é cómh frithphoblachtánach agus a bhí le léamh le linn saol ailt 31, a deirtear linn, atá marbh le fada an lá.

An bhfuil sé coiriúil d'éinne a bheith ina phoblachtánach? An bhfuil fís 1916 cóirúil anois? Tabhair aire do do phost mhaith a Pháidí!

Tá aisling Séamus Uí Conghaile tréigthe le fada ag páirtí an lucht Oibre agus gan ach tarcaisne agus gangaid dá chuimhne acu.

Léiríonn alt Uí Lionáird, thar aon rud eile, go bhfuil spiorad ailt 31 beo, folláin taobh istigh an dorais. Faraor nach árdaíonn sé cad chuige gur úsáid Fianna Fáil/ IBEC agus na Glasaigh airgead an phobail chun fiacha príobháideacha a glanadh.

Is mise,
Ántóin Breathnach

## Gael Feargach

A chara,
An mise an t-aon Gael feargach maidir le hainmniúcháin an Roinn Forbartha Réigiúnaí(ó thuaidh) sna "Barr 50" ar na mallaibh? Cé go bhfuil ranganna Gaeilge acu agus cur amach eile acu i nGaeilge níl an rud is tábhachtaí déanta acu. Níor ardaigh siad comharthaí Gaeilge/dátheangacha sna 6 chontae!

Dáithí Ó Coinn
Dún Réibhe
Ard Mhacha

## Cad a deir sibhse?

**Teachtaireacht ó Gaelsceal.ie**

**"As an 7.7 milliún vacsaín a d'ordaigh rialtas na hÉireann, níor úsáideadh ach milliún amháin."**

"Agus glacaim leis gur tríd na scoileanna a fuair siad réidh le bunús an mhilliúin sin.

Is ionann é sin agus a rá nach ndeachaigh siad i gcionn ar an bpobal a mhór nó a bheag.

Cuireann sé faitíos orm, an nós seo vaicsíniú a chur ar fáil tríd na scoileanna, agus gan triallacha cearta déanta orthu i dtosach. Tá súil agam nach dtagann ceisteanna tromchúiseacha chun tosaigh amach anseo de bharr an vaicsín seo dochar a dhéanamh do na páistí."

# Gnó na Gaeilge – cad é an táirge?



Le Páidí Ó Lionáird




TÁ gach ceantar Gaeltachta, go bhfios dom, ag obair le saineolaithe i bpleanáil teanga i láthair na huaire, iad ag réiteach pleananna d'fhonn dul i ngleic le deireadh an domhain faoi mar is eol dúinn é agus faoi mar atá tuartha dúinn ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Gach seachtain ar Nuacht RnaG nó Nuacht TG4 nó san fhoilseachán seo bíonn scéal, tuairisc nó fógra faoi chruinniú i gConamara nó i nDún na nGall nó ó dheas agus coistí deonacha ag iarraidh dul i ngleic leis an ngéarchéim a léiríodh sa "Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht" ó phinn Chonchúir Uí Ghiollagáin agus Sheosaimh Mhic Dhonnacha.

Sa staidéar úd deineadh iniúchadh ar ghnáth-úsáid laethúil na Gaeilge ins na ceantracha Gaeltachta ar fud na tíre. Bíodh is go bhfuil corr-cheist amhrais orm féin faoi chuid de na torthaí – go háirithe i leith an chórais ghrádaithe A, B, C a cuireadh chun cinn mar bharr ar an staidéar i gcuid de na Gaeltachtaí (mo cheantar dúchais féin – mar is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin) tá téagar nach beag leis an staidéar agus a bhfuil de mholtaí ann agus is maith ann é.

Tá ceisteanna ann áfach. Ceisteanna a bhaineann le gach a bhfuil mar ábhar eile cainte na Gaeilge le ráithe anuas, maoiniú na naoi n-eagraíochta déag a fhaigheann bunmhaoiniú stáit trí sparántas Fhoras na Gaeilge. Cá bhfuil a ról i réiteach na bpleananna fóirithinte? Cá bhfuil a gcur chuige ag teacht i dtír ar na dúshláin atá luaite ins an staidéar céanna? Tá go leor scríofa i litir Helen Uí Mhurchú chuig Gaelscéal 11/06, thar ceann Fhóram na 19 nEagraíocht Bhunmhaoinithe nach dtuigimse in aon chor in ainneoin go bhfuilim ag labhairt na teanga seo ó rugadh mé (nó go gairid ina dhiaidh sin). Tá teanga chomh casta a húsáid aici gur léir gur do dhaoine acadúla amháin atá an litir scríofa. Táim cinnte de rud amháin, éinne ar labhair mise leo faoi, nár léigh siad níos mó ná an chéad alt ann mar go raibh sé dothuigthe dóibh. Daoine iad seo atá chomh líofa i labhairt na Gaeilge agus atáim féin. Dá bharr caithfidh mé iarracht a dhéanamh tátal a bhaint as a bhfuil ann.

Tá sé curtha i leith Fhoras na Gaeilge (dream nach saineolaithe teanga iad) gur ar mhaithe le costas-éifeachtúlacht atáthar i mbun na n-athruithe atá beartaithe acu agus nach bhfuil aon saineolas san eagraíocht ó thaobh chomhlíonadh a gcuid dualgas. Tá sé intuigthe áfach óna litir go bhfuil "...saineolas ag na saineolaithe teanga atá ins na saineagraíochtaí agus go dtuigeann siad sainriachtanais na bpobal". Má tá siad chomh maith sin, cén fáth nach bhfuil rochtain ag na grúpaí deonacha i nGaeltachtaí thuaidh agus theas na tíre orthu? Cén fáth nach bhfuil na heagrais seo á gcur féin sa bhearna bhaoil agus ag freastal ar riachtanais na bpobal seo ar bhonn eagraithe agus dírithe? Nach chuige sin atá siad?

Ina dara pointe mar fhocail scoir, deir Ó Murchú go dtuigeann "...an Earnáil Bhunmhaoinithe a gnó." Agus is leis an abairt sin amháin atá croílár na faidhbe. Is gnó mór í an Ghaeilge anois. Ní modh cumarsáide faoi mar a d'fhás mise suas agus faoi mar a leanaim lena labhairt ar bhonn laethúil. Gnó! Agus sara ndeir éinne agaibh go bhfuilimse i measc na n-iliomad atá, de bharr go bhfuil cumas labhartha na Gaeilge agam, ag tuilleamh mo shlí bheatha aisti, bheadh an cheart agaibh. Nílim, fostaithe ag aon eagras ar leith áfach – bunmhaoinithe ná a mhalairt. Braithim go huile agus go hiomlán ar mo stuaim féin chun mo chuid oibre a mhealladh ó chuid de na heagrais atá bunmhaoinithe ag an stát. Táim féinfhostaithe. Agus tá toradh éigin le feiceáil ar mo chuid oibre ar shlí amháin nó eile. Maith nó olc, measartha nó inmholta. Ar mhaithe le hanalach an ghnó a úsáid tuilleadh, d'fhéadfaí an focal 'táirge' a úsáid. I ndeireadh thiar, bíodh an "táirge" sin i bhfoirm an cholúin seo nó clár teilifíse. Chaitheas níos mó ama fiú ag obair le dhá cheann de na 'hEagrais Bhunmhaoinithe' úd, Ógras faoi choimirce Chonradh na Gaeilge agus Gaelscoileanna. Arís bhí 'táirge' le sonrú le linn mo thréimhse leis na heagrais sin, méadú tairgíochta fiú – i bhfoirm líon na n-óg-eagras nó líon na scoileanna lán-Ghaeilge fá seach.

Ní haon ghúrú Gaeilge mise ach nílim i mo leithscéalaí d'Fhoras na Gaeilge ach an oiread – táim cinnte go dtiocfaidh an t-am go n-admhóidh Éamon O Cuív a bhotún ollmhór an lá gur shínigh sé an píosa reachtaíochta áirithe a chuir an Foras ar bun. Sin scéal do lá eile ach má tá Helen Ó Murchú agus na naoi n-eagras déag dáiríre faoi "ghnó" na Gaeilge, taispeánaidís ceannródaíocht agus bíodh a gcuid táirgíochta le feiceáil agus bíodh siad lárnach i réiteach na géarchéime seo. É sin nó b'fhéidir gur chóir an córas grádaithe A, B nó C a chur le críochnúlacht na n-eagras céanna. Seo teanga, modh cumarsáide, agus táim cinnte de gur le dea-thoil na n-oibrithe deonacha agus ní aon fóirithint ós na heagrais seo a bhainfidh na coistí dheonacha mórthimpeall na tíre a spriocanna amach. Guím gach rath orthu.

> **"...saineolas ag na saineolaithe teanga atá ins na saineagraíochtaí agus go dtuigeann siad sainriachtanais na bpobal". Má tá siad chomh maith sin, cén fáth nach bhfuil rochtain ag na grúpaí dheonacha i nGaeltachtaí thuaidh agus theas na tíre orthu?**

## SÚIL SIAR na Seachtaine

**Fáinne an Lae, Iúl 9, 1898**

### An Cogadh, Cleas na Spáinneach

BHÍ muintir na Stát ró-láidir do na Spáinneachaibh ar muir, agus mharbh siad na daoine calma sin gan faoramh. Acht tá na Spáinnigh maith go leor dóibh ar tír, agus beidh a ndóthain le déanamh ag gairgidheachaibh na Stát sul a bheidh sealbh na Cúba acu.

Ar maidin an ceathramhadh lae fichead de'n Mheitheamh, tháinig sgéala go dtí an Taoiseach ar arm na Stát i mBaile Altárais go raibh na Spáinnigh ag déanamh iarrachta ar theacht taobh thiar díobh , agus go rabhadar an uair sin ar na cnocaibh tamall beag uatha.

Dubhairt an Taoiseach leis na Marcachaibh Garbha, dul 'na gcoinne , agus a ruagadh tar a n-ais. Chuaidh siad romhampa, agus a n-airm agus a n-éide Catha orra, agus dá chéad piléar i gcrios gach aon'ne aca. Tá cnoic árda ins an gceanntar sin agus coillte orra. Ní'l aon bhóthar tríotha acht casáin chumhanga agus chaith na Marcaigh Garbha, agus na saighdiuirí eile, dul i ndiaidh a chéile. Bhíodar mar sin gur chuir siad cnoc no dhó dhíobh. Annsinn d'airigheadh siad glaodhach mar bheadh ceol chuaiche ar gach taobh díobh anois agus arís. Bhuail siad romhampa tamall eile. Annsin chonnairc siad cinn na Spáinneach ag féachaint orra tríd an bhféar árd agus tre mhion-chrannaibh na coille. Tamall beag eile 'na dhiaidh sin, do baineadh geit asta, mar lámhuigh na Spáinnigh a ngunaí orra ar an gcoill. Annsin d'órduigh Coirnéal Bhúd dóibh a ngunaí féin do líonadh, agus gach Spáinneach d'a bhfeicfidír, do lámhach. Chuaidh siad asteach tríd an bhféar ins an gcoill, agus iad ag líonadh 's ag lámhach romhampa. Bhí na Marcaigh Garbha ag obair chomh cruaidh sin gur bhuail cuid díobh a chéile, agus b'é sin an chéad chath ar a rabhadar riamh. Bhí troid andian aca go ceann uaire , agus annsin chaith na Spáinnigh rith ar a gcúlaibh. Lean na Marcaigh Garbha iad síos an fána agus suas i n-aghaidh chnuic eile. Bhí teach adhmaid ar bhárr an chnuic sin ag na Spáinneachaibh, agus chuaidh siad i bhfolach ann. Tháinig an mhuintir eile 'na ndiaidh i gcoinne an chnuic, agus leig siad piléir mhóra tríd an tigh, gur bh'éigin do na Spáinneachaibh teicheadh arís. Níor lean na daoine eile níos sia iad. Do marbhadh trí dhuine dhéag d'arm na Stát agus dá'réag Spáinneach agus gortuigheadh a lán eile ar gach taoibh.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 25 Meitheamh, 2010



# Is maith an t-anlann an t-ocras

Le Treasa Bhreathnach



Mar oileán tá muid timpeallaithe ag an bhfarraige agus fós féin ní itheann Éireannaigh a ndóthain iasc. Ní itheann ach 20% d'Éireannaigh iasc faoi dhó sa tseachtain. Is féidir le hithe iasc uair nó dhó sa tseachtain an baol go mbuailfidh galair éagsúla thú a laghdú, plúchadh agus ailse próstatach ina measc. Tá sé ráite linn leis na blianta anuas faoin tábhacht atá ag baint le haigéid shailleacha Óimige 3 (fatty acids) atá le fáil go nádúrtha in éisc olúla agus nach bhfuil sé de chumas ag do chorp féin a ndéanamh. Fiú má itheann tú iasc uair amháin sa tseachtain laghdaíonn sé an seans go mbuailfidh taom croí marfach thú ar 52%. Chomh maith leis sin laghdaítear an baol go dtiocfaidh néaltrú (dementia), gruaim, galar Alzheimer, agus cineálacha éagsúla ailse ort. Tá na haigéid shailleacha riachtanach freisin d'fhorbairt inchinne, súl agus néaróg i linbh agus i ndaoine óga. Tá caoga oiread níos mó de bhaol ann go bhfulaingeoidh muintir na hÉireann leis an ngruaim ná ale hais mhuintir na Seapáine a itheann a lán iasc.


Anois, mura bhfuil do dhóthain ansin agat, céard faoi seo - cabhraíonn an tsinc atá le fáil in éisc leat craiceann sláintiúil a bheith agat, agus tá vitimíní A agus D in éisc chomh maith a chabhróidh le do ghruaig agus le do shúile. Ní bhíonn mórán i saille sáithithe ná colaistéaról in éisc. Cé go gcloiseann muid i gcónaí faoi éisc olúla tá buntáistí sláinte ag baint le gach cineál iasc, is cuma cé acu atá siad olúl nó bán nó gur sliogéisc iad.

Ní hamháin go bhfuil éisc go maith duit ach ná déanaimis dearmad ar an bhfeamainn ach an oiread. Tá feamainn dhonn, dhearg agus ghlas le fáil anseo in Éirinn agus tá buntáistí sláinte le gach ceann acu. Tá níos mó iaidín le fáil i dtorthaí na mara ná mar atá i dtorthaí a fhásann ar tír, agus tá neart mianraí agus vitimíní riachtanacha le fáil iontu. Cé go bhfuil eolas ag a lán againn ar charraigín nó duilisc tá éagsúlacht mhór feamainne ann a d'fhéadfaí a úsáid i do chuid cócaireachta agus níl le déanamh agat ach cúpla uair an chloig a chaitheamh ar an gcladach chun roinnt di a bhailiú. Bí cinnte faoin gcineál feamainne atá á bailiú agat agus smaoinigh ar inbhuanaitheacht na feamainne ag an am céanna.

I measc na bhféilte bia uile atá ar siúl ar fud na hÉireann tá ceann ar tí tosú in Acaill 'Féile Bia na Mara' ina mbeidh ceiliúradh á dhéanamh ar shaol an oileáin agus bia na mara a bhfuil siad timpeallaithe aige. Beidh an fhéile seo ar siúl ón 15ú go dtí an 18ú Iúil agus iad ag déanamh ceiliúrtha ar an 34 speiceas d'éisc atá le fáil ar chósta Acaill. Tá traidisiún láidir in Acail, ní hamháin ó thaobh na hiascaireachta de, ach maidir le féilte ceiliúrtha a bhaineann leis an bhfarraige. Siar sna 50í agus 60í bhíodh tionscail láidir iascaireacht liamháin gréine (basking shark) ar an oileán agus d'eascair as an traidisiún sin an fhéile slat-iascaireacht siorcanna sna 80í. Is tar éis gur chríochnaigh an fhéile seo gur cuireadh tús le Féile Bia na Mara in Acaill in 1993. Cé go raibh briseadh beag acu is í seo an dara bliain d'athbheochan na féile.

Beidh Jenny Bristow mar aoi-chócaire le linn na féile i mbliana. Is í Jenny atá mar 'ambasadóir bia mhaith' na hÉireann agus bheadh aithne ag daoine uirthi ar a leabhair agus ar na cláir theilifíse atá déanta aici. Beidh taispeántas cócaireachta á dhéanamh aici ar an Satharn i dteach ósta 'Gielty' i nDúnach Ard ag 2 i.n. agus beidh deis ag an lucht féachana blaiseadh den bheatha a bheidh á réiteach aici. Ní hamháin go mbeidh Jenny ag déanamh taispeántas cócaireachta ach beidh Michael McNamara, iar-úinéir bialainne, le feiceáil chomh maith ar an Domhnach agus beidh deis ag daoine blaiseadh beag fíon a bheith acu ansin. Tá neart imeachtaí ar siúl taobh amuigh den bheatha don teaghlach uilig, mar shampla dearadh caisleán gainimh, siúlóid ar an gcósta agus an comórtas 'Tá Tálann ag Acaill' a mbeidh iomaíocht ghéar ann. Má tá suim agaibh tuilleadh eolais a fháil faoin bhféile seo téigí chuig www.achilltourism.com





**Spaigití na Mara (Himanthalia elongata) agus tráta gairleoige le spíosra**

Comhábhair:

50g de spaigití na mara tirim
1 stán trátaí mionghearrtha
2 chloigeann gairleoige
6 mhuisiriún
1 oinniún
1 taespúnóg de *turmeric*
1 taespúnóg de phúdar cillí

Modh:

Báigh an spaigití in uisce úr ar feadh 10 nóiméad. Gearr go mín an t-oinniún, na muisiriúin, agus brúigh an ghairleog. Frioch an t-oinniún agus muisiriún in ola. Meascaigh isteach an spaigití, an ghairleog, an *turmeric* agus an púdar cillí. Nuair atá sé beagnach déanta cuir an stán trátaí leis agus suanbhruith go dtí go bhfuil tú réidh lena ithe. Is féidir tuilleadh blais a chur leis seo ach piobar a chur leis. Téann práta bácáilte go maith leis na béilí seo.

www.seaweed.ie

Ag Guí gach rath ar Fhéile Bia na Mara
Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe / Co. Galway
Teil:/Tel: (091) 503100
Facs:/Fax: (091) 503101
Baile Mhic Íre
Maigh Chromtha
Co. Chorcaí / Co. Cork
Teil:/Tel: (026) 45366
Facs:/Fax: (026) 45423
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall / Co. Donegal
Teil:/Tel: (074) 9560100
Facs:/Fax: (074) 9560101
Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean
Co. Chiarraí / Co. Kerry
Teil:/Tel: (066) 9150100
Facs:/Fax: (066) 9150101
An Áislann
Béal an Mhuirthead
Co. Mhaigh Eo / Co. Mayo
Teil:/Tel: (097) 81418
Facs:/Fax: (097) 82179
e: eolas@udaras.ie w: www.udaras.ie
NDP Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
Údarás na Gaeltachta

Féile Bia na Mara
15 - 18 Iúil

Leis an gCócaire Cáiliúil
Jenny Bristow
Teil: 00353 (0) 98 47353
www.feilebianamara.com
info@achilltourism.com
ACHILL TOURISM
TURASÓIREACHT ACLA

Comhgháirdeas d'Féile Bia na Mara
ó Bhord agus Foireann Oibre
Comhlacht Forbartha Áitiúil
Acla
Caol, Acaill, Co. Mhaigh Eó
Ag freastal ar an phobal
CFÁA
"Go n-eirí go geall libh"
Fón 098 43292 | Faics 098 43058
www.acaill.com

# An t-Ollmhargadh faoin Spéir

Le Treasa Bhreathnach



Cé go raibh traidisiún láidir againn, siar sna blianta, a bheith ag bailiú beatha ónár gcóstaí agus ón dúlra, tá an traidisiún sin caillte againn le blianta beaga anuas. Ní hé sin le rá nach bhfuil an éagsúlacht agus an saibhreas céanna beatha fós le fáil i ngach áit timpeall orainn, níl ann ach go gcaithfidh muid smaoineamh ar an nádúr i mbealach eile. Má luaim, bláth troime (elderflower), bláth aitinn (gorse flower), samhradh (sorrel), neantóga (nettles), caisearbhán (dandelion), gairleog fiáin, nó labhandar, céard air smaoineofá? An é an gairdín faoi bhláth nó an salachar imithe fiáin, nó b'fhéidir go smaoineofá ar an chistin agus ar na béilí áille is féidir a dhéanamh le comhábhair faighte ón ollmhargadh faoin spéir?

Bhí stiogma ag baint lena bheith ag bailiú beatha leis na blianta mar gur measadh nach ndéanfadh ach na daoine ba bhoichte é sin. Ní ar mhaithe le sábháil airgid a dhéantar é sa lá atá inniu ann ach chun éagsúlacht bhlais a chur isteach sa phota agus taitneamh a bhaint as an eispéireas de bheith ag bailiú do dhinnéir faoin tuath is cois cladaigh. Is cuimhin linn ar fad ar tógadh faoin tuath muid dul agus sméara dubha a bhailiú chun go ndéanfadh muid subh as, ach ar fháth éigin, leis an tíogar ceilteach, leis an leisciúlacht nó an t-aineolas, níor thug an chuid is mó againn an traidisiún seo linn agus muid ag dul in aois.

Tagann an spéis i sealgaireacht sa chúl-ghairdín faoin ngluaiseacht Mheiriceánach 'locavore' chomh maith atá ag neartú ar fud an domhain gach uile lá. Is gluaiseacht é seo a thosaigh sna 70í agus a chuireann béim ar bheatha a fhástar go réigiúnach. Má cheannaíonn nó má bhailíonn tú beatha atá i séasúr agus atá le fás i do cheantar féin tá tú ag cinntiú nach bhfuil an bheatha sin tar éis a bheith suite i stóras ar feadh na míonna, agus nach bhfuil sé tar éis taisteal na céadta míle. Ciallaíonn sé seo go bhfuil tú cinnte go bhfuil an beatha is úire agat le caitheamh isteach sa phota agus nach bhfuil tú ag cur le do lorg carbóin trí phrátaí a cheannach a thaistil ó thíortha i bhfad i gcéin.

Dar le Ulricke Reidmuller ó The Hollies, ionad d'inbhuanaithreacht phraiticiúil in Iarthar Chorcaí, "ní amháin go gcaithfidh tú a bheith cinnte cén planda nó luibh atá á bhailiú agat, ach tá sé tábhachtach roinnt eolas a bheith agat sa chaoi is go mbaileoidh tú an planda ag an staid is blasta. Ó thaobh samhraidh agus gairleog fhiáin de, tá siad níos blasta má roghnaíonn tú na plandaí agus duilleoga óga. Maidir le neantóga tá sé tábhachtach go roghnóidh tú duilleoga agus plandaí nach bhfuil tagtha i mbláth go fóill. Tar éis dóibh bláthú scaoileann siad gáis nach bhfuil go maith dár gcolainn mar a dhéanann a lán plandaí. Cé go n-úsáidtí an planda uile sa sean-am le haghaidh snáithín den chuid is mó, ní hiad na gais (stalks) an chuid is blasta agus b'fhearr iad a sheachaint."

Tá buntáistí sláinte ag baint leis an ábhar a fhaightear faoin aer, mar shampla tá duilleoga caisearbháin lán le cailciam, tá neantóga lán le hiarann agus tá an bláth troim lán leis an vitimín C. Má tá tú ag smaoineamh ar aon cheann de na hoidis atá luaite a dhéanamh, caithfidh tú a bheith cinnte i dtús báire, go bhfuil tú ag úsáid an phlanda nó an bhlátha chirt agus nach bhfuil aon bhaol ann do do shláinte. Mar shampla ní ceart do mhná atá ag súil nó ag beathú linbh labhandar a úsáid agus tá na duilleoga agus coirt den bhláth troim nimhneach, mar sin caithfidh sibh a bheith cinnte faoin bplanda atá sibh a úsáid agus an chaoi a bhfuil sibh ag baint úsáide as. Ní amháin go gcaithfidh tú a bheith aireach faoin bplanda atá á phiocadh agat ach caithfear smaoineamh ar an talamh ar a bhfuil tú ag seasamh chomh maith. Is le duine éigin an talamh ina bhfuil na plandaí seo ag fás mar sin bí cinnte gur cuma leo go bhfuil tú á mbailiú. In amanna b'fhéidir go mbíonn daoine amhrasach faoi mhadraí nó ainmhithe eile a bheith ag mún ar a ndinnéar, ach braitheann sé ar fad ar do "mheon," arsa Ulrike, "ar ndóigh más ag bailiú duilleoga feá (beech) nó teille (lime) do shailéid atá tú ní féidir iad a fhiuchadh, ach más duine tú atá amhrasach faoina rudaí seo is féidir leat beatha a bhailiú gur féidir í a fhiuchadh agus a bheith go hiomlán cinnte go bhfuil sí sábháilte, ach go hiondúil bíonn muidne sásta má bhíonn siad nite go maith." Deir Ulrike Riedmuller, "is é an planda is dainséaraí is féidir a phiocadh ná moing mhear nó 'hemlock' agus déantar í a phiocadh go minic trí thimpiste, fiú acu siúd a bhfuil taithí acu, mar gheall gur as an gclann chairéid í agus go bhfuil sí cosúil leo. Más ag sealgaireacht in aice le huisce atá tú, an áit a bhfásann moing mhear, b'fhearr dul i dtreo biolair (watercress) atá álainn ar fad." Bíonn cúrsaí á rith ag The Hollies ar inbhuanaitheacht, agus bailiúchán beatha fiáine ina measc, "tá sé i gcónaí níos fearr foghlaim ó dhuine éigin in áit leabhar," a deir Ulrike, "mar gheall gur féidir leat ceisteanna a chur mura bhfuil tú cinnte."





Thuas Moing Mear (Hemlock)

**Má luaim, bláth troime (elderflower), bláth aitinn (gorse flower), samhradh (sorrel), neantóga (nettles), caisearbhán (dandelion), gairleog fiáin, nó labhandar, céard air smaoineofá? An é an ghairdín faoi bhláth nó an salachar imithe fiáin, nó b'fhéidir go smaoineofá air an chistin agus ar na béilí áille ar féidir a dhéanamh le comhábhair faighte ón ollmhargadh faoin spéir?**



**Píotsa na neantóg**

Comhábhair:
Taos
Cloigeann gairleoige, fiáin nó eile
Spúnóg bhoird ola olóige
4 chupán duilleoga neantóige

Modh:
Déan an ghairleog a róstadh trína clúdach in ola, scragall stáin (tinfoil) a chur timpeall uirthi agus í a chur in oigheann te ar feadh timpeall uair an chloig. Bánaigh na neantóga, cur isteach i bpota le huisce fiuchta iad ar feadh timpeall nóiméad amháin agus aistrigh iad go huisce fuar nó fiú uisce oighrithe. Sínigh an taos (réamhdhéanta) go dtí an méid atá uait, clúdaigh le cáis, ansin neantóga, beagán eile cáise agus ansin cuir an ghairleog agus beagán ola chillí ar barr.



**Champagne Bláth Troim**

Comhábhair:
4 lítear d'uisce te
700g siúcra
Sú agus forchraiceann 4 líomóid
2 spúnóg bhoird d'fhínéagar fíona bháin
15 cloigeann bláth troim
Gráinnín de ghiosta (yeast)

Modh:
Cuir an t-uisce te agus an siúcra i bpota mór, meascaigh iad le chéile go mbíonn an siúcra tuaslagtha, cuir uisce fuar leis go dtí go bhfuil 6 lítear agat. Cuir an líomóid sú agus forchraiceann, an fínéagar, agus cloigne na mbláthanna leis agus meascaigh. Clúdaigh le muislín agus fág ar feadh cúpla lá.

Ansin mura bhfuil sé ró-choipthe agus é soiléir go bhfuil sé tosaithe ag coipeadh, cuir gráinnín giosta leis. Fág an meascán arís, agus clúdaigh ar feadh ceithre lá. Straidhneáil an leacht trí chriathar, agus scinceáil isteach i mbuidéal gloine agus úsáid stopallán champagne.

Séalaigh agus fág chun coipeadh a dhéanamh ar feadh seachtaine ar a laghad. Ba cheart go gcoinneodh siad ar feadh roinnt míonna

# Agus muid ag caint ar an 'broadband' sin ...

## Tá i gcónaí neart caint ann fá leathanbhanda, ach cad tá i gceist ann go díreach?

**Le Diarmuid Ó Muirgheasa**

NÍ go rófhada ó shin ar chor ar bith a bhí cur síos á dhéanamh ar nasc idirlín 56.6Kbps mar "an chéad ghlúin eile". Ó, athraíonn rudaí go sciobtha, nach n-athraíonn? Ach cad é go díreach a chiallaíonn "Kbps" ar aon nós? Agus conas is féidir idirdhealú a dhéanamh ar "an chéad ghlúin eile" agus an tseanteic chéanna i bpacáiste snasta nua? Don chéad cheist, tá an freagra, atá teicniúil ach fós féin tábhachtach, sa bhosca a ghabhann leis an alt seo. Don dara ceist, is cóir iarracht a dhéanamh tuiscint éigin a fháil ar na roghanna éagsúla atá agat.



Is iad Eircom atá ag baint úsáide as an mana úd faoi láthair, agus tá nascanna á soláthar acu anois atá iontach tapa ar fad, suas le 24Mb/s. Ach "an chéad ghlúin eile"? Ná creid chuile rud a léann tú. Cé go bhfuil infheistíocht déanta ag Eircom le cúpla bliain anuas, agus cé go bhfuil na seirbhísí atá á soláthar acu níos fearr ná riamh, tá siad fós ag obair le hinfrastruchtúr a bhraitheann go mór ar cháblaí copair, seachas cáblaí snáthoptaice (fiberoptics).

Ní hé sin le rá nár chóir ceannach ó Eircom, ach bíodh a fhios agat nach bhfuil an teic is nua-aimseartha ar chor ar bith in úsáid. Ó thaobh na tíre seo de, níl éinne chun tosaigh ar UPC ó thaobh teic nua a chur ar fáil. Le cúpla bliain anois tá UPC (an t-ainm nua ar ChorusNTL) ag obair ar ghréasáin nua de chláblaí snáthoptaice, agus más féidir brath ar na ráflaí (agus seirbhísí UPC san Ísiltír) feicfear nascanna 120Mb roimh dheireadh na bliana seo - is leor sin chun scannán HD a íoslódáil i níos lú ná uair an chloig!

Ach cé gur iontach suimiúil na holl-luasanna úd, níl mórán gá leo ag an ghnáthdhuine. Mar sin, cá háit le féachaint? Tá pacáistí maithe ag Eircom agus UPC, agus tá an-chuid eolais le fáil ar getbroadband.ie agus ar callcosts.ie ar féidir leis bheith úsáideach. Má tá sé ar fáil duit, moltar go mion minic seirbhís UPC (cé nach mbíonn a seirbhís do chustaiméirí i gcónaí chomh hiontach sin). Muna bhfuil UPC nó Eircom i do cheantar bí ag faire ar "3" agus ar leithéidí Digiweb, a sholáthraíonn seirbhís gan chláblaí do mhórán den tír. Agus má theipeann air sin ar fad, ar ndóigh tá seirbhísí saitilíte ann agus iad ar fáil d'éinne nach bhfuil crann mór ina ngairdín acu, ach ní bhíonn siad sciobtha agus tá siad an-chostasach - féach ar eircom.net, nó satellite-broadbandireland.com, le haghaidh breis eolais.

Tá cúpla figiúr éagsúil ann a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar sheirbhís leathanbhanda. An ceann is mó a ndéantar fógraíocht mar gheall air ná an luas íoslódála, tomhaiste in Mbps nó Mb/s, is é sin meigighiotán (megabit) in aghaidh an tsoicind. Is ionann meigighiotán amháin (go hiondúil) agus 1,000 cilighiotán, agus is ionann cilighiotán amháin agus 1,000 giotán. Ó thaobh na húsáide praiticiúla de, áfach, is é an t-idirdhealú tábhachtach atá le déanamh ná ar ghiotán (bit) agus beart (byte). Is ionann 8 ngiotán agus beart amháin, agus cuirtear giotán (bit) in iúl le "b" agus beart (byte) in iúl le "B". Tá an difríocht úd tábhachtach - is ionann 8 "b" agus "B" amháin.

Fógraítear seirbhísí idirlín agus Mb in úsáid mar aonad (sin meigighiotán, nó megabit). Is dócha go bhfuil cúis iontach réasúnta leis seo, ach níl sé iontach ionraic mar chleachtas mar is i MB agus GB a oibrímid de ghnáth (1GB = 1024MB). Nuair a íoslódálann tú comhad, taispeántar duit an ráta íoslódála i MB/s, ní i Mb/s. Níl i gceist le huasráta íoslódála nasc "8Mb" i ndáiríre ach 1MB/s.

Is fearr an ráta íoslódála is airde, agus más féidir ar chor ar bith, bí ag smaoineamh ar 5Mb/s nó níos mó a fháil. Maidir le huaslódáil, má tá ráta cúpla céad Kb/s i gceist, déanfaidh sé cúis d'éinne.

Bí ag faire i gcónaí ar an uasteorainn íoslódála - má tá éinne sa teach agat ar maith leo bheith ag íoslódáil scannán nó ag imirt cluichí ar líne d'fhéadfá go héasca suas le 30GB a íoslódáil sa mhí. Don chuid is mó, is leor ar fad an teorainn a thugann leithidí UPC agus Eircom (agus comhlachtaí eile cosúil le imagine.ie, Irish Broadband, Digiweb, Perlico srl), ach coinnigh súil air agus cinntigh nach bhfuil tú i mbaol costaisí breise móra. Le seirbhísí saitilíte, is féidir dearmad a dhéanamh ar chluichíocht agus íoslódáil throm, mar bíonn na teorainneacha iontach beag ar fad.

An rud deireanach ar fiú súil a choinneáil air ná rud ar a dtugtar cóimheas coimhlinte (contention ratio). I bpacáistí saora beidh sé seo i bhfoisceacht 48:1, agus sa chás sin beidh an nasc iontach mall ar fad ag amanna gnóthacha sa lá. Sa chás seo, is fearr uimhreacha ísle, agus tá rud ar bith thart ar 20:1 go hiomlán inghlactha. Maíonn SmartTelecom 1:1, UPC 17:1 agus beagnach gach éinne eile cóimheas 48:1.

## Éadóchas fá Gheilleagar an Tuaiscirt

**le hAnton Mac Cába**

TÁ an tuarascáil ráithiúil is déanaí ón mBanc First Trust, a scríobhadh roimh cháinaisnéis na Breataine, éadóchasach faoi gheilleagar an Tuaiscirt. Fógraíodh ciorruithe £521 milliún (€632.3 milliún) ar an chaiteachas poiblí ó thuaidh don bhliain 2010-11 roimh an cháinaisnéis féin áfach.

Tharla seo sa mhullach ar thitim 7.3% ar aschur thionscal na déantúsaíochta anuraidh. Chuaigh an meathlú i bhfeidhm go mór ar earnáil na seirbhísí: bhí aschur na fo-earnála seirbhísí gnó agus airgeadais 30% níos lú anuraidh ná mar a bhí in 2005. Tá laghdú 50% ar thionscal na tógála ó 2007. Agus ó thús an mheathlaithe tá a dhá oiread dífhostaithe - fiú muna bhfuil an ráta chomh holc agus a bhí sna 80idí.

Tá biseach le teacht ar gheilleagar na Ríochta Aontaithe. Dar leis an tuarascáil, ní feicfear sin sa Tuaisceart. Tá brú ar idir an caiteachas poiblí, an fhostaíocht, agus an t-ioncam indiúscartha.

# An Ghaeilge ullamh don todhchaí!

Le Meadhbh Ní Eadhra

ANOIS agus páistí óga ag baint úsáide as ceamaraí digiteacha agus a gcuid seantuimsitheoirí ag caint leo ar Facebook, tá an teicneolaíocht i ngach áit agus tá daoine as gach aoisghrúpa ag baint leasa aisti. An bhfuil an Ghaeilge mar chuid den réabhlóid seo? Is comhlacht nua é Dúrud atá dírithe ar an ríomhaireacht agus logánú go Gaeilge, agus a bunaíodh i Mí Lúnasa 2009.

Is iad Dúrud Teoranta a bhí i mbun rogha na Gaeilge a chur ar fáil i mbothanna grianghrafadóireachta Fujifilm ar fud an domhain. D'fhógair Fujifilm Ireland le déanaí go bhfuil an rogha nua Ghaeilge ar fáil ina gcuid bothanna agus gurb í an Ghaeilge an chéad teanga Cheilteach atá mar rogha sna bothanna seo.

Tá Seanán Ó Coistín mar dhuine de stiúrthóirí Dúrud. Creideann sé go bhfuil an-chuid féidearthachtaí ann don Ghaeilge i réimse na teicneolaíochta agus na ríomhaireachta, agus go bhfuil éileamh ann do thuilleadh seirbhísí Gaeilge den chineál seo. Cad as ar tháinig an smaoineamh don togra seo ar aon nós, agus an iad Fujifilm a rinne teagmháil le Dúrud maidir le rogha na Gaeilge a chur ar fáil?



"Bhí mé ag breathnú ar cheann de bhothanna grianghrafadóireachta Fujifilm lá amháin agus thug mé faoi deara go raibh rogha de 17 dteanga nó mar sin ann, ach nach raibh rogha na Gaeilge ann. Rinne mé teagmháil le lucht Fujifilm agus d'fhiafraigh mé díobh an mbeadh suim acu rogha na Gaeilge a chur sna bothanna. Bhí an-spéis acu ann agus, go deimhin, dúirt siad go raibh sé ar intinn acu é a dhéanamh cúpla bliain ó shin," a deir Seanán.

Mar sin, thosaigh Seanán ar an togra. Laistigh de thrí seachtaine, d'éirigh le Dúrud rogha na Gaeilge a chur ar fáil sna bothanna grianghrafadóireachta.

"Ghlac sé níos faide ná mar a cheapamar ar dtús," a deir Seanán. "Shíl muid go mbeadh sé déanta laistigh de chúpla lá, ach bhí sé níos casta ná sin. Bhí sé dúshlánach a bheith ceart ó thaobh na Gaeilge de ach gan an teanga a bheith róchasta."

Bhí sé d'aidhm acu go mbeadh an rogha Ghaeilge ar fáil i mbothanna na hÉireann, ach de thairbhe go bhfuil an mhonarcha ríomhaireachta lonnaithe i Sydney, tarlaíonn sé go bhfuil gach both Fujifilm ar fud an domhain anois Gaelaithe agus is féidir le Gaeilgeoirí, ní hamháin in Éirinn ach thar lear freisin, an Ghaeilge a úsáid sna bothanna.

Bhí comhartha ceiste ann faoi nathanna cainte áirithe a bhí le haistriú, a deir Seanán. Sampla de seo ná an fhrása: 'swipe your credit card.'

"Ní rabhamar cinnte cén leagan Gaeilge le cur air seo agus ní raibh fonn orainn úsáid a bhaint as 'svaidhpeáil', mar a dhéanann www.focal.ie," ar sé. "Mar sin, shocraigh muid an frása: 'tarraing tríd do chárta creidmheasa' a úsáid. Bhreathnaigh muid ar theangacha eile agus ar an mbealach ar dhéileáil siadsan leis le cuidiú linn smaointe a fháil."

Níl an frása sin, ná go leor eile, in úsáid sna bothanna go fóill, ach beidh siad de dhíth nuair a dhéanfaidh Fujifilm nuashonrú ar na bothanna go léir ar fud na cruinne, rud a bheidh ag tarlú amach anseo. Faoi láthair, tá Fujifilm ag fanacht le lucht na dteangacha eile gach rud a aistriú i gceart.

"Tá an Ghaeilge ullamh don todhchaí!" a deir Seanán. "Tá gach rud aistrithe go Gaeilge cheana féin, agus tá na leaganacha Gaeilge de gach rud críochnaithe anois. Tá an Ghaeilge 'future proofed,' agus chun cinn ar a lán teangacha eile."

Thug an comhlacht ríomhaireachta i Sydney moladh do Dúrud agus dúirt go ndearna siad an-obair ar fad maidir leis an togra seo. Bhain Seanán céim amach sa stair agus sa pholaitíocht in Ollscoil Luimnigh agus shocraigh sé ar chúrsa aistriúcháin a dhéanamh i gCarna sa bhliain 2006/07. Tá spéis agus dúil ar leith aige i gcúrsaí ríomhaireachta agus teicneolaíochta agus creideann sé go bhfuil an-chuid féidearthachtaí ann maidir le Gaelú a dhéanamh ar theicneolaíocht nó gléasra atá ann cheana féin. Tháinig ainm an chomhlachta, Dúrud, ón bhfocal Ultach 'dubhrud' a chiallaíonn 'lear mór' nó 'líon mór'. Shíl Seanán agus a chomhoibreoir gur ainm oiriúnach é don chomhlacht. Rinneadh simpliú ar 'dubhrud' go Dúrud ionas go mbeadh idir Bhéarlóirí agus Ghaeilgeoirí ar fud an domhain in ann é a rá gan deacracht ar bith,. Tá Seanán ag súil go mbeidh an comhlacht ag obair le comhlachtaí eile, cosúil le Samsung nó Vodafone. Chuaigh sé i dteagmháil le Vodafone faoi shuíomh idirlín Gaeilge a chur ar fáil dóibh siar sa bhliain 2006 nó 2007 ach níor tharla aon rud maidir leis sin go fóill. Tá Meteor níos fearr ná na comhlachtaí gutháin eile i dtaobh na Gaeilge de, dar leis, agus go deimhin beidh rogha Ghaeilge ar fáil go luath don tseirbhís teachtaireachtaí gutha (voicemail), mar go ndearna Síle Seoige taifeadadh air.

"Má thosaíonn dream amháin á dhéanamh, tosóidh daoine eile ag déanamh an rud céanna," a deir Seanán.

Tá togra eile idir lámha ag Dúrud faoi láthair a bheidh curtha i gcrích roimh i bhfad. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcomhlacht ar www.durud.ie.

**COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**
COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE

Cuirfidh an Coiste ainmnithe thuas fáilte roimh iarratais ó dhaoine cuícháilithe ar na folúntais seo a leanas:

- **Poist Mhúinteoireachta** a d'fhéadfadh a bheith i gceist, mar a leanas: i gcáil téarma seasta, sainchuspóra (fixed-purpose), páirtaimseartha nó ionadaíochta don scoilbhliain 2010/2011.
- **Teagascóirí** agus **Comhairleoirí Treoir Ghairme** – Conarthaí Sainchuspóra (Fixed Purpose Contracts) x 16 sheachtain déag (FETAC Leibhéil 3 & 4) a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo.
- **Stiúrthóir Gníomhach** Ionad Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS): Conradh Téarma Sheasta don bhliain acadúil 2010/2011

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ó shuíomh Gréasáin an Choiste Gairmoideachais ag
**www.countygalwayvec.com**

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná Dé hAoine, 2 Iúil 2010, ar a 4.00 i.n.
Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

Foras na Gaeilge

Is mian le Foras na Gaeilge, an comhlacht forfheidhmithe freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn fud oileán na hÉireann, na ceapacháin a leanas a dhéanamh. Beidh na poist lonnaithe in oifigí éagsúla An Fhorais.

**Béal Feirste:**
- Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais

**Baile Átha Cliath:**
- Príomhthéarmeolaí
- Téarmeolaí Cúnta
- Oifigeach Feidhmiúcháin, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise

**Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall nó Baile Átha Cliath:**
- Eagarthóir Cúnta (Trí phost lánaimseartha agus post amháin ar conradh 18 mhí)

Ba chóir iarratais a dhéanamh ar líne trí **www.publicjobs.ie**. Is é an 29ú Iúil 2010 an **Dáta Deiridh** chun iarratais a dhéanamh

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus cuireann muid fáilte roimh iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

***Proficiency in the Irish language, both written and oral, is an essential requirement for the above posts.***

publicjobs.ie An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Public Appointments Service

*We are committed to a policy of equal opportunity and encourage applications under all nine grounds of the Employment Equality Act.* Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

# 6 COMHSHAOL

# ‘An Cat Crainn’

## Tá an toghán ag athghabháil cuid dá réim in Éirinn

Le Pól Mac Cana







Croí-limistéar an chait chrainn in Éirinn faoi láthair (le cead ón Dr. Déaglán Ó Mathghamhna)

DEIRTEAR go raibh cat crainn mar pheata ag Méabh agus í ag ionsaí na nUltach i dTáin Bó Cúailnge. Más fíor nó bréagach é sin is é an dearcadh atá ag na heolaithe anois, nár bhain an cat crainn Éire amach leis féin i ndiaidh imeacht an Oighearaois, ach gur tugadh an cat crainn isteach go hÉirinn ag an chine dhaonna am éigin ina dhiaidh sin. Ach cibé ar bith, tá sé anseo le fadacuirtear dáta thart faoi 2,800 bliain ó shin leis an iarsma is sine de chat crainn atá againn in Éirinn. Ach le cúpla céad bliain anuas cuireadh i mbaol é in Éirinn, de dheasca é a bheith amuigh air gur chreachadóir é agus mar gheall ar an ráchairt a bhí ar a fhionnadh. Is furasta a thuiscint an t-éileamh sin ar a fhionnadh. Is ainmhí álainn é an cat crainn gan aon amhras lena fhionnadh dlúth mín agus é ar dhath ciardhonn ach amháin ar a sceadamán is ar a bhrollach, mar a bhfuil sé buí.

Díothaíodh an cat crainn chomh forleathan sin as ceantair in Éirinn go dtí ar na mallaibh, nach bhfuil mórán cuimhne in áiteanna air i measc an phobail i gcoitinne - fiú amháin amuigh faoin tuath. Go minic má chuirtear an cheist i mBéarla ar an ghnáth-Éireannach cén rud é an ‘*pine marten*’, bíonn cuid mhaith acu den tuairim gur éan é ar nós na fáinleoige. B’fhéidir gur comhartha eile é faoin díothú éifeachtach ar an mhíol seo in Éirinn, gur chaill sé ainm amháin dá chuid i nGaeilge - ‘toghán.’ Ó am foilsithe fhoclóir Uí Dhónaill i 1977 ar aghaidh, níl an t-ainm seo bronnta sa chaighdeán oifigiúil ach ar ainmhí nach bhfuil agus nach raibh riamh le fáil go nádúrtha in Éirinn - an cat coille (*the polecat*), .i. col ceathrar fiáin leis an fhiréad.

Ach más amhlaidh gur chaill sé ainm amháin in Éirinn, is ‘taghan’ go fóill é an cat crainn in Albain - dúiche eile ar Oileáin Thiar na hEorpa ina bhfuil an míol seo go fóill forleathan go leor.

Ach tá dea-scéal ann faoin bhall seo de mhuintir na heasóige faoi láthair in Éirinn. De réir taighde a rinne an Dr Déaglán Ó Mathghamhna le *Ecological Management Group*, tá an chuma air go bhfuil an cat crainn giota beagán níos forleithne sa lá atá inniu ann ná mar a bhí ag deireadh na 1970í.

Ina thuairim féin, is féidir a rá gurb é an chúis leis seo ná: méadú i limistéar na gcoillte ar an oileán; cosaint dhleathach; agus gabháil is scaoileadh saor an chait chrainn chuig áiteanna eile sa tír. Ach cé gur dea-scéal é seo don chat crainn, áitíonn an Dr Ó Mathghamhna go bhfuil an cat crainn go fóill ar an sineach (.i. mamach) talaimh is teirce in Éirinn, agus mar sin tá gá le tuilleadh taighde air agus lena chaomhnú go fóill. De réir na staitisticí atá bailithe aige, bheadh líon de 3,000 in Éirinn ina mheastachán garbh ach réadúil ar an chat crainn faoi láthair.

Cuirtear é seo i gcomparáid leis an ghiorra atá ina speiceas ardtosaíochta (*high priority species*) ó thaobh caomhnaithe de sa dá dhlínse ar an oileán.

Tá na milliúin Euro caite ar an ghiorria le blianta beaga anuas i dtionscadail chomh-mhaoinithe ó thuaidh agus ó dheas; agus deirtear go raibh timpeall 649,000 acu in Éirinn in 2007. Fiú má tá buiséid taighde na ranna stáit cuí le laghdú ó thuaidh agus ó dheas, is beag an spéis atá na ranna céanna léiriú sa chat crainn ó thaobh céatadán den bhuiséad taighde nuair a chuirtear líon an chait chrainn i gcomparáid le líon an ghiorria. Cad chuige?

**Go minic má chuirtear an cheist i mBéarla ar an ghnáth-Éireannach cén rud é an ‘*pine marten*’, bíonn cuid mhaith acu den tuairim gur éan é ar nós na fáinleoige. B’fhéidir gur comhartha eile é faoin díothú éifeachtach ar an mhíol seo in Éirinn, ná gur chaill sé ainm amháin dá chuid i nGaeilge - ‘toghán.’**

Ach tá dea-scéal eile ann dóibh siúd ar fearr leo an t-iora rua (speiceas dúchasach in Éirinn) ná an t-iora glas (speiceas eachtrannach ó Mheiriceá), mar tá seans ann go dtiocfadh leis an chat crainn faoiseamh de chineál éigin a thabhairt don iora rua agus é faoi bhagairt ag an chol ceathrar glas. De réir na hipitéise (*hypothesis*) atá ann - agus tá eolaithe ag déanamh imscrúdú air faoi láthair - tá an cat crainn níos éifeachtaí mar chreachadóir ar an iora ghlas eachtrannach mar go gcaitheann an t-iora seo níos mó am ar an talamh agus go híseal sna crainn.

Dá thoradh sin, de réir na hipitéise, seans go dtiocfadh le sean-namhaid an iora rua - an cat crainn - bheith mar chara indíreach leis in aghaidh contúirt níos baolaí óna chol ceathrar glas.

Is dea- scéal é do bhithéagsúlacht na tíre go bhfuil an míol lúfar aclaí seo, an cat crainn, ag athghabháil a sheanréime arís. Táthar ann a bhaineann an-sult as an ainmhí a fheiceáil, agus fiú tá teach i gceantar an Chroim, i bhFear Manach, ina gcuireann bean an tí bia ar fáil don chat crainn ina cistin féin.

Níl le déanamh aici ach barrfhuinneog na cistine a ligean ar oscailt dó agus isteach leis, fiú agus í ina suí ann i mbun a gnó féin. An féidir níos mó den fhírinne a bheith san fhinscéalaíocht ná mar a shílfeá ar dtús - Méabh agus a peata an cat crainn ar a gualainn aici anallód?

# Ní féidir brath ar an mbáisteach

*ar lean ó leathanach a haon*

Tá stóras taiscumar uisce i bhfeidhm ar an dá oileán agus lochtanna ar an gcóras uisce atá i bhfeidhm, idir ligean uisce agus an méid stórála atá ag na tancanna. Deir príomh-innealtóir seirbhísí uisce Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Liam Gavin "Is trí shlite uisce in Inis Mór a cailleadh 40% den uisce." Deir Micheál Ó Goill ó Chomharchumann Inis Mór, "Tá sé an-deacair silte uisce a aimsiú in Inis Mór mar gheall ar an aolchloch atá ar an oileán, agus mar gheall ar an gcóras féin. Tar éis an ghanntanais uisce dheireanaigh a bhí againn sna 90í tógadh tanc stórála uisce úr, ach anois i ndáiríre teastaíonn réiteach fadtéarmach, caithfear breathnú ar fhoinsí uisce eile a aimsiú, uisce faoi thalamh." "D'fhéadfaí córas buainteoireacht uisce báistí a chur i bhfeidhm ag gach uile theach a chabhróidh leis an bhfadhb seo agus nach mbeadh ar chostas ró-ard, mar a bhíodh fadó" a deir Micheál.



Tá trí thaiscumar uisce in Inis Oírr a choinníonn 3 mhilliún galún uisce ach, tar éis dóibh gan mórán báistí a fháil le sé mhí anuas, níl ach timpeall is coicís uisce fágtha acu féin. Tá stóras de 4 mhilliún galún acu ar Inis Mór. Ní hé go dteastaíonn cúpla múr báistí uaidh na hoileáin, theastódh duartan ceart uathu chun aon éifeacht a bheith aige ar leibhéil uisce an chórais stórála.

Tá toibreacha uisce ar an dá oileán a d'úsáidtí sa sean-am mar an t-aon fhoinse uisce acu, agus in Inis Oírr tá loch ann ina bhfuil 50% den uisce úr. Mar sin, cén fáth nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag an gComhairle Contae chun foinsí eile uisce faoi thalamh a aimsiú sa chaoi is nach mbeadh an fhadhb seo ann amach anseo?

Deir Liam Gavin ó sheirbhísí uisce Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil orthu anois breathnú ar roinnt réiteach fadtéarmach. "Beidh muid ag iarraidh tuilleadh tollpholl a dhéanamh chun foinsí eile uisce faoi thalamh a chuardach. Is é an dara rogha a mbeidh muid ag breathnú uirthi ná píblíne uisce a chur amach chuig na hoileáin. Is é an tríú rogha ná an córas buainteoireacht uisce báistí agus b'fhéidir go ndéanfaidh muid é seo ar bhonn píolótach mar go bhfuil ceisteanna faoin mbealach is fearr leis an uisce a chur isteach sna tithe. Is é an ceathrú rogha ná córas díshalannaithe a chur i bhfeidhm mar atá acu ar Inis Meáin, ach tá an costas leictreachais don chineál córais sin an-daor agus costas cothabhála a leithéid de mhuilte gaoithe atá acu." Deir sé chomh maith "Caithfidh muid costas aon réiteach fadtéarmach mar seo a chur i gcomparáid leis an méid uaireanta a tharlaíonn ganntanas uisce." Tá scéim chaomhnaithe uisce ar bun acu cheana féin ar na hoileáin agus i gceantar na Gaillimhe uile; is é an ciste atá ag an Chomhairle Cathrach don chaomhnú seo ná €5.8 milliún.

I láthair na huaire tá tancaeir uisce lonnaithe ag ionaid éagsúla ar Inis Mór ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus athlonnófar iad seo go rialta. Ón lá inné tá uisce á thabhairt isteach go hInis Mór ina ollmhéideanna, 60,000 galán, agus beidh an t-uisce seo á phumpáil go díreach isteach san umar uisce. Tá 1,300 duine ina gcónaí ar an oileán agus tugann timpeall 250 duine cuairt ar an oileán gach lá. Iarrtar ar gach uile dhuine in Inis Mór an t-uisce a fhiuchadh sna cásanna seo a leanas: á ól, á mheascadh le hábhar eile le hól, á úsáid in ullmhú sailéid nó bia eile nach ndéantar a chócaráil, á úsáid le fiacla a ní, nó á úsáid le leac oighir a dhéanamh. Ní bhaineann an fógra seo faoi fhiuchadh ach le hInis Mór amháin agus chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.gaillimh.ie.

Ní amháin go bhfuil ganntanas uisce acu ar na hoileáin Árann ach tá fadhbanna le caighdeán an uisce atá acu, nuair atá sé acu, le hól. Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús a chur le clár feabhsaithe caighdeán uisce ar an dá oileán seo i mí Mheán Fómhair agus iad ag súil go mbeidh sé críochnaithe roimh dheireadh na bliana seo chugainn. Tá ciste de €400,000 ar fáil don chlár seo d'Inis Oírr agus €500,000 d'Inis Mór.

Mar gheall ar an aimsir thirim agus ganntanas báistí, tá srianta úsáid uisce i bhfeidhm in Áth Eascrach chomh maith ó mheán oíche go dtí an 7 ar maidin le seachtain anuas. Tá Comhairle Contae na Gaillimhe ag iarraidh ar gach duine sa cheantar gan uisce a úsáid mura bhfuil géarghá leis. Ní amháin go bhfuil an aimsir the ag srianadh úsáid uisce i nGaillimh ach tá Comhairle Chontae Dhún na nGall ag iarraidh ar dhaoine a bheith airdeallach faoin méid uisce a úsáideann siad chomh maith. I Loch Moirne, i gCaisleán Nua agus sa tSrúibh beidh an t-uisce casta dó ón 11i.n. go dtí an 7 ar maidin.

## An Bhealarúis gan Gás Nádúrtha

TÁ rabhadh tugtha ag an gcomhlacht Rúiseach Gazprom don Bhealarúis go ngearrfaidh siad seachadadh a ngáis nádúrtha de 85% mar gheall go bhfuil fiacha de $200 milliún ag an mBealarúis. Is iad Gazprom an táirgeoir is mó gáis nádúrtha ar domhan. Ar an Luan seo caite ghearr siad an soláthar don Bhealarúis de 15%, ansin ar an Mháirt ghearr siad 15% eile. Dúirt Uachtarán na Bealarúise, Alexander Lukasenko, go bhfuil an baol ann go mbeidh "cogadh gáis" idir an dá thír. (TB)

## Cead ag BP sileán ola a dhéanamh i Murascaill Mheicsiceo

NÍOR ghlac breitheamh i Meiriceá le hiarratas Rialtas Mheiriceá chun cosc a chur ar BP sileán ola a dhéanamh i Murascaill Mheicsiceo ar feadh 6 mí. Dúirt an breitheamh go raibh téarmaí an choisc ró-leathan agus go mbeadh éifeacht rómhór aige ar ghnóthaí áitiúla. Tá sé i gceist anois ag Rialtas Mheiriceá dúshlán a thabhairt do rialú an bhreithimh agus moratorium eile a chur i bhfeidhm. (TB)

## Comhdháil Idirnáisiúnta Teagasc



TÁ Teagasc chun comhdháil idirnáisiúnta a reáchtáil maidir le hathrú aeráide inniu agus amárach i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath. Beidh siad ag breathnú ar an mbealach is fearr chun deiseanna a chruthú don tionscal agraí-bhia in Éirinn dá n-iarrachtaí astuithe ceaptha teasa a laghdú. Léirítear i staidéar idirnáisiúnta go bhfuil coiscéim charbóin níos ísle in Éirinn sa tionscal agraí-bhia ná mar atá i dtíortha eile agus beidh siad ag fiosrú na bhféidearthachtaí forbartha a bhaineann leis seo. (TB)

## Tuilte sa tSín



TÁ 200 duine marbh agus timpeall 100,000 duine gan dídean tar éis tuilte sa cheantar Jiangxi sa tSín an tseachtain seo tar éis gur bhris an abhainn cladán Changkai. Mar gheall ar thuilte sa cheantar theas den tSín an tseachtain seo caite tá aibhneacha tar éis a mbruacha a bhriseadh agus meastar go bhfuil 2.38 milliún duine tar éis a bheith aslonnaithe. (TB)

# Muintir na hÉireann: gan aird a bheith acu ar eolaíocht

**Le hÁine Seagrave**

NÍL mórán suime ag muintir na hÉireann in eolaíocht agus teicneolaíocht i gcomparáid le hEorpaigh eile, de réir suirbhé déanta ag Coimisiún na hEorpa a eisíodh i rith na seachtaine.

Rinneadh an suirbhé, Eurobarometer do mhí an Mheithimh 2010, ar 27 ballstát. Fuarthas amach nach bhfuil suim ag 71% de fhreagróirí in Éirinn in eolaíocht, i gcomparáid le meánfhigiúr an Aontais Eorpaigh, 79%.

Foilsíodh go bhfuil eolas maith ag 61% d'Eorpaigh ar chúrsaí eolaíochta ach níl an t-eolas céanna ach ag 56% de mhuintir na hÉireann de réir an tsuirbhé.

Chomh maith leis sin fuarthas amach go bhfuil neart daoine in amhras faoi chistiú príobháideach d'eolaíocht. Dúirt 70% de fhreagróirí sa Ghearmáin agus san Fhionlainn nach bhfuil muinín acu sna heolaithe a thuilleadh de bharr go mbraitheann siad go mór ar chistiú príobháideach.

Ar an meán dúirt 58% de fhreagróirí go bhfuil siad in amhras faoi eolaithe mar gheall air seo, ach in Éirinn áfach, ní aontaíonn ach 36% de fhreagróirí leis an ráiteas seo.

Rinneadh an suirbhé ar bhreis agus 1000 duine Éireannach.

Ar an iomlán creideann 38% de fhreagróirí go gcuireann muid an iomarca béime ar eolaíocht agus nach gcuireann muid ár ndóthain béime ar chreideamh fad is a chreideann 33% de fhreagróirí nach bhfuil ról tábhachtach ag eolaíocht sa saol laethúil. Dúirt an Coimisinéir AE do Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, Máire Geoghegan-Quinn, gur chóir do pholaiteoirí agus eolaithe rudaí atá á ndéanamh acu a mhíniú agus a shoiléiriú níos fearr ionas go dtuigfidh daoine cé as a bhfuil na torthaí ag teacht.

# 7 BEATHA

# 8 as 10 dteaghlach chun saoire a ghlacadh in Éirinn i mbliana

Le hÁine Seagrave

TÓGFAIDH níos mó daoine ná riamh saoire sa bhaile i mbliana dar le taighde nua a foilsíodh ní ba luaithe sa mhí seo. Roghnaíonn ocht dteaghlach as deich gcinn Éire mar áit saoire de réir taighde nua de chuid Millward Brown Lansdowne do Fáilte Ireland. Roghnaíonn ceithre theaghlach as deich gcinn tír iasachta mar áit saoire, rud a léiríonn go bhfuil daoine ann fós atá in ann an dá trá a fhreastail.

Tháinig laghdú de bhreis agus 400,000 ar shaoirí in Éirinn agus thar lear Laghdaíodh saoirí in Éirinn agus thar lear ag muintir na hÉireann ach ba iad na saoirí thar lear a thit den chuid is mó. De réir sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh thóg muintir na hÉireann 85,000 saoire níos lú sa bhaile in 2009 i gcomparáid le 2008 ach tógadh 331,000 saoire níos lú i dtíortha iasachta sa tréimhse chéanna.

Tá feachtas ar bun ag Fáilte Ireland i mbliana chun saoirí in Éirinn a chur chun cinn. Le sluán 'tosaíonn an spraoi anseo,' tá stocaireachtá dhéanamh acu chun Éire a chur i láthair mar áit saoire atá spreagúil, spraíúil agus áisiúil agus áit ina bhfaigheann daoine luach ar a gcuid airgid. Cuirtear an-bhéim san fheachtas ar theaghlaigh agus tá an feachtas margaíochta ar siúl ar raidió, teilifís, fógraíocht clóite, agus tá cruth úr ar shuíomh idirlín Discover Ireland don fheachtas.

Dúirt Louise Tolerton, oifigeach preasa le Fáilte Ireland, go bhfuil breis agus 400 tairiscint faoi leith ar fáil ar www.discoverireland.ie, idir shosanna deireadh seachtaine agus shosanna i rith na seachtaine.

Tá liosta iomlán de thairiscintí faoi leith le fáil ar www.discoverireland.ie/Special-Offers.aspx

Is féidir leis an mhargadh baile suas le €1 billiún a ghiniúint gach bliain, mar sin is earnáil thábhachtach é. Is é an margadh intíre is cúis le 65% den ghnó san earnáil óstlann san am atá i láthair. Tá an earnáil seo freagrach as 200,000 post in Éirinn. Tá 200,000 duine fostaithe i dturasóireacht idir fhostaithe in óstlanna, fhostaithe gníomhaireachtaí taistil, threoraithe turas srl.

Deir Shaun Quinn, príomhoifigeach feidhmiúcháin Fáilte Ireland, go bhfuil "na céadta gnólacht agus na mílte post ag brath ar earnáil na turasóireachta." Tá sé den tuairim go bhfuil gnólachtaí ag déanamh a ndícheall chun troid do gach pingin san earnáil trí na tairiscintí speisialta atá le fáil i mbliana.

D'admhaigh John Concannon, stiúrthóir na forbartha margaidh le Fáilte Ireland go bhfuil an dualgas orthu dreasachtaí a sholáthair chun an tír seo a chur chun cinn mar áit mhealltach. "Tá acmhainneacht níos mó ag an margadh saoire sa bhaile i mbliana mar gheall ar mhéadú ar líon na ndaoine atá ag glacadh saoire anseo in Éirinn i mbliana. Caithfidh muid an acmhainn seo a líonadh", arsa an tUasal Concannon.

Mar thoradh ar ré an Tíogair Cheiltigh bhí daoine ag dul thar lear, i gcásanna áirithe dhá uair sa bhliain.







**Is é an difríocht is mó i mbliana ná go bhfaigheann daoine luach a gcuid airgid. Bhí praghsanna ró-ard le blianta beaga anuas, bhí daoine ag fáil pacáistí níos saoire thar lear**

Tá athrú tagtha ar rudaí sa lá atá inniu ann agus níl saoirí iasachta chomh coitianta agus a bhí siad. "Chuamar thar lear le 6 bliana anuas. Bhíomar sa Fhrainc, sa Spáinn, agus i Meiriceá ach i mbliana tá muid ag dul go dtí Ciarraí," a dúirt bean amháin linn. "Le blianta beaga anuas bhí sé níos saoire dul thar lear ach i mbliana thug siad faoi deara na praghsanna níos airde sa bhaile agus d'athraigh siad iad." Mhínigh sí go bhfuil pacáistí iontacha le fáil le dreasachtaí spreagúla. "Tá ceithre pháiste againn, beirt faoi 12 agus tá an bheirt acu ag dul saor in aisce."

De réir taighde atá déanta ag Fáilte Ireland bhí 93% de dhaoine sásta le caighdeán na hÉireann mar áit saoire anuraidh. Tháinig méadú de 12% (go dtí 61%) ar an méid daoine a cheap go bhfuil Éire go maith mar áit saoire ó thaobh luacha, spraoi agus caighdeáin de ó bhí 2008 ann. Tháinig méadú ar líon na ndaoine atá ag úsáid an idirlín chun saoirí a chur in áirithe i mbliana chomh maith.

Dúirt Louise Tolerton, oifigeach preasa le Fáilte Ireland, go bhfuil siad dóchasach go mbeidh rath ar an fheachtas. "D'éirigh leis go dtí seo ach beidh na torthaí deireanacha le feiceáil ag deireadh mhí Lúnasa," a mhínigh sí, "tá seans ann go gcabhróidh an feachtas le heacnamaíocht na tíre."

Tá tacaíocht iomlán tugtha ag an Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin, don fheachtas. "Is é an difríocht is mó i mbliana ná go bhfaigheann daoine luach a gcuid airgid. Bhí praghsanna ró-ard le blianta beaga anuas, bhí daoine ag fáil pacáistí níos saoire thar lear," a dúirt an tAire. Creideann Mary Hanafin go mbeidh tionchar maith ag luaithreamhán bolcánach na hÍoslainne ar an mhargadh saoire sa bhaile i mbliana chomh maith.

In ainneoin an taighde seo áfach, tá léamh eile ar an scéal óir, dar le Cassidy Travel, gníomhaireacht taistil atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, tá éileamh mór fós ag daoine ar shaoirí thar lear i mbliana chomh maith. "Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine ag dul thar lear", a dúirt Lee Cox, atá fostaithe ag an gcomhlacht. "Tá méadú de 30%-40% tagtha ar líon na ndaoine ag dul thar lear i mbliana i gcomparáid leis an bhliain seo caite," ar sé. Tá an Phortaingéil agus an Spáinn fós coitianta mar rogha i measc teaghlaigh agus tá méadú ar líon na ndaoine, lena áirítear leannáin agus an dream óg ag dul go dtí tíortha mar an Chipir agus an Ghréig dar leis."Bhí méadú ollmhór ar líon na ndaoine a chuir na saoirí in áirithe go luath le tairbhe a bhaint as na pacáistí saoire," arsa an tUasal Cox.

"Tá laethanta saoire níos tábhachtaí ná riamh i mbliana mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta a bheith ag cur isteach ar gach duine sa tír sa chaoi chéanna," a mhínigh John Concannon, stiúrthóir na forbartha margaidh le Fáilte Ireland. Chuir an feachtas margaíochta an-bhéim air seo. "Tá daoine ag iarraidh spraoi a bhaint amach agus is é an spraoi an stiúrthóir mothúchánach taobh thiar den fheachtas. Táimid ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar ghruaim na tíre i mbliana de bharr dhrochstaid na heacnamaíochta," a mhínigh sé.

## NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



# Ag scríobh ó mhaidin go hoíche

Labhraíonn **Meadhbh Ní Eadhra** le Pádraig Ó Baoill faoina leabhar úr Scéalaí Mór Mhín an Líneacháin agus faoina shaol mar scríbhneoir Gaeilge

Is scríbhneoir lánaimseartha ó Rann na Feirste i nGaeltacht Thír Chonaill é Pádraig Ó Baoighill. Seoladh leabhar úr leis le déanaí darb ainm *Scéalaí Mór Mhín an Líneacháin*. Is é seo an cúigiú leabhar déag atá foilsithe ag Ó Baoighill ó chuaigh sé leis an scríbhneoireacht lánaimseartha sa bhliain 1993.

Glactar leis gur rud dúshlánach é a bheith i do scríbhneoir lánaimseartha i dteanga ar bith, ach i gcás na Gaeilge, ní mórán scríbhneoirí go n-éiríonn leo a mbeatha a dhéanamh tríd an scríbhneoireacht amháin. Cé go bhfuil cúig leabhar déag foilsithe ag Pádraig ó shin, ní rud éasca é a bheith ag scríobh agus ag scríobh, lá i ndiaidh lae.

"Tá sé iontach deacair dul chuig an deasc achan mhaidin agus tosú ag scríobh. Ach caithfear é a dhéanamh, sin an post atá agam. Bím ag scríobh ar feadh na seachtaine agus fiú ag an deireadh seachtaine nuair a bhíonn gá leis."

Tá margadh teoranta ag leabhair Ghaeilge, agus ní mórán leabhar a dhíoltar. Conas a mhaireann duine cosúil le Pádraig óna chuid scríbhneoireachta?

"D'éirigh liom coimisiún a fháil ó Bhord na Leabhar Gaeilge cúpla bliain ó shin agus chuidigh sé sin go mór. Ní bhíonn mórán díola ar leabhair Ghaeilge ach tá an t-ádh liom go bhfuil ceithre nó cúig leabhar liom anois sa dara chló."

Ag caint dó ar a leabhar nua, deir sé gur leanúint é ar an leabhar Ó Cadhain i dTír Chonaill, cnuasach de 24 scéal a thaifead Máirtín Ó Cadhain & Pádraig Ó Baoighill i 1957.

"Bhí suim agam i gcónaí sa scéalaíocht. Chaith mé féin agus Máirtín Ó Cadhain coicís ag éisteacht le scéalta siar i 1957 agus bhí an oiread sin acu ann gur shocraigh mé leabhar eile a scríobh chun a gceart a thabhairt dóibh go léir."

Tá dhá scéal sa leabhar nua a thaifead Pádraig Ó Baoighill agus Máirtín Ó Cadhain siar i 1957. Ocht scéal béaloidis san iomlán atá sa leabhar ó bhéalaithris Shéamais Mhic Amhlaoibh i bparóiste Inbhir i dTír Chonaill. Tá sé scéal ann a bhailigh Seán Ó hEochaidh do Chnuasach Bhéaloideas Éireann i 1950.Tá os cionn 11,000 focal i scéal amháin - 'An Rí Ó Domhnaill' - faoi Chaisleán Dhún na nGall agus tá sé le cloisteáil ar an dlúthdhiosca a ghabhann leis an leabhar seo. Scéal béaloidis idirnáisiúnta atá ann, atá i dtíortha ar fud na hEorpa agus in Éirinn ón mheánaois.

Ghlac sé thart ar bhliain ar Ó Baoighill na scéalta a athscríobh agus an leabhar a chur in eagar. Tá beathaisnéis ghearr scríofa ag Ó Baoighill ar an scéalaí, Séamas Mac Amhlaoibh, agus deir sé go mbeadh suim aige níos mó oibre den chineál sin a dhéanamh, dá mbeadh an t-am aige. Bhí sé ag brath ar eolas ó theaghlach Mhic Amhlaoibh agus ó dhaoine óna cheantar, chun an bheathaisnéis a scríobh.


"Cuireann a lán daoine spéis sna scéalaithe féin. Go minic, bíonn níos mó spéise ag léitheoirí sna scéalta faoi na scéalaithe ná sna scéalta a d'insíodar," ar sé.

Maidir le cúrsaí airgeadais agus scríbhneoireacht na Gaeilge, creideann Pádraig go bhfuil rudaí "i bhfad níos fearr ná mar a bhí". Áfach, tá fadhbanna móra ann le margaíocht.

"Táimid ag troid le Foras na Gaeilge faoi chúrsaí margaíochta," a deir Pádraig, agus is léir gur fadhb í seo a bhí ann i gcónaí agus nach bhfuil mórán athraithe tagtha uirthi.

Tá sé suimiúil go raibh dhá sheoladh leabhair ann do leabhar nua Phádraig, ceann acu i gceantar an scéalaí agus ceann eile i dTeach an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath.

Tá an-chuid athruithe tagtha ar an litríocht agus ar an scéalaíocht le blianta anuas. An bhfuil suim ag daoine sa bhéaloideas go fóill? An bhfuil daoine ag lorg scéalta béaloidis nó an mbreathnaítear orthu mar sheanscéalta atá mar chuid den seansaol?




Tá suim mhór ag daoine sa bhéaloideas go fóill, dar le Pádraig, agus tá sé iontach tábhachtach nach gcailltear na scéalta nuair a chailltear na scéalaithe.

"Bhí an-mheas ag Máirtín Ó Cadhain ar na laoithe fiannaíochta agus mheas sé gur ansin a bhí fíorscoth na scéalta."

Tá an-suim ag Pádraig sna Gaeltachtaí imeallacha i nGaeltacht Thír Chonaill.

"Tá cuid de na Gaeltachtaí sin a bhí láidir ag am amháin ach atá lag anois. Ba mhaith liom dul ar ais chucu arís agus tuilleadh scéalta a bhailiú uathu."

Agus traidisiún an bhéaloidis ag dul in éag, meas tú an bhfuil sé deacair ar Phádraig agus ar dhaoine eile teacht ar scéalaithe ionas gur féidir leo na scéalta a chaomhnú agus a thaifeadadh?

"Tá sé ag éirí níos deacra, cinnte, ach tá scéalaithe fós ann ach iad a lorg. Níl na daoine óga ag labhairt na Gaeilge in achan áit anois, ach in áiteanna áirithe, tá."

Ní sa bhéaloideas amháin a chuireann Pádraig spéis. Go deimhin, tá gearrscéalta, úrscéalta, beathaisnéisí agus tuilleadh scríofa aige. Lasmuigh den scríbhneoireacht, bhí Ó Baoighill ag obair mar bhainisteoir margaíochta le Gael Linn roimh 1993 agus chomh maith leis sin bhí sé ina pheileadóir agus ina iriseoir.

Maidir le litríocht na Gaeilge, deir Pádraig go bhfuil níos mó agus níos mó scríbhneoirí ag teacht chun cinn agus go bhfuil éagsúlacht mhaith ann i dtaobh na leabhar atá i gcló. Léann sé féin cuid mhór leabhair, go háirithe beathaisnéisí agus leabhair staire.

Tá go leor leabhar de chineálacha éagsúla scríofa ag Pádraig, ach deir sé gur sa ghearrscéal a chuireann sé an méid is mó spéise. Tá dhá chnuasach gearrscéalta foilsithe aige, An Coileach Troda i 1993 agus Srathóg Feamnaí in 2001. Faoi láthair, tá sé ag obair ar chnuasach ghearrscéalta eile, rud atá suimiúil mar go bhfuil sé tamall ó foilsíodh cnuasach gearrscéalta leis.

Tá leabhar do dhaoine óga scríofa aige fosta darb ainm An Marcach Óg. Is iad An Gúm a d'iarr ar Phádraig leabhar a scríobh do pháistí, agus d'fhoilsigh siad anuraidh é. Bhain sé sult as an leabhar a scríobh, rud a léiríonn cé chomh hilghnéitheach agus atá sé mar scríbhneoir. Seachas An Marcach Óg, is iad Coiscéim a d'fhoilsigh formhór de leabhair Phádraig. Cad a cheapann Ó Baoighill faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge?

"Tá an-obair ar siúl ag Coiscéim agus ag comhlachtaí foilsitheoireachta eile, ach tá i bhfad níos mó tacaíochta airgeadais ag teastáil. Tá rialacha agus leagan amach ceart de dhíth freisin. Gan na foilsitheoirí, ní bhíonn ábhar na scríbhneoirí ar fáil don phobal, agus gan na scríbhneoirí, ní bhíonn foilsitheoirí ann."

Mar fhear Ghaeltachta, is léir go bhfuil an-ghrá agus an-phaisean ag Pádraig don Ghaeilge.

"Ní dóigh liom gur scríbhneoir Béarla mé," ar sé, ach is cinnte nach de bharr easpa cumais é sin, ach easpa suime b'fhéidir. Bhí an Ghaeilge mar chuid lárnach dá shaol i gcónaí agus ní dócha go n-athróidh sé sin go brách. Is cosúil nach bhfuil am ag an bhfear ildánach seo do rud ar bith seachas an scríbhneoireacht faoi láthair agus is mar sin a bheidh go ceann tamaill eile ar a laghad. Cá bhfios ach go mbeidh cúig leabhar déag eile scríofa aige sula i bhfad!

### Rogha 10 na seachtaine seo

An tseachtain seo tagann an Rogha 10 ón **Cheathrú Póilí**, An Chultúrlann, i gCeathrú Gaeltachta Bhéal Feirste.

**1.** Gluaiseacht, Alan Titley, An Gúm
**2.** Mo Dhá Róisín, Arna chur in eagar ag Nollaig Mac Congáil, Coiscéim
**3.** Ící Pící - Amhráin nuachumtha do pháistí, Nellie Nic Giolla Bhríde, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Ealaín le Dara McGee, Éabhlóid
**4.** Snámhóirí Gaeltachta, Gabhán Ó Fachtna, Coiscéim
**5.** Máirtín Ó Direáin: Na Dánta, In eagar ag Eoghan Ó hAnluain; Ealaín le Seán Ó Flaithearta, An Clóchomhar
**6.** Filí agus Filíocht, Eagarthóir: Malachy Ó Néill, Éigse Cholm Cille
**7.** Ulster Gaelic Voices - Bailiúchán Doegen 1931, Róise Ní Bhaoill, Iontaobhas Ultach
**8.** Where are you really from? Tim Brannigan, The Blackstaff Press
**9.** Fin de Siècle na Gaeilge, Brian Ó Conchubhair, An Clóchomhar
**10.** An Gréasaí Bróg agus na Sióga, Caitríona Hastings & Andrew Whitson, An tSnáthaid Mhór

### Seán Bán Mac Grianna: Scéalta agus Amhráin le seoladh Dé Sathairn

Beidh leabhar nua ón Dr Seán Mac Corraidh, Seán Bán Mac Grianna: Scéalta agus Amhráin, á sheoladh sa Cheathrú Phóilí i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, amárach ag a 3.00i.n. Is í Róise Ní Bhaoill a bheidh ag seoladh an leabhair agus beidh Albert Fry i láthair le labhairt ar an aithne a bhí aige ar Sheán Bán Mac Grianna as Rann na Feirste. Tá fáilte roimh chách agus beidh aithris á déanamh ag iníon Sheáin, Róise, agus beirt eile, ar chuid d'fhilíocht agus d'amhráin Sheáin Bháin.

# ROGHA TEILIFÍSE na Seachtaine



Le hÁine Seagrave

**TG4: Ceol na bhFánaithe**
Poirt an Phíobaire: Is as Baile Formaid an dá theaghlach ceoil is cáiliúla de chuid an Lucht Siúil lenár linn, muintir Furey agus Keenan. Caitheann an clár seo súil ar an tógáil ceoil a fuair muintir Keenan, go háirithe Paddy Keenan a bhí ar dhuine de phríomhcheoltóirí The Bothy Band sna 1970idí. Caithimid súil freisin ar na deartháireacha Furey agus Davey Arthur a bhain cáil amach le hamhráin ar nós 'Sweet Sixteen'. D'fhás an dá theaghlach aníos le chéile agus bhí tionchar mór ag an gcairdeas a bhí idir a n-aithreacha, John Keenan agus Ted Furey, ar a gcuid ceoil. I measc na n-aíonna a bheidh le feiceáil ar an gclár beidh Paddy Keenan, na Fureys agus Davey Arthur, Áine agus Martin Furey. Déardaoin 8.30i.n.



**BBC Thuaisceart Éireann; BBC 2: Imeall Geal**
Cuireann Tomaí Ó Conghaile agus Gráinne McElwain ceoltóirí agus aoíchainteoirí inár láthair in Ionad Éigse Sheáin Uí Chuilleanáin in Iúr Cinn Trá. Déanfar plé ar an uchtú agus ar thuras toilg i measc rudaí eile. Dé Luain, 10.00i.n.

**TG4: Aoire agus a Mhadra**
Sraith Nua: In sna Hearadl don Scarista Open a bheimid an tseachtain seo. Tá an Scarista Open ar cheann de chomórtais Inse Ghall, ina bhfuil cúig chomórtas uilig. Beidh Corn Ensay le fáil ag an mbuaiteoir.
Dé Domhnaigh 7i.n.

**BBC ALBA: Johnny Cash**
Beatha agus Ceol Johnny Cash
Tugtar léargas ar dhuine de na ceoltóirí is mó a raibh tionchar aige ar cheol an chéid seo caite, fear a d'oibrigh i dtionscal an cheoil ar feadh trí scór bliain.
Taiscéalann an clár faisnéise na téamaí is mó ina shaol: grá don tír, an tsaoirse, ceartas, an teaghlach, an creideamh agus an slánú trí agallaimh, grianghraif, ceol agus píosaí scannán nár scaoileadh riamh roimhe seo.

# ROGHA RAIDIÓ na Seachtaine

Le hÁine Seagrave

**Raidió Fáilte, Béal Feirste: Seó na Maidine**
Cuireann an t-iriseoir aitheanta Eoghan Ó Néill irischlár nuachta i láthair ina bpléitear na mórscéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na scéalta is déanaí ó na páipéir nuachtáin. Gach maidin Luan go hAoine 8:00-9:00 r.n. agus arís gach oíche 10:00 i.n. agus 4:00 r.n.

**Raidió na Gaeltachta: Mar a chaithimse an Domhnach**
Go traidisiúnta, ba lá naofa a bhí sa Domhnach, lá scíthe, ach ní hamhlaidh atá i gcónaí na laethanta seo. Sa tsraith nua seo a bheidh le cloisteáil sa samhradh, labhraíonn daoine faoin mbealach a gcaitheann siad féin an Domhnach. An nglacann siad scíth, an lá naofa atá ann dóibh, nó an bhfuil rud éigin faoi leith a dhéanann siad gach Domhnach? Inniu, is í an láithreoir teilifíse Bláthnaid Ní Chofaigh as Ráth Cairn a bheidh i mbun cainte le hEibhlín Ní Chonghaile faoin mbealach a gcaitheann sí féin an Domhnach. Maidin Dé Domhnaigh, 9.30.

**i102 104 : Ar Éileamh**
Is seó ceoil é an clár laethúil seo ar an stáisiún réigiúnach ina gcluintear eisiúintí úrnua, ceol na gcairteacha agus tuairimí. Bíonn aíonna éagsúla le cloisteáil faoi agallamh chomh maith. Is í Barbara Nic Dhonnacha a chuireann an clár beomhar seo i láthair. Is féidir éisteacht leis an stáisiún ar an idirlíon freisin ar http://www.i102104.ie/index.html. Gach lá 7.00i.n.

**BBC Raidió Uladh: Caschlár**
Is clár ceoil seachtainiúil é Caschlár le réimse ceoil, an popcheol, fréamhcheol, ceol traidisiúnta, na gormacha agus ceol soul san áireamh. Brian Mullen a chuireann an clár le chéile agus is é a a chuireann i láthair é . Is féidir éisteacht leis an stáisiún ar an idirlíon freisin ar www.bbc.co.uk/radioulster. Dé Sathairn: 6.00i.n.



**Highland Radio, Dún na nGall: Sounds Traditional as Gaeilge**
Is clár seachtainiúil é Sounds Traditional as Gaeilge ar stáisiún áitiúil Dhún na nGall agus is í Rosemary Herraghty a chuireann i láthair é. Bíonn meascán bríomhar de cheol traidisiúnta, bailéid agus ceoltóirí sa stiúideo ar an chlár chomh maith le cúrsaí reatha as Gaeilge. Is féidir é a chloisteáil gach tráthnóna Déardaoin idir 8 agus 9i.n. Déardaoin 8.00-9.00i.n.

# Comhairle nua fógartha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta

TÁ Comhairle nua fógartha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá naonúr ar an gComhairle nua faoi chathaoirleacht Anna Ní Ghallchóir. Is as Árainn Mhór i dTír Chonaill í Anna agus tá sí ina stiúrthóir ar Ionad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. Feidhmeoidh Comhairle RTÉ Raidió na Gaeltachta ar feadh téarma 3 bliana, agus í ag cur comhairle ar Bhord RTÉ maidir le polasaí craoltóireachta RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Is iad seo a leanas na baill:

Lorcán Ó Cinnéide, Príomhoifigeach Feidhmeannach Tháirgeoirí Éisc na hÉireann (Co Chiarraí), Éamonn Mac Niallais, Riarthóir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Gaoth Dobhair), Alan Ó Maoldúin, Bainisteoir Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael (BÁC), Seán Ó Sé, Iar-Uachtarán ar Oireachtas na Gaeilge (Corcaigh), Seán Mac Donncha, Gníomhaí Pobail agus Óige (an Cheathrú Rua), Áine Ní Chiaráin, Craoltóir agus Iriseoir (Co Mhaigh Eo) agus Maighréad Uí Mháirtín, Oideachasóir (Co Thír Eoghain).

Beidh ionadaí foirne le ceapadh ar an gComhairle chomh maith, agus beidh toghchán á reáchtáil leis an ionadaí sin a roghnú.

Chuir Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta, Edel Ní Chuireáin, fáilte roimh cheapadh na Comhairle úire. Mhínigh sí gur "tréimhse thar a bheith cinniúnach [í] ó thaobh na Gaeltachta agus cúrsaí craolacháin de agus polasaí fadtéarmach i leith na Gaeilge á phlé ag an rialtas faoi láthair." Dúirt sí go bhfuil sí "ag súil le bheith ag obair leis an Chathaoirleach, Anna Ní Ghallchóir, agus baill uile na Comhairle chun leasa na seirbhíse."

Beidh an chéad chruinniú den Chomhairle nua ann i mí Mheán Fómhair.

# Corp agus Anam

BEIDH clár nua, Corp agus Anam ar an aer ar TG4 an t-earrach seo chugainn.

Díríonn an tsraith cheithre chlár ar shaol an chomhfhreagraí choiriúlachta, Cathal Mac Iarnáin. Is fear é Cathal a théann sa tóir ar an scéal a bhíonn ar chúl an scéil.

Tá sé iontach gnóthach agus mar gheall air sin ní thugann sé faoi deara go bhfuil domhan na coiriúlachta ag teannadh isteach air de réir a chéile. Tá an tsraith lonnaithe in Éirinn an lae inniu. Mairfidh gach aon chlár caoga bomaite.

Dúirt Paddy Hayes, Léiritheoir Corp agus Anam, go bhfuil siad "fós i lár taifeadta ar Corp agus Anam." Tá an taifeadadh ar siúl i nGaillimh le Darach Mac Con Iomaire ina stiúrthóir.

Foilsítear. Beidh Diarmuid de Faoite, Maria Doyle Kennedy, Úna Ní Fhlatharta, Tommy McArdle agus Linda Bhreathnach mar phríomhaisteoirí sa tsraith.

Tá an tsraith maoinithe faoi scéim Choimisiún Craolacháin na hÉireann, Fuaim agus Fís.

# Ábhar Scríbhneoirí Teilifíse Gaeilge

TÁ suas le 6 áit ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge ar mhaith leo drámaíocht a scríobh don teilifís. Tá TG4, i bpáirt leis an Chiste Craoltóireachta Gaeilge agus le BBC Thuaisceart Éireann, ag lorg iarratas ó scríbhneoirí Gaeilge, idir scríbhneoirí úra agus scríbhneoirí bunaithe, maidir le scéim forbartha i scríbhneoireacht scripteanna.

Tá an cúrsa seo dírithe ar scríbhneoirí atá líofa sa Ghaeilge agus lonnaithe i dTuaisceart na hÉireann.

Eagrófar an scéim traenála thar tréimhse 6 mhí agus beidh gairmithe ón tionscal i mbun ceardlann agus meantóireachta. Beidh Fobairt Scéil, Struchtúr, Forbairt Carachtar, Dialóg, Ton, Luas agus Riachtanais na gCraoltóirí i measc na n-ábhar a chlúdófar.

Táthar ag súil go mbeidh 6x25' de scripteanna snasta réidh le léiriú agus le craoladh, b'fhéidir, ar TG4 agus ar BBC Thuaisceart Éireann mar thoradh ar an scéim.

Caithfidh iarrthóirí smaoineamh a chur isteach le haghaidh dráma singil leathuaire ar an téama 'Stigma'. Ba chóir an scéal a lonnú i suíomh nua-aimseartha, réadúil ina mbeadh an Ghaeilge á labhairt.

Le bheith san áireamh don scéim, cuir isteach litir mhínithe a thugann cuntas ar na fáthanna ar chóir duit freastal ar an chúrsa; CV; achoimre aon-abairte ar an scéal; alt a thugann imlíne an scéil; sonraí na bpríomhcharachtar agus script d'aon radharc amháin.

Cuirtear iarratais (ar ríomhphost agus cóip chrua) chuig: maire.ni.chonlain@tg4.ie agus chuig Máire Ní Chonláin, TG4, Baile na hAbhann, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Is é 5 a chlog i.n. ar an Aoine 27ú Lúnasa 2010 an spriocdháta le haghaidh iarratasóirí.

## BUÍON CEOIL na Seachtaine

### Labhraíonn **Joanne Ní Riain** le Deirdre Cussen, dordveidhleadóir leis an mbuíon as Luimneach, Nick Carswell & the Elective Orchastra.

**Cá bhfuil tú faoi láthair a Dheirdre agus céard atá ar siúl agat?**
Tá mé lonnaithe i mBéal Feirste faoi láthair ag obair le comhlacht léiriúcháin teilifíse ag obair ar chláracha teilifíse do TG4 agus BBC NI trí mheán na Gaeilge.

**Cén bhaint atá agat le Nick Carswell agus an Elective Orchastra?**
Bímse ag seinm an dordveidhil agus ag déanamh fonnadóireacht taca leo. Thosaigh mé ag seinm le Nick in 2004. Ag an am ní raibh sa bhanna ach Nick, Sian agus mé féin agus bhíomar go léir i mBaile Átha Cliath. Ansin in 2007 nuair a bhí an banna ceoil go léir lonnaithe i Luimneach d'éirigh rudaí níos dáiríre agus tháinig Kate, mo dheirfiúr, agus Bart ar na drumaí isteach sa bhuíon.

**Bhí sibh ag seinm ag an IMRO Showcase i Luimneach le déanaí. An bhfuil showcases mar sin tábhachtach daoibh?**
Bhuel, tá sé tábhachtach nochtacht a fháil agus tú ag iarraidh clú a bhaint amach ar ndóigh, agus ag sár-thaispeántais cosúil leis an IMRO bíonn dj-anna éagsúla i láthair agus seans go gcasfaidh siad do chuid ceoil ar an raidió má thaitníonn sé leo. Bhí Jenny Huston i láthair an oíche sin mar shampla, so tá súil agam go bhfuil sí ag scaipeadh an scéil fúinn!

**Tháinig do chéad LP amach anuraidh. Cén sórt aiseolais a fuair sibh?**
Fuaireamar aiseolas den scoth ag an am - bhí Paul McLoone ar TodayFM ag tabhairt roinnt ama dúinn ar na tonnta ina dhiaidh, bhí léirmheas den scoth scríofa in Hot Press agus san Irish Times Ticket agus fuaireamar slot ag an Electric Picnic san Body + Soul chomh maith ina dhiaidh.

**Tá Nick ag staidéar i mBaile Átha Cliath faoi láthair. Céard atá ar siúl agat féin agus na daoine eile sa ghrúpa? An bhfuil sibh fós ag scríobh agus ag seinm le chéile?**
Tá Nick ag déanamh staidéir ar Theicneolaíocht Cheoil agus na Meáin i gColáiste na Tríonóide, tá mise ag obair sna meáin chumarsáide Ghaeilge i mBéal Feirste, tá Kate (veidhlín) ina dlíodóir, tá Sian (vocals) ag déanamh MA i gCeol an Phobail in UL,agus tá Bart (drumaí) ina cheoltóir go lánaimseartha le bannaí ceoil éagsúla. Táimid fós ag scríobh agus ag seinm le chéile ach tá sé deacair faoi láthair mar táimid go léir scaipthe timpeall na tíre.

**An bhfuil aon tionscadail cheoil eile agat faoi láthair?** Bímse ag seinm le String Quartet go rialta le haghaidh póstaí agus ócáidí eile chomh maith, agus cuirim clár ceoil i láthair ar Raidió Fáilte i mBéal Feirste. Is féidir a rá go bhfuilimse sáite sa cheol!

**Céard eile atá pleanáilte agaibh i mbliana?** Táimid ag súil go mbeimid ag seinm ag an Electric Picnic i mí Mheán Fómhair, agus táimid le ceolchoirm a dhéanamh i Bewleys Café Theatre go luath - ag iarraidh an dáta a shocrú faoi láthair. Tá roinnt amhrán taifeadta cheana féin againn agus, le cúnamh Dé, beidh albam sna siopaí faoi mhí Dheireadh Fómhair seo chugainn.

**An féidir leat achoimre ar Nick Carswell & the Elective Orchastra a dhéanamh i gcúig fhocal dúinn?**
Is maith an t-anlann an éisteacht!

# Léargas ar phíobaireacht sa Piper's Choice

**le Seán Ó Loingsigh**

TÁ físdiosca nua eisithe ag Na Píobairí Uilleann i mBaile Átha Cliath a thugann léargas níos doimhne dúinn ar cheird na píobaireachta mar a bhaineann sé leis an gceol Gaelach.

Seo an 'Piper's Choice' Imleabhar III, rogha ceoil na bpíobairí Mick Coyne, Nollaig Mac Cárthaigh agus Paddy Keenan, triúr atá curtha faoi agallamh chomh maith ag an gcraoltóir agus an píobaire Peter Browne.

Is léir ón gcur i láthair gur ceoltóirí atá i bhfeighil léirithe - seinneann an stiúrthóir Ken Lynam píb uilleann agus is píobaire iomráiteach é an príomhléiritheoir Gay McKeon.

Dírítear an ceamara go tuisceanach ar mhéara na gceoltóirí agus iad i mbun na teicníochta a shamhlaímid le ceol na bpíob, rud a chuireann leis na díospóireachtaí aonair idir an láithreoir oilte Browne agus a chomhghleacaithe píobaireachta.

Is físdiosca (DVD) don éisteoir é chomh maith, le 20 traic roinnte idir an triúr a taifeadadh i gceanncheathrú na bPíobairí Uilleann (NPU) ar Shráid Henrietta, Baile Átha Cliath.

Léiríonn Mick Coyne conas teicníocht chasta píobaireachta a úsáid i stíl nach gcuireann isteach ar an bport sna ríleanna The Maid in the Cherry Tree agus Boil the Breakfast Early.

Tógadh Coyne i Learpholl, áit ar sheinn sé lena athair sa Liverpool Céilí Band, agus tháinig sé faoi thionchar an phíobaire Andy Conroy nuair a bhog sé go Baile Átha Cliath sna 1970í. Bhuaigh sé comórtas píobaireachta ag an Oireachtas i 1984.

Is múinteoir scoile agus píobaireachta é Nollaig Mac Cárthaigh a bhíonn i mbun ranganna i Sráid Henrietta, agus déanann sé tagairt sa DVD don líon mór daoine óga a thagann anois go háras NPU ag foghlaim cheol na bpíob. Mar aon le Mick Coyne, luann sé an tábhacht a bhaineann le leagan amhráin a bheith ar eolas nuair a sheinntear an ceol a bhaineann leis mar fhonn mall, comhairle a thug an píobaire Séamus Ennis tráth dá raibh.

Tagann tuiscint dhomhain Peter Browne ar an bpíobaireacht chun cinn nuair a tharraingíonn sé aird ar ornáidíocht ar leith a chuireann Paddy Keenan sa phort Coppers and Brass agus is léir máistreacht Keenan mar cheoltóir nuair a dhéanann sé aithris dhraíochtúil ar an stíl a bhí ag Séamus Ennis maidir leis an ornáidíocht chéanna.

Chítear agus cloistear gné de phíobaireacht Paddy Keenan sa bhfísdiosca seo nár léir nuair a sheinn sé sa bhanna ceoil a luaitear leis de shíor – The Bothy Band – agus is iontach mar a chuireann sé síos ar an dtraidisiún a thug sé leis óna athair agus seancheoltóirí eile nuair a bhí sé ina leaid óg san áit ar tógadh é i mBaile Formaid, Baile Átha Cliath.

Is mór an meas atá ag píobairí agus ag lucht ceoil i gcoitinne ar Keenan agus ní nach ionadh gur roghnaíodh ceann dá rogha poirt mar cheol aitheantais don Piper's Choice. Is féidir an DVD a cheannach ar líne ón suíomh www.pipers.ie nó cuir glaoch ar Na Píobairí Uilleann ag 01-8730093.

106·4FM RAIDIÓ NA LIFE Cuisle na Cathrach

Clár Reachtaire (Sealadach)
- Conradh 5 mhí ag tosnú 26/07/2010 -

Fáilteofar roimh iarratais don phost thuasluaite. Tá Raidió na Life ag iarraidh duine fuinniúil a cheapadh mar Chlár Reachtaire sealadach don tréimhse 26/07/2010 - 24/12/2010.

Beidh dualgaisí taighde, léiriúcháin agus láithreoireachta mar aon le dualgaisí riaracháin agus cléireachais ar an té a cheapfar. Beidh taithí craolacháin de dhíth agus beifear ag súil le hardchumas teicniúil freisin. Beidh ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, ag an té a cheapfar. Beidh an Clár Reachtaire freagrach do Bhainisteoir Raidió na Life.

**Cáilíochtaí/Taithí:** Beidh bunchéim onóracha tríú leibhéil, ar a laghad, ag an té a cheapfar i réimse a bhaineann go sonrach leis an bpost (i.e. na Dána (leis an Ghaeilge mar ábhar); na Meáin Chumarsáide srl.)
Tuarastal de réir taithí agus cáilíochtaí.
Seoltar iarratais agus CV marcáilte "Príomháideach" chuig:

Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir, Raidió na Life,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Roimh 12/07/2010 Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an dáta sin.

Is fostóir comhionannas deiseanna é
Comharchumann Raidió Átha Cliath Teo. ag trádáil mar Raidió na Life.



# 8 OIDEACHAS

# Fís na Gaelscolaíochta Beo i nDoire

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ pleanáil ag dul ar aghaidh faoi láthair chun soláthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge a bhunú do na daltaí Gaelscoile a dhéanann freastal ar na Gaelscoileanna i nDoire agus ar an Srath Bán. Druideadh Meánscoil Dhoire, iarbunscoil lán-Ghaeilge a bunaíodh sa bhliain 1994, dhá bhliain ó shin agus mar sin tá tábhacht ar leith ag baint leis an bpleanáil seo d'iarbhunscoil nua sa chathair.

Bunaíodh meitheal oibre iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge an 18ú Bealtaine 2010 mar thoradh ar an idirphlé le hionadaithe ó Bhord Gobharnóirí na nGaelscoileanna uile i nDoire agus ar an Srath Bán. Is daoine atá ainmnithe ó na Gaelscoileanna uile atá sa mheitheal oibre seo agus an Dr. Micheál Ó Duibh (Comhairle na Gaelscolaíochta) ina chathaoirleach. Ó bunaíodh an mheitheal oibre seo tá go leor oibre déanta i dtaca le forbairt na hiarbhunscolaíochta lán-Ghaeilge i nDoire.

Go dtí seo, tá anailís agus plé déanta ag an mheitheal oibre ar threochtaí líon na ndaltaí Gaelscoile atá agus a bheidh in aois aistrithe thar na chéad 7 mbliana atá amach romhainn. Tá measúnú déanta ag an mheitheal oibre ar mhúnlaí éagsúla iar-bhunscolaíochta ionas gur féidir na múnlaí is oiriúnaí do riachtanais na Gaelscolaíochta a roghnú. Anuas air seo, tá



comhairliúchán déanta le príomhoidí Gaelscoileanna i nDoire, ar an Srath Bán, i mBun an Phobail agus i mBun Cranncha chun a dtuairimí agus a ndearcaí i leith fhorbairt na hiarbhunscolaíochta a fháil.

Dúirt an Dr. Micheál Ó Duibh go bhfuil sé iontach sásta a bheith ina chathaoirleach ar an mheitheal oibre agus go bhfuil meanma láidir an chomhoibrithe ann ó na Gaelscoileanna i nDoire agus ar an Srath Bán.

“Tá mé iontach sásta bheith i mo chathaoirleach ar an mheitheal oibre seo nó tá meanma láidir an chomhoibrithe ann ó na Gaelscoileanna i nDoire agus ar an Srath Bán. Chuir an fócas ar chomhoibriú ar leas coitianta an pháiste Gaelscoile saintréith ar leith le hobair na meithle oibre, rud atá maith agus cuiditheach. Tuigeann muid go léir nach obair fhurasta atá i mbunú sholáthar iar-bhunscolaíochta ach creideann muid go láidir go bhfuil an ceart ag daltaí teacht a bheith acu ar iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge.”

Creideann an tUasal Ó Duibh agus an mheitheal oibre gur chóir dó seo bheith ann do Mheán Fómhair 2011 nó ar an dáta is luaithe ina dhiaidh. Tacaíonn Comhairle na Gaelscolaíochta leis an dearcadh seo. Tá an mheitheal oibre den tuairim go bhfuil ceantar iar-bhunscolaíochta Dhoire réidh don iar-bhunscolaíocht agus deir Ó Duibh go bhfuil súil acu go rachaidh obair na meithle oibre seo píosa fada chun ‘scoil fhuinniúil agus inbhuanaithe’ a bhunú, a bheidh tarraingteach do na daltaí Gaelscoile uile agus a dhéanfaidh ardchaighdeán oideachais a ofráil do pháistí na scoile ar fad.

# Ceist faoi Thodhchaí Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Le hÁine Seagrave

Tá ceist faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit faoi láthair de bharr botún a rinneadh sna scrúduithe Ardteistiméireachta agus Teastais Shóisearaigh i mbliana.

Tá ceisteanna á gcur faoin eagraíocht mar gheall ar na botúin a rinneadh le laethanta beaga anuas ó thaobh páipéir scrúdaithe áirithe.

D'fhógair an Tánaiste agus Aire Oideachais, Mary Coughlan, i rith na seachtaine nach bhfuil na botúin inghlactha agus gur tharla na botúin toisc nach bhfuil daoine áirithe ag déanamh a gcuid oibre i gceart.

De réir Ruairi Quinn, urlabhraí Oideachais agus Scileanna do Pháirtí an Lucht Oibre, “Ní raibh léamh profaí déanta ar neart páipéir scrúdaithe roimh ré agus bhí botúin ghnáthaimh ó thaobh riaracháin na scrúduithe ann.”

Dúirt an Coimisiún nach mbeidh aon dalta faoi mhíbhuntáiste de bharr na mbotún.

Ainneoin sin dúirt an tUasal Quinn “níl sé maith go leor, do dhaltaí ná do cháiníocóirí, a thugann beagnach €60 milliún don eagraíocht gach bliain.”

“Ba chóir go gcuirfí an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht i gcrích i mbealach éifeachtúil, atá cóir agus sochaideartha”, a deir sé.

I dtús na seachtaine, mar thoradh ar bhotúin ar an pháipéar cuntasaíochta don Ardteistiméireacht, fuair daltaí idir 10 agus 50 nóiméad breise chun an páipéar a chríochnú. Roimhe sin tharla eachtra eile ina bhfuair breis agus 200 dalta i 16 scoil i mBaile Átha Cliath Theas páipéar cuntasaíochta le ceithre leathanach as naoi gcinn in easnamh. Chuaigh scoileanna i ngleic leis an fhadhb i mbealaí éagsúla agus dá bhrí sin “oibreofar ar mhaithe le daltaí áirithe,” mhínigh an t-urlabhraí Oideachais agus Scileanna.

Ghabh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leithscéal as an “bhotún táirgthe,” mar a thugtar air. Tháinig an botún seo chun solais tar éis roinnt botúin eile i rith thréimhse na scrúduithe, botún cló ar an pháipéar Ardleibhéil Gearmáinise agus botún ar an pháipéar Ardleibhéil Gnó sa Teastas Sóisearach san áireamh.

Thairis sin, chuir an tUasal Quinn an méid seo in iúl “níor eisíodh aon Ardteistiméireacht go hoifigiúil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit le ceithre bliana anuas de thoradh cás dlí.”

Mar gheall air sin rinne sé meastachán nach bhfuil páipéarachas oifigiúil ag 235,000 duine le cruthú go bhfuair siad pas san Ardteistiméireacht.

“Tá géarghá anois go réiteodh an Coimisiún an fhadhb seo,” arsa Quinn.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta 2010 - Gach Leibhéal

Áiteanna fós ar fáil:
28 Meitheamh - 02 Iúil 2010
05 - 09 Iúil 2010
28 Meitheamh - 09 Iúil 2010
SCG: 01 - 09 Iúil 2010
SCG: 01 - 16 Iúil

Tuilleadh Eolais:
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
091 869100 091 595101
mary.niniadh@oegaillimh.ie
www.nuigalway.ie/acadamh

Sunday Times Ollscoil na Bliana 2009-10

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Léachtóir (Téarma Seasta) le Dlí (Dlí Tráchtála) (Conradh Bliana)

Léachtóir (Téarma Seasta) le Córais Faisnéise Gnó (Conradh Bliana)

Spriocdháta: Déardaoin, 8 Iúil, 2010

Coláiste na hEolaíochta

Comhalta Ollscoile le Teagasc agus le Taighde sa Mhatamaitic Fheidhmeach (Conradh 2½ Bhliain)

Spriocdháta: Déardaoin, 15 Iúil 2010

Sonraí/nós imeachta le haghaidh iarratais:
Tuarastal:
• Léachtóir (Téarma Seasta): €40,256 - €56,782 sa bhliain
• Comhalta Ollscoile (Teagasc agus Taighde): €35,582 - €36,781 sa bhliain

*Tabhair faoi deara:* Tá comhaltaí Ollscoile i dteideal cur isteach ar dheontas bliantúil suas le €12,000.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

*Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*


publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Sunday Times Ollscoil na Bliana 2009-10



www.nuigalway.ie

## Crosfhocal 25.06.2010



### NODANNA


**TRASNA**

2 Prios, áit stórála sa bhaile (5)
4 Tráchtáil, ag ceannach agus ag díol (3)
6 Droch-am, fadhbanna maireachtála (4)
8 Bunús na Críostaíochta; teacht ar ais ón mharbh (7)
10 Teocht ard (2)
11 Cearca ina suí ar uibheacha (3)
12 Aiféaltas, brón i gcomhair rud a rinneadh (6)
14 Dian, tuairim daingean (5)
15 Rud atá cuiditheach, gléas úsáideach (3)
16 Ábhar mhaith don tine (4)
18 An lá i ndiaidh an lae seo (7)
20 Fuath, an mothúchán gur fuath leat rud éigin (5)
23 Guth (4)
24 An chéad uimhir; cárta tábhachtach i gcluiche (3)
25 Deirtear gur maith an t-ocras an t-ábhar seo (6)
26 Rud beag ciorclach, plaisteach, a choinníonn cóta nó geansaí ceangailte dúnta (6)

**SÍOS**

1 Deacair (4)
3 An leacht dearg a ritheann timpeall an choirp (4)
4 Abair paidir (3)
5 An aois sin roimh meánaois... déagóirí mar shampla (4)
6 Brionglóid, fís (7)
7 Rud scríofa do chúrsa coláiste (5)
9 Tóg gan cead, go mídhleathach (4)
10 Ag tabhairt aire do chúrsaí an bhaile (4)
12 Féachaint, breathnaigh (6)
13 Focal, nó ráiteas ar pháipéar a thugann cosaint don cheannaitheoir in aghaidh rudaí na n-oibríónn nó atá briste (8)
15 Amharaí (3)
17 An domhan,, na pláinéad, na réalta.. gach a bhfuil ann (7)
18 Ag baint úsáid as na scamhóga (5)
19 Rí-rá, raic, argóint (6)
20 Tineass a bhógann ó dhuine go duine (5)
21 An gruaige os cionn an tsúl (5)
22 Easnamh, nuair a nach bhfuil a dhóthain de (4)

**Crosfhocal** 18.06.2010



**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Póilín Uí Mhurchú
120 Harberton Park
Béal Feirste

### Duais na seachtaine

Bronnfar rogha leabhar Gaeilge ar bhuaiteoir na seachtaine.
Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 30 Meitheamh, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm ..........................................................................................

Seoladh ......................................................................................

Uimhir Fóin.........................................

# www.bladair.com

**Le hÁine Seagrave**

LE blianta beaga anuas tá níos mó daoine ná riamh ag úsáid an idirlín agus blaganna chun tuairimí a nochtadh. Thug Art Ó Súilleabháin, Stiúrthóir Ionad Oideachais Mhaigh Eo, an treocht seo faoi deara agus i mí na Márta i mbliana chuir sé tús le www.bladair.com, suíomh blagála as Gaeilge atá dírithe ar an aos óg.

Bunaíodh an suíomh le tacaíocht ó Ionad Oideachais Mhaigh Eo agus ón Roinn Oideachais. Cuireadh tús leis an suíomh thart ar Lá Fhéile Pádraig agus cuireadh chun cinn é mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2010 i mbliana. Bíonn daltaí scoile agus mic léinn ag blagáil nó ag bladaráil ar an suíomh agus bronntar duais do na blaganna is fearr gach mí.

Seoladh an suíomh ar ardán náisiúnta ach léirigh Art Ó Súilleabháin gurb iad "na scoileanna i Maigh Eo agus sa Ghaillimh a bhaineann úsáid as an suíomh den chuid is mó."

Déantar monatóireacht ar an gcaint nó ar an gcomhrá atá ar siúl chun timpeallacht foghlama atá sábháilte a chothú agus "chun a chinntiú go bhfuil ábhar oiriúnach á phlé," a deir Art.

Freastlaíonn an suíomh ar an aos óg, déagóirí, múinteoirí agus daoine fásta. Tá trí chatagóir le fáil: Bladair na nÓg le haghaidh páistí suas go 12 bhliain d'aois, Bladair na Teen le haghaidh déagóirí agus Bladair na Múinteoirí. Baintear úsáid as Bladair na nÓg mar thimpeallacht spraíúil shábháilte ionas gur féidir le daltaí bunscoile a bheith ag caint as Gaeilge.

Soláthraíonn Bladair na Teen áit do dhaltaí meánscoile chun tuairimí a nochtadh maidir le habhair scoile, scannáin agus ceol trí Ghaeilge. Maidir le Bladair na Múinteoirí is féidir leo an suíomh a úsáid mar uirlis nó áis le haghaidh smaointe éagsúla, pleananna ceachta agus le rudaí difriúla a phlé chomh maith.

Bíonn comórtais éagsúla ar siúl agus duais €50 ann gach mí le haghaidh na mblaganna is fearr. "Spreagann duaiseanna na páistí chun páirt a ghlacadh sa bhlagáil agus is maith an rud é sin," a deir Art faoi na comórtais. Bíonn na daltaí in iomaíocht lena chéile chun an blag is fearr a sholáthar. Faightear urraíocht ó chomhlachtaí éagsúla le haghaidh na nduaiseanna.

Deir Art "go bhfuil siad sásta leis an méid tacaíochta agus daoine atá ag baint úsáide as an suíomh go dtí seo," ach d'admhaigh sé go bhfuil "neart oibre fós le déanamh chun an suíomh a chur chun cinn." Tá súil aige go mbeidh tuilleadh daoine ag baint úsáide as mar uirlis oideachais go náisiúnta, daoine fásta san áireamh.

"Tá neart féidearthachtaí ag an suíomh agus caithfimid é a fhorbairt ó thaobh íomhá de agus urraíocht a fháil. Tá urraíocht de dhíth orainn le haghaidh na nduaiseanna ó dhuine ar bith atá ag iarraidh cabhrú chun an Ghaeilge a chur chun cinn."

# Dlí agus Gaeilge

IS é an cúrsa Dlí agus Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh an t-aon chúrsa dlí inar féidir staidéar a dhéanamh ar ábhar dlí, ábhar Gaeilge agus ábhar dlí trí Ghaeilge sa tír.

Is iomaí deis fostaíochta atá le fáil ón chéim seo, de bharr go bhfuil éileamh mór ar dhlíodóirí le Gaeilge mar thoradh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus stádas na Gaeilge san Eoraip.

Cúrsa ceithre bliana atá i gceist.

Údarás na Gaeltachta

**Scoláireacht sa Rannóg Cumarsáide & Margaíochta**

Tá scoláireacht, a mhairfidh suas le dhá bhliain, á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhuine le Gaeilge líofa chun oiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil i réimse oibre na cumarsáide, caidreamh poiblí agus margaíochta a fháil.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal i gcumarsáid, i margaíocht, in iriseoireacht nó caidreamh poiblí atá á lorg. Ní mór cruinneas maith scríofa agus labhartha na Gaeilge agus Béarla chomh maith le scileanna ríomhaireachta a bheith ag iarratasóirí.

Beidh an duine seo ag tacú le foireann na Rannóige Cumarsáide agus Margaíochta lena bplean oibre ina bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar fheachtais phoiblíochta agus mhargaíochta a chur i bhfeidhm.
Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Gaillimh.

*Cuirtear iarratais, mar aon le CV, roimh an* Aoine, 2 Iúil 2010 chuig:

An Rannóg Pearsanra
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
T: 091 503100 F: 091 503101 Rphost: eolas@udaras.ie
Le haghaidh tuilleadh eolais glaoigh ar
An Rannóg Cumarsáide agus Margaíocht ag 091 503219

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

EUROPUS

**Ardchúrsa Oiliúna in Aistriúchán Cáipéisí Dlí agus Cáipéisí Stáit eile**

**Europus/GMIT**
*i gcomhar leis an*
**Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta**

De bharr an méid éilimh a bhí ar an gcúrsa seo anuraidh reáchtálfaidh Europus/GMIT, faoi urraíocht na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, dianchúrsa oiliúna lánaimseartha eile a sheasfaidh dhá mhí ar aistriúchán cáipéisí dlí agus cáipéisí stáit eile i dTír an Fhia i gConamara i mí Iúil agus Lúnasa 2010.

Glacfar le céimithe a mbeidh caighdeán ard acu i nGaeilge agus i mBéarla. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cáilíochtaí sa dlí acu. Déanfaidh iarrthóirí agallamh agus scrúdú scríofa sula nglacfar leo ar an gcúrsa. Ní bheidh aon táille ar an gcúrsa. Ní ghlacfar ach le líon teoranta daoine ar an gcúrsa.

*Seol iarratas mar aon le CV chuig :-*
**EUROPUS**
**An Comhlacht Teanga**
**An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe**
*roimh Dé hAoine an 9 Iúil 2010*

**Teil: 091/572 082** **Faics: 091/572 335**
**Ríomhphost eolas@europus.ie**

# 9 FÓGRAI

**Coláistí Chorca Dhuibhne Teo.**

Baile an Fheirtéaraigh,
Trá Lí, Co. Chiarraí.
Fón: 066-9156100, Facs: 066-9156348 R-Phost: cfcd@cfcd.ie

**Coláistí Samhraidh**
Áiteanna ar fáil sna
Coláistí Samhraidh
do dhaltaí 10 - 18 mbliana

**30 Meitheamh - 22 Iúil**
**23 Iúil - 14 Lúnasa**

**DRÁMAÍ GAEILGE**
Ceardlanna • Léirithe • Leabharlann ar Líne
**www.drama-gaeilge.com**
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Camas, Conamara
091-574146

Tóg mionfhógra linn ar feadh 10 seachtain ar chostas iomlán de €20.00 in aghaidh na seachtaine. Is cuma más seirbhís nó gnó é, ócáid nó ceol, seol chugainn é agus cuirfidh muid i gcló é. 4cm x 2cm costas €20.00 (+CBL21%). Iomlán €242.00
**Glaoigh ar Patricia ag 086 -0234251**
**nó fograi@gaelsceal.ie**

www.COISCEIM.ie
Coiscéim. Foilsitheoirí leabhair Gaeilge
Ar bhfuair tú Do Leabhar le déanaí?

Louis Mulcahy
**Siopa agus Caifé oscailte**
**7 lá sa tseachtain**
Clothar, Baile'n Fheirtéaraigh,
An Daingean, Co. Chiarraí
Fón: 066 9156229 Faics: 066 9156366
dingle@louismulcahy.com
"Ionad ar leith is ea Potadóireacht na Caolóige" R.T.E. Guide
"Tugann siad gliondar dom' chroí!" Mary Adams, Luimneach



Potadóireacht na Caolóige
www.louismulcahy.com

CL PRINT
Clódóirí Lurgan

t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
e. info@clprint.ie

Printing Services /
Professional Finishing /
In House Design.

Le os cionn 30 bliain taithí ins an gclódóireacht taobh thiar dúinn, agus an treallamh agus innealra is nua aoisí ar an margadh, déanann muid táirge den scoth ar phraghas réasúnach.

I gcóir meastachán glaoigh orainn ag ár n-oifig in Indreabhán, Conamara
ag 091 593251.

An Spailpín Fánach
30 bliain ar an mbóthar
**An Spailpín Fánach Ceardlann an Spidéil, Conamara. 091-553343**

Priondáil T-Léinte agus Cochaill
www.tshirt.ie



**www.spailpin.com**

Oireachtas — Tír agus Teanga

**Spriocdháta iontrála do Chomórtais Liteartha an Oireachtais**

**1 Iúil 2010**

Oifig an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
01/4753857
eolas@antoireachtas.ie

Óstán na Páirce — An Spidéal — Park Lodge
Park Lodge Hotel
Spiddal, Co. Galway
**I gcóir do bhainis nó cóisir**
**Glaoigh ar 091 553159**
**www.parklodgehotel.ie**

udar.ie
Junior SCRABBLE ar fáil as Gaeilge anois



**SIOPA NUA AR-LÍNE**
*EARRAÍ GAEILGE AGUS ÉIREANNACHA*
NEW ONLINE SHOP
IRISH AND IRISH LANGUAGE GOODS
*Gach eolais faoi udar.ie ar fáil ó www.udar.ie*
*All information for udar.ie available on www.udar.ie*
*Tá udar.ie ag trádáil mar chuid de Glór na nGael Teo.*
*udar.ie is trading as part of Glór na nGael Teo.*

GAEL LINN
**Coláistí Samhraidh (Meitheamh-Lúnasa).**
**Líon teoranta áiteanna ar fáil.**
**Dún na nGall- Maigh Eo- Corcaigh**
**1890 675675**
**ww.gael-linn.ie**

## Corn an Domhain

# Náire na Fraince mar ábhar ceiliúrtha againne sa bhaile



Le Páidí Ó Lionáird

NACH bhfuil sé dochreidte an tslí go mbíonn an t-ádh le tíortha áirithe agus an mí-ádh le tíortha eile? Cuir i gcás go raibh an t-ádh leis an Fhrainc nuair a chuir lámh Henry an tír ar aghaidh chun na hAfraice Theas a fhad is a chuir a lámh deireadh le pé seans a bheadh ag Éirinn cáiliú don ócáid spóirt is mó ar domhan. Nílim ag rá go n-éireodh níos fearr le hÉirinn in aghaidh na bhfoirne sa ghrúpa úd - Meicsiceo, Uragua agus an tír óstach An Afraic Theas ach thabharfaimis cluiche lán de chroí dóibh ar fad. Ní dóigh liom go mbeimis ag fágáil slán leis an gcomórtas i ndiaidh an chéad bhabhta cáilithe.

Tá an Fhrainc. Agus tá an toradh seo tuillte acu. In ainneoin nár cháiligh an Afraic Theas, i ndiaidh dóibh an bua a fháil ar an bhFrainc, mhúineadar ceachtanna do na coiligh. Ciarthuathail atá mar oidhreacht ag na Francaigh ar a gcuaird ar an Afraic Theas. Cuireadh Nicolas Anelka abhaile faoi scáth amhrais agus feirge. Tá an milleán ar fad á chur ar an mbainisteoir Raymond Domenech agus nuair nach gcroithfeadh sé lámh lena chomhghleacaí bainistíochta ón dtír óstach, léirigh sé a easpa grásta.

An bhfuil macalla ag an scéal seo dúinne? Saipan? Mick McCarthy? Roy Keane? Bhuel táim cinnte go mbeidh an Fhrainc deighilte agus daoine éagsúlaar son an dá thaobh den scéal ainnis seo. Tá difríocht amháin, áfach, idir an dá chás. Bhíothas ag súil le níos mó ón Fhrainc ná mar a bhíothas ag súil uainne ocht mbliana ó shin. Filleann an feall ar an bhfeallaire b'fhéidir.

B'amhlaidh an cás é le Sasana, iad san in umar na haimléise freisin. É sin go dtí gur thug Jermain Defoe (fear ionaid go dtí seo) faoiseamh dóibh le cúl sa chéad leathuair nuair a scóráil sé ó phas James Milner (a d'imir ar an gcliathán deas sa chluiche seo seachas ar an gcliathán clé, áit a raibh sé go dtí sin). Ba leor é len iad a cháiliú. Nuair nach raibh acu ach 2 phointe sular thugadar aghaidh ar an tSlóivéin, bhí baol ann cinnte ach anois, tá greim an fhir bháite na Slóivéine imithe le sruth agus iad curtha abhaile in ainneoin gur bhreá leo a chinntiú nach gcáileodh Sasana, tír a d'fhéadfadh feabhsú dá n-éireodh leo teacht tríd an gcóras cáilithe. Agus feabhsóidh siad.

Mar sin cén tír atá ag glacadh dúshlán na hAfraice? Cé acu is fearr le dul ar aghaidh agus an corn diamhair a ardú nó cé acu atá in acmhainn é seo a dhéanamh? An bhfuil aon tír a d'fhéadfadh barra thuisle a bhaint asainn ar fad agus dul an tslí go léir go craobh? Tá. Tá trí thír ar a laghad a d'fhéadfaí a shamhlú le ceann scríbe a bhaint amach gan an iomarca stró. Beidh ceann de na tíortha seo a leanas sa chluiche craoibhe: An Ghearmáin, An Bhrasaíl nó an Airgintín. Beidh ceann acu san iomaíocht ag deireadh an lae. Más ea, beidh orthu an Spáinn a sheachaint. Sea, ní rabhadar ró-mhaith in aghaidh Hondúras ach bhuadar le scór 2-0. Chruthaíodar 10 seans eile ar chúil, ina measc nuair a theip ar David Villa cúl a aimsiú ón spota éirice.



An mbeidh muid in ann dearmad a dhéanamh ar seo choíche?

**Cuireadh Nicolas Anelka abhaile faoi scáth amhrais agus feirge. Tá an milleán ar fad á chur ar an mbainisteoir Raymond Domenech agus nuair nach gcroithfeadh sé lámh lena chomhghleacaí bainistíochta ón dtír óstach, léirigh sé a easpa grásta.**

Bhí deis ag Fernando Torres a mhála a líonadh le cúil agus theip glan air. Ní bheidh Torres chomh dona arís.

An sin sin mar sin? An é go bhfuil an cluiche craoibhe réitithe agus an féidir linn suí siar, sásta nach mbeidh aon gheit á baint asainn idir seo agus an 11ú Iúil nuair a thógfaidh dhá fhoireann, ceann as Meiriceá Theas (seans) agus ceann eile as an Eoraip chun na páirce i Jo'Burg? Bhuel, dá n-éireodh leis an Ísiltír iad féin a choimeád faoi smacht agus más féidir le Arjen Robben filleadh ó ghortú, cá bhfios? An bhfuil na curaidh reatha, an Iodáil, as an áireamh? Ó níl. Níl in aon chor, má fhaigheann siad an ceann is fearr ar an tSlóvaic, feabhsóidh siadsan freisin. Agus cad mar gheall ar an Phortaingéil? Bhí an bua is cuimsithí go dtí seo acu sa chomórtas ar fad le 7-0 in aghaidh na Cóiré Thuaidh.

Ach táim dóchasach nach bhfuilim mícheart faoina bhfuil scríofa agam. Rud amháin atá soiléir go dtí seo agus sinn ag druidim le leathshlí sa chomórtas ollmhór seo ná nach bhfuil na príomhaithe tar éis a gcuid tallainne, faoi mar is eol dúinn í, a léiriú fós. Shílfeá go mbeadh díocas orthu a gcuid scile a léiriú agus tá ar chuid acu. Tá Messi á taispeáint don Airgintín, tá agus Robinho á taispeáint don Bhrasaíl. Diego Forlan d'Urugua agus David Villa don Spáinn. Tá tuilleadh imreoirí áfach a bhfuil a mbuataisí le ceangal fós acu: Cesc Fabregas má fhaigheann sé deis don Spáinn, Ronaldo má stopann a chloigeann ag at agus Arjen Robben nuair a fhillfidh sé. Tá an t-uachtar ag ardú agus ag teacht go barr an chrúsca. Níl ann anois ach suí siar agus faire.

# Leadóg + SW19 = Wimbledon

Le Páidí Ó Lionáird

SÚTHA talún, uachtar agus uachtar gréine. An tráth sin de bhliain arís agus Wimbledon ar ndóigh, baile beag i ndeisceart chathair Londan mar chroílár an domhain leadóige ar feadh coicíse. Bhí an t-ádh dearg leis an gcuradh reatha Roger Federer cáiliú as an gcéad bhabhta nuair a bhuaigh Alejandro Falla ón gColóim an chéad agus an dara seit 7-5 agus 6-4. Táim cinnte gur chaith lucht eagraithe an chomórtais roinnt allais agus iad ag faire ar an gcluiche is deacra dar imir laoch na leadóige riamh ar an gcúirt láir. Bhí allas freisin orthu le linn cluiche stairiúil idir bheirt fhear sa chéad bhabhta, Nicolas Mahut (an Fhrainc) agus John Isner (SAM). Is beag aithne a bheadh ag éinne orthu roimhe seo ach gur thóg sé cúig sheit, agus le cois céad cluiche sa chúigiú seit len iad a scaradh óna chéile. Agus b'shin i ndiaidh breis is deich n-uaire an chloig imeartha. Ar aon nós tá na hainmneacha móra fós ann, Nadal, Djokovic, Hewitt, Mardy Fish (a bhuaigh i Queens an tseachtain seo caite gan choinne), Murray, Roddick, Sam Querrey agus Soderling. Níl aon ní le samhlú nach ag Nadal, Federer, Murray nó Roddick a bheadh an bua agus cé a gheallfadh in aghaidh Federer?

Maidir leis na mná, arís tá siad i mbarr a maitheasa. Tá na deirfiúracha Williams cáilithe don gcéad bhabhta eile. Tá deichniúr Rúiseach ann, ina measc Kuznetsova agus Sharapova mar aon le Clijsters agus Henin agus beidh sé deacair an curadh reatha i measc na mban, Serena Williams, a choimeád óna ceathrú craobh agus ceann níos gaire do na cúig cinn atá buaite ag a deirfiúr. Agus táimse ag cur mo mhuiníne inti len é sin a dhéanamh. I dteannta Nadal sna fir, buafaidh euro amháin ocht euro ar ais. Más fearr leat Federer agus Venus, buafaidh do €1 €10 ar ais. Cuma ach taitneamh a bhaint as ach beidh sé deacair é a dhlisteanú má bhíonn an aimsir chomh maith is atá faoi láthair! Tuilleadh uachtair éinne?

# “Aon fhoireann a bhíonn inchurtha le Tír Eoghain ... caithfidh go bhfuil mianach iontu”



Le John Allen

BHUEL, tá an t-am sin den bhliain linn nuair a thiocfaidh críoch leis an séasúr do roinnt foirne sa chraobhchomórtas peile. Is córas maith é, i mo thuairim, go bhfuil an dara seans ag na foirne go léir.

Nach raibh an mí-ádh ceart le Loch Garman coicís ó shin agus iad chomh mór sin in uachtar i gcoinne BÁC an chuid is mó den chluiche. Sa chéad fiche nóiméad bhíodar go hiontach ar fad, go háirithe na ciceanna saora le Redmond Barry agus Mattie Forde. Tógadh na ciceanna seo tuairim is caoga slat amach agus an liathróid fliuch.

Tá se dochreidte go rabhadar seacht gcúilín chun tosaigh ceathrú uaire isteach sa dara leath agus gur chailleadar fós.

Ach le cabhair dhá chúl luachmhara ag Bernard Brogan chuaigh BÁC chun tosaigh in am breise - ach bhí an t-ádh dearg leo. Is dócha gurb í an difríocht mhór a bhí idir na foirne ná go raibh fir ionaid níos fearr ag BÁC in am breise.

Beidh an dara seans ag Loch Garman i gcoinne Londan an Satharn seo agus má bhíonn an meon ceart aigne acu ba cheart go mbuailfidís éasca go leor iad. Beidh an dara seans freisin ag Maigh Eo nuair a thabharfaidh siad aghaidh ar Longfort. Is beag duine a bhí ag dréim leis an mbun iontach a bhí ag Sligeach orthu. Bhí sé róshoiléir go raibh fadhbanna acu i ndiaidh craobh na sraithe.

Bhí na saoithe beagnach ar aon intinn i ndiaidh an chluiche sin go raibh teachtaireacht faighte ag fir John O'Mahony agus go bhfoghlaimeoidís uaidh ach, mo léan géar, is chun deiridh fós a chuadar i gcoinne fhir Shligigh.

An bhfuil siad níos fearr ná sin? Is deacair an cheist sin a fhreagairt. Ach caithfidh feabhas mór teacht orthu chun aon dul chun cinn a dhéanamh ach is dóigh liom go mbeidh siad róláidir ag Longfort.

Is dócha go bhfuil Cill Dara ar aon dul le Maigh Eo. Bhí daoine ag ceapadh go raibh seans maith acu Craobh Laighean a bhuachaint i mbliana ach chuir Co Lú deireadh leis an mbrionglóid sin. Le sárthaispeántas bhuail foireann Lú an geata amach iad. Is mór an scór é cúl agus dhá chúilín is fiche agus is mór é freisin nuair is é d'fhoireann-sa a ghéilleann an méid sin. Shocraigh foireann Lú isteach sa chluiche sin go luath agus mhúineadar ceacht ceart d'fhoireann Kieran McGeeney. Cinnte, tiocfaidh Aontroim amach ag troid an Satharn seo. Aon fhoireann a bhíonn inchurtha le Tír Eoghain, mar a bhíodar sa chéad chluiche, bhuel, caithfidh go bhfuil mianach iontu.

Tá sé deacair go leor an cluiche seo a thomhas. Rachaidh mé le Cill Dara ach níl mórán fianaise agam.

Bhí foireann an Chláir ar fheabhas sa chomórtas sraithe ach ní rabhadar láidir go leor do Phort Láirge sa chéad chluiche craoibhe. Dá mbeifeá ag féachaint ar an gcluiche seo ó thaobh traidisiúin de bheifeá a rá go mbuafadh Uíbh Fhailí orthu an deireadh seachtaine seo. Ach tá a dtrioblóidí féin ag an bhfoireann lár tíre. Bhíodar go hainnis i gcoinne na Mí sa chéad chluiche.

Mar sin ní dóigh liom go bhfuil mórán idir na foirne agus b'fhéidir go bhfuil an taoide le fir an Chláir na laethanta seo.

Beidh an cluiche is suimiúla i gCrois Mhic Lionnáin an deireadh seachtaine seo. Táimid ag suil le coimhlint ghéar idir dhá fhoireann de mhór-uaisle an tuaiscirt - Ard Mhacha, agus léasadh ceart faighte acu ó Mhuineachán, ag tabhairt aghaidhe ar Dhún na nGall agus iad sa dara háit i gcoinne Chontae an Dúin le déanaí.

Pé rud eile a tharlaíonn sa chluiche seo tá súil agam go mbeidh an réiteoir gann leis na cártaí buí le haghaidh rudaí beaga. Tá an dainséar ann go loitfear na cluichí iontacha atá againn le rialacha, oifigigh agus réiteoirí atá ag dul thar fóir ar fad le mionrudaí.

Is trua go mbeidh ceann de na foirne seo ag imeacht an Satharn seo, ach beidh, agus is dóigh liom gur stócaigh Thír Chonaill a bheidh ag fágáil an stáitse.

Beidh cluiche suimiúil freisin idir Cill Mhantáin agus an Cabhán. Deir Mick O'Dwyer go mbeidh deireadh leis mar bhainisteoir má chailleann siad an cluiche seo ach is dócha go mbeidh deireadh seachtaine eile aige.

Thíos i Staid Semple ba cheart go mbeadh dianchoimhlint idir Tiobraid Árann agus Laois, agus leis an mborradh iontach atá faoi fhoireann na Mumhan, b'fhéidir go mbeidh an lá leo. Bhí cuma an-lag ar Cheatharlach ina gcéad chluiche i gcoinne Chill Mhantáin. Ní dóigh liom go bhfuil mórán seans acu i gcoinne Dhoire.

Mar sin deireadh seachtaine spéisiúil peile amach romhainn.

Beir bua.

**Bhí foireann an Chláir ar fheabhas sa chomórtas sraithe ach ní rabhadar láidir go leor do Phort Láirge sa chéad chluiche craoibhe. Dá mbeifeá ag féachaint ar an gcluiche seo ó thaobh traidisiúin de bheifeá ag rá go mbuafadh Uíbh Fhailí orthu an deireadh seachtaine seo. Ach tá a dtríoblóidí féin ag an bhfoireann lár tíre. Bhíodar go hainnis i gcoinne na Mí sa chéad chluiche.**

## SÚIL AR AN LIATHRÓID

### An Satharn 26ú Meitheamh

**Craobh Iomána Laighean – An Cluiche Leathcheannais (Athimirt)**

### Gaillimh V Uíbh Fhailí

Portlaoise @ 7.00i.n.

Craolfar an athimirt seo beo ar RTÉ.ie Dé Sathairn, chun deis a thabhairt do dhaoine ar fud an domhain breathnú air. Bhí iontas ar go leor daoine nuair a d'éirigh le foireann Uíbh Fhailí comhscór a fháil in aghaidh iománaithe na Gaillimhe agus beidh muintir Uíbh Fhailí díomách nár éirigh leo an bua a bhaint amach Dé Domhnaigh i gceann de na cluichí is fearr go dtí seo sa chraobh. Fuair imreoir Uíbh Fhailí, Daniel Currams, cárta dearg an lá cheana agus ní bheidh sé ar fáil don athimirt. Ní bheidh Derek Molloy ag imirt ach an oiread de dheasca gortaithe, agus is cinnte gur cúis imní é sin don fhoireann. Beidh Gaillimh réidh anois do dhúshlán Uíbh Fhailí agus is cinnte nach mbeidh sé éasca an ceann is fearr a fháil orthu an babhta seo. Mar sin féin, tá gach seans ag Uíbh Fhailí an cluiche a bhaint an uair seo. Bua: Gaillimh

### An Domhnach 27ú Meitheamh

**Craobh Peile Chonnacht – An Cluiche Leathcheannais**

### Gaillimh V Sligeach

Páirc an Phiarsaigh @ 2.00i.n.


Beidh muintir Shligigh ag dúil go mór leis an gcluiche seo agus beidh siad ag súil go n-éireoidh lena bhfoireann cluiche mór eile a imirt cosúil leis an gceann in éadan Mhaigh Eo. D'éirigh leo dul chomh fada le Craobh Chonnacht anuraidh ach chailleadar in aghaidh na Gaillimhe mar gheall ar chúl ó Sheán Armstrong sa nóiméad deireanach. Beidh tionchar mór ag Charlie Harrison ar an gcluiche agus má bhíonn foireann Kevin Walsh chomh muiníneach agus díograiseach céanna is a bhíodar go dtí seo, éireoidh go maith leo. Tá amhras ann an mbeidh Michael Meehan in ann imirt do na Gaillimhigh agus mura mbíonn, beidh siad i bhfad níos laige. Bhí imní an domhain ar lucht leanúna na Gaillimhe nuair a d'imir siad in aghaidh Nua Eabhrac, ach ar deireadh d'éirigh leo an bua a fháil le seacht bpointe. Bhuaigh Sligeach ar Mhaigh Eo le ceithre phointe sna cluichí ceathrú ceannais, agus seasfaidh an taithí sin leo sa chluiche seo. Tá sé in am ag an mbainisteoir Joe Kernan cic sa tóin a thabhairt d'fhoireann na Gaillimhe agus beidh le feiceáil céard a tharlóidh má chuirtear beagán brú ar na himreoirí. Bua: Sligeach

**Craobh Peile Laighean – Na Cluichí Leathcheannais**

### Baile Átha Cliath V An Mhí

Páirc an Chrócaigh @ 2.00i.n.

Seo an 59ú huair ag an Mí agus BÁC imirt in aghaidh a chéile sa chraobh, ag dul siar go 1894 nuair a d'imir siad in éadan a chéile don chéad uair. Comhscór a bhí ann an lá sin. Bhí an bua ag Baile Átha Cliath ar an Mí ceithre huaire as an cúig chluiche dheireanacha agus bhí comhscór amháin eatarthu. Mar sin beidh an Mhí ag lorg a gcéad bhua in aghaidh BÁC ó bhí 2001 ann nuair a bhuaigh siad Craobh Laighean, agus beidh Baile Átha Cliath ar thóir chorn Laighean den séú huair as a chéile. Bhí an bua ag an Mí ar Laois le deich gcúilín Dé Sathairn agus níl aon amhras ach go bhfuil cumas scórála acu agus láidreacht freisin i lár na páirce. Le Kevin Reilly ag caitheamh léine uimhir a trí agus Anthony Moyles san áit is ansa leis ag uimhir a sé, tá an Mhí níos láidre anois ná mar a bhí le tamall. Beidh siad ag tnúth go mór leis an gcath seo in éadan mhuintir na hArdchathrach agus beidh ar fhoireann Bhaile Átha Cliath dul i bhfeabhas go mór má tá siad le dul chomh fada le cluiche craoibhe Laighean arís i mbliana. Beidh an buaiteoir ag imirt in aghaidh Lú nó na hIarmhí sa chraobh ar 11ú Iúil. Bua: Baile Átha Cliath



Anthony Moyles ag imirt do Chontae na Mí i gcluiche ceathrú ceannais Laighean. Beidh tionchar mór aige ar an gcluiche in éadan Átha Cliath Dé Domhnaigh.

### Lú V An Iarmhí

Páirc an Chrócaigh @ 5.50i.n.

Tá naoi mbliana ann ó bhuail an dá fhoireann seo le chéile sa chraobh, nuair a d'imríodar in éadan a chéile sna babhtaí cáilithe in 2001. Bhuaigh foireann na hIarmhí ar Lú le cúl an uair sin. Tá sé bliana déag ann ó d'imir siad in aghaidh a chéile i gCraobh Peile Laighean, agus ba é Lú a bhuaigh an cluiche sin i 1983 agus an dá chluiche roimhe sin i gCraobh Laighean freisin. Tá an Iarmhí ag iarraidh cluiche ceannais Chraobh Laighean a shroichint den chéad uair ó 2004, nuair a bhuaigh siad den chéad uair riamh é. Níl áit bainte amach ag Lú i gcluiche ceannais Chraobh Laighean ó bhí 1960 ann, caoga bliain ó shin. I mbliana, bhí an bua acu ar Longfort sa chéad bhabhta den chraobh agus chuireadar iontas ar dhaoine nuair a chloígh siad foireann Chill Dara le sé phointe sna cluichí ceathrú ceannais. Tá sé deacair an cluiche seo a thuar ach cibé foireann a bhuafaidh, beidh dúshlán rompu sa chraobh agus Baile Átha Cliath nó an Mhí ag fanacht leo. Bua: Lú

**Craobh Peile Uladh – An Cluiche Leathcheannais**

### Fear Manach V Muineachán

Páirc Bhréifne @ 3.30i.n.

Cibé foireann a bhuann an cluiche seo, beidh sé suimiúil iad a fheiceáil ag imirt sa chraobh in éadan Thír Eoghain ar 18ú Iúil, mar le blianta beaga anuas tá sé de nós ag Muineachán agus Fear Manach iontas a chur ar na foirne móra le rá. Níor bhuaigh Fear Manach Craobh Uladh riamh agus níor éirigh le Muineachán é a bhuachaint ó bhí 1988 ann. Tá Craobh Uladh buaite acu trí huaire déag agus beidh siad ag súil le cur leis an staitistic sin i mbliana. An uair dheireanach gur imir Fear Manach agus Muineachán i gcoinne a chéile i gCraobh Uladh ná in 2008 nuair a bhuaigh Fear Manach sa chluiche ceathrú ceannais. Fuair Ciarán McElroy agus Liam McBarron cúl an duine an lá sin. Tá Fear Manach i ndiaidh an bua a fháil ar Mhuineachán i gceithre chluiche as cúig cinn i gCraobh Uladh le blianta beaga anuas. Bunaithe ar na cluichí is deireanaí a imríodh, áfach, tá Muineachán rud beag níos láidre ná Fear Manach agus d'imir siad go hiontach in aghaidh Ard Mhacha sa chluiche ceathrú ceannais, ag buachaint le 1-18 in aghaidh 0-09. Bua: Muineachán

# Sé chontae dhéag ag imirt sna babhtaí cáilithe peile

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ deireadh seachtaine mór os comhair sé chontae dhéag agus iad go léir ag iarraidh teacht trí bhabhtaí cáilithe peile an Chumainn Lúthchleas Gael. Imreofar na hocht gcluiche de na chéad bhabhtaí cáilithe Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh agus beidh foirne ó cheithre roinn na sraithe san áireamh ann. Is dócha gurb é an cluiche is mó ó na babhtaí cáilithe a bhfuil daoine ag caint air ná an cluiche idir Dún na nGall agus Ard Mhacha, ach tá cúpla cluiche eile a bheidh iontach suimiúil ar fad.

Tá cuid de na cluichí seo a bheidh an-ghar agus atá deacair a thuar, cosúil leis an gcluiche idir Aontroim agus Cill Dara. Cé go mbeidh an cluiche seo ar siúl sa Droichead Nua, tá an-seans ag Aontroim. Le tamall anuas, tá feabhas ollmhór tagtha ar pheileadóirí Aontroma agus go deimhin d'éirigh leo dul chomh fada le cluiche ceannais Uladh anuraidh. Bhí an bua ag Tír Eoghain orthu an uair sin agus Ciarraí níos déanaí ach ar ndóigh chuaigh foireann Chiarraí ar aghaidh chun Craobh na hÉireann a bhaint. I mbliana, bhí an bua ag Tír Eoghain orthu ach thugadar dúshlán mór dóibh agus tá roinnt tosaithe an-láidre acu. Cuireann siad a lán imreoirí taobh thiar den liathróid agus tá Cill Dara an-lag sna cúlaithe de réir dealraimh.

Cuireann sé seo iontas ar dhaoine go háirithe mar go bhfuil Kieran Mc Geeney mar bhainsteoir na foirne agus bhí sé féin ina chosantóir iontach maith le hArd Mhacha. Tá Alan Smith, duine de na himreoirí is fearr atá ag Cill Dara, gortaithe faoi láthair agus cúis imní atá ansin dóibh. Fuair Dermot Earley (Sr) bás Dé Céadaoin i ndiaidh tinnis fhada.




Peileadóirí na hIarmhí ag ceiliúradh a mbua in aghaidh Chill Mhantáin i gcluiche ceathrú ceannais Laighean sa Tulach Mhór, agus Darren Hayden, imreoir Chill Mhantáin, ina luí ar an talamh. Beidh sé féin agus a fhoireann ag súil leis an mbua a fháil in aghaidh an Chabháin ag an deireadh seachtaine. PIC: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

Bhíodh sé ina imreoir lár páirce agus ina bhainisteoir ar fhoireann peile Ros Comáin agus bhí an-mheas air ar fud an chontae agus go deimhin ar fud na tíre. Beidh tionchar ag a bhás ar go leor ball den Chumann Lúthchleas Gael, agus ar ndóigh, ar a mhac, Dermot Earley, imreoir peile le Cill Dara. Beidh le feiceáil an mbeidh Dermot in ann tabhairt faoin gcluiche ach má thugann, chuirfinn geall leis go gcuirfidh sé a chroí is a anam isteach ann.

Má imríonn Cill Dara chomh maith agus is féidir leo in aghaidh na hAontroma b'fhéidir go mbuafaidh siad an cluiche, ach bheadh orthu feabhsú go mór. Gach seans nach mbeidh ach cic den liathróid ann ar deireadh agus má tá duine amháin le difríocht a dhéanamh sa chluiche, sin Paddy Cunningham, captaen Aontroma, agus imreoir den scoth.




Paddy Cunningham, Captaen Aontroma, ag imirt in éadan foireann Thír Eoghain i gCluichí Ceathrú Ceannais Uladh i bPáirc Mhic Easmainn. Beidh tionchar mhór ag an imreoir óg seo ar an gcluiche in éadan Chill Dara Dé Domhnaigh. PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE

Níl mórán de dhúshlán roimh Dhoire agus iad ag imirt in aghaidh Cheatharlach. Tá tosaithe iontacha acu cosúil le Paddy agus Eoin Bradley agus tá siad iontach láidir i lár na páirce le Fergal Doherty ach go háirithe ag imirt thar barr faoi láthair. Imreofar an cluiche i gCeatharlach ach bheadh an-iontas ar dhaoine dá n-éireodh le Ceatharlach an cluiche a bhuachaint. Má bhuann Doire, d'fhéadfadh siad dul chomh fada le cluichí ceathrú ceannais na hÉireann nó níos faide fiú. Le Enda Muldoon ag imirt arís i ndiaidh dó bheith gortaithe, táthar an-láidir ar fad i mbliana.

Beidh Cill Mhantáin agus an Cabhán ag imirt freisin. Bhí Cill Mhantáin an-mhaith sna babhtaí cáilithe anuraidh. D'imir siad sa bhaile san Inbhear Mór go minic áfach agus beidh an cluiche seo ar siúl sa Chabhán Dé Sathairn. Mar sin féin, ba cheart go n-éireodh le Cill Mhantáin teacht tríd an babhta seo. Imreoidh na hocht mbuaiteoir ó na cluichí seo in aghaidh caillteoirí na gcluichí leathcheannais ó na cúigí éagsúla ar an 10 Iúil.

**An Satharn 26ú Meitheamh:**
Ard Mhacha V Dún na nGall i gCrois Mhic Lionnáin@3.30i.n.
Ceatharlach V Doire i bPáirc an Chuillinigh @5.00i.n.
Uíbh Fhailí V An Clár sa Tulach Mhór@5.00i.n.
Cill Dara V Aontroim sa Droichead Nua@7.00i.n.
Longfort V Maigh Eo i bPáirc an Phiarsaigh@7.00i.n.
An Cabhán V Cill Mhantáin i bPáirc Bhréifne@7.00i.n.
An Domhnach 27 Meitheamh:
Londain V Loch Garman in Ruislip@2.30i.n.
Tiobraid Árann V Laois i nDurlas Éile@3.30i.n.

# Ag cruthú na staire i gCrois Mhic Lionnáin

## Ard Mhacha v Dún na nGall, Dé Sathairn

Le Seán Ó Curraighín

CRUTHÓFAR píosa staire amárach nuair a rachaidh Ard Mhacha i mbun caide le Dún na nGall i gcéad bhabhta cáilithe na Craoibhe i bPáirc Naomh Oilibhéar Pluincéad, Crois Mhic Lionnáin. Is é an chéad uair go mbeidh cluiche craoibhe á imirt i gcroílár bhaile peile Ard Mhacha. Is é an chéad chluiche baile a bheidh acu sa chraobh le cúig bliana déag anuas.

Ach, is é sin deireadh leis an bhéaloideas mar go bhfuil an dá fhoireann Ultacha ar riocht a gCraiobhe is measa le fada an lá má theipeann orthu amárach. Ag labhairt le Gaelscéal dúirt Joe Jordan, Iar-Chathaoirleach CLG Ard Mhacha, go bhfuil siad dóchasach ag druidim leis an chluiche, in ainneoin an tsléachta a rinne Muineachán orthu i gCraobh Uladh roinnt seachtainí ó shin.

Deir Joe nach bhfuil sé in ann an sléacht a rinneadh orthu a thuiscint. "Bhí sé ar nós '95 i gcoinne Dhoire nuair a fuair muid lascadh. Thosaigh muid go maith ach thit gach rud as a chéile." Beidh Ard Mhacha gan roinnt dá gcuid imreoirí móra don Satharn, ina measc, Brian Mallon le fionraí ceithre seachtaine agus Ronan Clarke atá gortaithe. Is cúis imní iad gortuithe Finian Moriarty agus Kevin Anderson go fóill.

Ceapann sé, cíbe a tharlóidh Dé Sathairn, go bhfuil obair mhaith á déanamh ag Paddy O'Rourke. "Bhí cúrsaí sa chontae idir dhá cheann na meá tar éis gach rud a tharla le Paul Grimes. Theastaigh uainn fear a thógáil isteach nach mbeadh dóigh ar bith bainteach leis an aighneas. Bhí aithne mhaith ag Paddy ar chuid de na himreoirí roimhe seo. Tá meas acu air."

Tá Ard Mhaca breá cleachta le buachan ar na Conallaigh sa Chraobh. Fuair siad an ceann is fearr orthu gach bliain idir 2002 go 2006 chomh maith le sléacht a dhéanamh orthu sa tSraith i Leitir Ceanainn chun ardú céime a bhaint amach go Roinn 1.

Bua aonarach ag na Conallaigh in 2007. Tá Joe ag súil le cath dian ó na Conallaigh agus iad ar thóir díoltais tar éis an méid a tharla i Leitir Ceanainn san Earrach.

Tá an tIar-Chathaoirleach ag glacadh leis nach féidir a bheith ag súil go mbuafaidh an fhoireann Craobh na hÉireann i mbliana. "Próiseas tógála atá ar siúl faoi láthair.

Glacfaidh sé cúig nó sé bliana chun go dtiocfaidh rath ar an fhoireann mhionúir a bhuaigh Craobh na hÉireann anuraidh. Dá n-éireodh linn cluiche ceathrú ceannais na hÉireann a bhaint amach i mbliana bheadh dul chun cinn maith á dhéanamh againn."

SPÓRT
Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**
Gaelscéal
25.06.2010

# Bua stairiúil ag McDowell






**Le Páidí Ó Lionáird**

AN raibh tú i measc na milliún a d'fhan ina suí fud fad na cruinne ag faire ar chlabhsúr Chomórtas Oscailte Gailf Mheiriceá? Ar ndóigh, inseofar scéalta faoi bhua Graeme McDowell ar uaisle an ghailf ar chúrsa diamhair Pebble Beach ar chósta an Aigéin Chiúin i gCalifornia maidin Dé Luain seo caite. Bhíos féin ina measc siúd a d'fhan ina suí agus a chonaic gach cor, gach buille agus gach casadh de réir mar a bhíodar ag titim amach. Bhí sé go hiontach bheith ag faire ar gach cor a bhaineann leis an ngnáthdhuine ag fáil an ceann is fearr ar a gcuirtear os a chomhair. Bhí sé dochreidte, mothúchánach, deacair a mhíniú go dtí go raibh sé ar fad thart. Agus tá éagsúlacht cúiseanna leis sin.

Ar an gcéad dul síos, buaíodh an comórtas le scór réasúnta daonna - é cothrom le par, scór a d'fhéadfadh fiú amháin an t-imreoir a bhfuil cis ard air a bhaint amach ar chorrpholl ar a chúrsa áitiúil féin. Bhí sé nádúrtha. Bhí an trí bhabhta roimh an Domhnach feicthe agam freisin, an pléisiúr agus an pian. Chonaic mé McDowell chun tosaigh i lár an lae Dé Sathairn agus é ag críochnú trí bhuille taobh thiar de Dustin Johnson , fear a bhuaigh faoi dhó in Pebble Beach agus a bhfuil sé ráite faoi gurb speisialtóir ar an gcúrsa é.

Fós, trí bhuille chun cúil ar chúrsa a bhí santach le haon scór faoi bhun par a ghéilleadh, ba mhór an gaisce a bhíothas ag iarraidh air a dhéanamh. Ní raibh gá leis an imní áfach. Bhuail Johnson bógaí triarach ar an dara poll, scór a d'fhág cothrom iad. Bhuail sé bógaí dúbailte ar an tríú poll, rud a chuir McDowell chun cinn. Ó sin ar aghaidh, bhí air bheith cúramach faoina chluiche féin, gan aon aird a thabhairt ar a chomhghleacaí nó ar chláir na scór mórthimpeall an chúrsa mar bhí imreoirí eile ann a tháinig i ngiorracht dó i gcaitheamh an lae, imreoirí a raibh taithí agus boladh buacach sméar mhullaigh na n-ollchraobh ina bpollairí acu - Ernie Els, Tiger Woods agus Phil Mickelson ina measc. Ba chuma, mar bhí fear Phort Rois in ann dóibh agus bhuaigh sé a chéad ollchraobh le farasbarr de bhuille amháin. Ba iad na scóranna a fuair sé ar an gceithre lá 71, 68, 71, 74 - cothrom le par. B'fhiú an €1 a chur síos gach aon taobh mar a dúirt mé an tseachtain seo caite. Beidh sé sa bhaile an deireadh seachtaine seo ag ceiliúradh - déanaimis ceiliúradh ina theannta agus bímis ag súil leis an gcomórtas oscailte ag St Andrews !